www.gaelsceal.ie

Forlíonadh 8 leathanach saor in aisce! - nós*

Comórtas Peile na Gaeltachta 2011

L. 44 & 45

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 21

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

27.05.2011

ÁIS ag fáil bháis

Easpa foirne, easpa áiseanna, easpa éifeachtúlachta ag ÁIS, dáileoir na leabhar Gaeilge

Meadhbh Ní Eadhra

BHUNAIGH Bord na Gaeilge Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (ÁIS) in 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

31 bliain ar aghaidh, tá Áis, a bhfuil sé de dhualgas orthu leabhair Ghaeilge a dháileadh ar fud na hÉireann, 'imithe ar cúl' agus ag titim óna chéile, dar le hoibrí Áis, Pádraig Ó Flatharta, agus mórán foilsitheoirí, siopaí leabhar agus scríbhneoirí.

Tá cúraimí Bhord na Gaeilge maidir le hÁIS aistrithe go dtí Foras na Gaeilge ó 1999 ar aghaidh. Is cosúil go bhfuil an-chuid fadhbanna ann le hÁIS le tamall maith de bhlianta, agus tá géarchéim foirne ann, i measc rudaí eile.

Tá tuairisc athbhreithnithe ar ÁIS, seirbhís chun soláthar leabhar Gaeilge a chinntiú ar an mhargadh, faofa ag Bord Fhoras na Gaeilge agus tá sé le dul os comhair Roinne na Gaeltachta go luath.

Níl suíomh idirlín ag ÁIS, mar sin de, ní féidir bunachar leabhair Ghaeilge a fheiceáil ar ná leabhair a ordú de réir mar is mian leat.

"Níl an fhoireann ag ÁIS chun suíomh idirlín a rith," a deir Breandán Mac Craith ó Fhoras na Gaeilge.

"Aithníonn muid go bhfuil deacrachtaí ó thaobh foirne de in ÁIS, agus sin an fáth go bhfuil tuairisc le cur faoi bhráid na Roinne go luath."

Dar le Pádraig Ó Flatharta, atá ag obair le hÁIS ó bunaíodh é, tá "fadhb mhór mhillteach ann" mar go bhfuil easpa foirne, easpa infheistíochta agus easpa tacaíochta ann dóibh. Deir sé nach bhfuil ach beirt fostaithe go lánaimseartha le hÁIS, chomh maith le duine amháin atá ag obair leo go sealadach, agus tá sé de dhualgas ar Phádraig féin leabhair Ghaeilge a dháileadh ar fud an 32 contae, rud a chuireann an-bhrú air agus a chuireann an-fhrustrachas ar fhoilsitheoirí, scríbhneoirí, siopaí leabhar agus, ar ndóigh, na léitheoirí atá ag iarraidh leabhair Ghaeilge a cheannach.

I mí Eanáir 2011, chuaigh bainisteoir ÁIS amuigh ar pinsean, agus tamall gairid ina dhiaidh sin, chuaigh an fear stórais amuigh ar pinsean freisin.

Ar lean ar leathanach 5

Cúrsa Nua Seolta ag Réalt TG4

Láithreoir cáiliúil TG4, Eimear Ní Chonaola, ag seoladh céim nua pháirtaimseartha sa Ghaeilge Fheidhmeach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu. Tá an chéim seo, atá dírithe ar fhoghlaimeoirí lánfhásta, á tairiscint i gcomhpháirt le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Labhraíonn Eimear go heisiach le Gaelscéal an tseachtain seo faoina saol oibre agus pearsanta agus cad atá i ndán di amach anseo.

Baol Ciorruithe Pá ann do 200,000 Oibrí

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ moltaí á bplé ag an rialtas faoi láthair a bhféadfadh go mbeadh mar thoradh orthu ciorruithe pá d'os cionn 200,000 duine atá ag obair in óstáin, i mbialanna agus in earnálacha eile.

Tá an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton, i ndiaidh rabhadh a thabhairt go mbeidh ar oibrithe atá ar phá íseal dul ar an dól má tharlaíonn tuilleadh ciorruithe pá in earnáil an fháilteachais agus in earnáil an mhiondíola.

Dúirt sí seo i ndiaidh don Aire Fiontar, Richard Bruton, moltaí a fhoilsiú mar chuid den mhionscrúdú atá á dhéanamh ar an gcóras a shocraíonn na téarmaí agus coinníollacha sna hearnálacha seo, earnálacha ina bhfuil 200,000 duine fostaithe.

Faoi na moltaí seo, cuirfear teorainn ar ragobair agus caillfidh na hoibrithe an ceart dleathach atá acu ar íocaíochtaí speisialta ar an Domhnach.

Ní scriosfar stoic na bolgaí (smallpox) go fóill

Treasa Bhreathnach

Tá cinneadh déanta ag na Náisiúin Aontaithe nach ndéanfar scrios go ceann trí bliana eile ar shamplaí den víreas bolgach (smallpox) atá i stóras i saotharlanna sa Rúis agus sna Stáit Aontaithe.

Is é seo an cúigiú huair a cuireadh moill ar an bplean chun stoic den víreas a scriosadh ó 1996.

Chas oifigí sláinte ó 192 tír le chéile an tseachtain seo caite ag an 64ú Tionól Sláinte Domhanda, agus iad ag déanamh plé ar roinnt ceisteanna sláinte, scriosadh an víris bolgach ina measc.

Ar lean ar leathanach 2

RÉIGIÚNACH 8
I measc an phobail 14
TUAIRIMÍ 15
LÉARGAS 21
COMHSHAOL 23
GNÓ 24
BEATHA 26
OIDEACHAS 30
NUACHT NA nÓG 32
SPÓRT 36

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

An tríú 'Mary' in Áras an Uachtaráin?

Treasa Bhreathnach

DHEIMHNIGH Mary Davis, príomhoifigeach na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, inné go bhfuil sé i gceist aici rith don oifig is airde sa tír, oifig an Uachtaráin.

Sheol sí a feachtas uachtaránachta inné agus í ag rá go bhfuil sí ag iarraidh a bheith ina hUachtarán phraiticiúil do mhuintir na hÉireann. Dúirt sí chomh maith nach polaiteoir í sa stíl thraidisiúnta ach go bhfuil sí tar éis, 'taispeáint cén chaoi le féidearthachtaí nua a thabhairt isteach i saol na ndaoine'. Deir sí chomh maith, "Teastaíonn tacadóir láidir ó Éirinn go hidirnáisiúnta, mar go bhfuil scéal láidir ag Éirinn le hinsint; in Washington, sa Bhruiséil, i Londain, i bPáras, i mBeirlín. Ní raibh sé riamh chomh tábhachtach a chinntiú go bhfuil glór na tíre á chloisteáil acu siúd a bhfuil tionchar acu, ní raibh sé riamh chomh tábhachtach Uachtarán a bheith againn ar féidir léi nó leis an scéal réalaíoch d'Éirinn a thabhairt don domhan mór."

Is é an aithne is mó atá ar Mary Davis ná a baint leis na Cluichí Oilimpeacha Speisialta a thabhairt go hÉirinn in 2003 agus a tréimhse mar phríomhfheidhmeannach ar Chluichí Oilimpeacha Speisialta na hEorpa agus na hEoráise ó shin i leith. Tá sí mar bhall den Chomhairle Stáit chomh maith, agus ba í an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa a cheap í in 2004.

Tá sí tar éis scríobh chuig gach uile údarás áitiúil sa tír agus í ag lorg a dtacaíochta d'ainmniúchán. Beidh tacaíocht scór ball den Oireachtas ag teastáil uaithi nó ceithre údarás áitiúla chun a háit ar an bpáipéar bailéid a ghlacadh. Tá sé i gceist ag Mary Davis rith mar iarrthóir neamhspleách sa toghchán uachtaránachta seo. Ma bhaineann sí amach oifig an Uachtaráin beidh uachtarán leis an ainm 'Mary' againn le 28 bliain .

I láthair na huaire tá triúr a dheimhnigh go bhfuil suim acu a bheith ina n-iarrthóir do Pháirtí an Lucht Oibre - Fergus Finlay, Micheál D. Ó hUigín, agus an t-iarsheanadóir Kathleen O'Meara. Déanfaidh an páirtí a n-iarrthóir a roghnú ar an 19 Meitheamh.

Níl aon chinneadh déanta ag Fianna Fáil an roghnóidh siad iarrthóir agus tá súil go roghnóidh Fine Gael iarrthóir go luath. Is iad Seán Gallagher agus David Norris na hiarrthóirí neamhspleácha eile a léirigh a suim san oifig le tamall anuas.

Mary Davis

Tá Cairde Teo as Ard Mhacha tar éis mórchlár a choimisiúnú chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa chathair. Sa phictiúr. tá Fionnóla agus Áine Ní Mhealláin as Macha, an grúpa Gaeilge atá ag Píobairí Ard Mhacha in éineacht le Seán Ó Maoilsté, Oifigeach Forbartha Gaeilge le CAIRDE Teo ag seoladh na mórchlár seo.

Ní scriosfar stoic na bolgaí (smallpox) go fóill

Ar lean ó leathanach a hoan

Bhí roinnt tíortha amhrasach go mbeadh daoine/tíortha áirithe in ann an víreas a úsáid mar chuid d'fheachtas cogaíochta bitheolaíochta agus ba é sin an fáth go raibh siad ag iarraidh scrios a dhéanamh ar an víreas.

Ba é seasamh na Stát Aontaithe ná gur cheart na stoic a choinneáil le húsáid do thaighde in aghaidh an ghalair nach bhfuil feicthe taobh amuigh de shaotharlann le hos cionn 30 bliain anuas.

Ba iad an Iaráin an tír ba ghlórmhaire i gcoinne na Stát Aontaithe agus i bhfabhar stoic an víris a choinneáil, mar gheall go ndeir siad nach féidir leis an WHO a bheith cinnte nach bhfuil stoic ag aon tír eile.

Ceaptar go bhfuil a stoic féin ag an Chóiré Theas den víreas variola, a bhfuil an bholgach mar thoradh air.

Bhí an bholgach freagrach as bás os cionn leathbhilliún duine san 20ú haois. Beidh plé á dhéanamh ar an gcinneadh, sin stoic an víris a choinneáil nó a scriosadh, i mí na Bealtaine 2014.

Gaeilgeoir le bheith ina Ard-Mhéara ar Bhéal Feirste?

Ciarán Dunbar

AGUS Gaelscéal ag dul i gcló tuigeadh dúinn go raibh gach seans ann go dtoghfaí an Gaeilgeoir aitheanta, Niall Ó Donnghaile, mar Ard-Mhéara ar Bhéal Feirste san oíche aréir.

Ba é an t-aon dóigh nach dtarlódh sé sin ná dá n-éireodh leis an DUP dhá chomhairleoir neamhspleácha a earcú chun go mbeadh siad féin ar an pháirtí is mó sa chathair.

Socraíodh ag cruinniú teasaí Dé Máirt rialacha a bhaineann le poist na comhairle, ar nós an ard-mhéara, a dháileadh de réir an chórais D'Hont - an córas céanna a mbaintear úsáid as i dTionól Stormont.

Mar sin de, beidh an chéad rogha ag an pháirtí is mó seachas an 'grúpa' is mó - sa chás seo sin Sinn Féin le 16 suíochán.

Is iar-dhalta de chuid Mheánscoil Feirste, nó Coláiste Feirste mar atá anois ar an scoil, é an tUasal Ó Donnghaile. Beidh sé 26 bhliain d'aois Dé Sathairn.

Toghadh mar chomhairleoir é don bharda 'Pottinger', ina bhfuil a cheantar dúchais, an Tráigh Ghearr in Oirthear Bhéal Feirste.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Oifig na Gaillimhe :
00353-91-536201

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

An chéad chruinniú dár 24ú Seanad

Ach an mbeidh 25ú Seanad ann ar chor ar bith?

Treasa Bhreathnach

CHAS an 24ú Seanad le chéile den chéad uair Dé Céadaoin na seachtaine seo agus thogh siad Paddy Burke (FG) mar chathaoirleach ar an Seanad.

Thug an Seanadóir David Norris, mar an seanadóir is faide ag suí sa teach, an óráid oscailte.

"Cosúil leis an Arm," a dúirt sé, "ba cheart don Seanad a bheith atheagraithe, druileáilte agus smachta, agus muid féin a choinneáil réitithe, in intinn agus corp, don choimhlint atá amach os ár gcomhair."

Labhair na Seanadóirí éagsúla ar feadh beagnach dhá uair an chloig, Seanadóirí le taithí, iad siúd díreach isteach an doras, baill de pháirtí agus ainmniúcháin neamhspleácha an Taoisigh.

Dúirt an Seanadóir David Cullinane (SF) go ndearna an Taoiseach 'faillí' gan duine éigin ón bpobal Aontachtach ó thuaidh a ainmniú i measc a chuid ainmniúcháin Seanaid.

Mar fhreagra air sin, dúirt an Seanadóir Jim Darcy, duine d'ainmniúcháin an Taoisigh, gurbh fhéidir gur smaoineamh maith a bheadh ann Helen McKendry a ainmniú - Is iníon Helen le Jean McConville ó Bhéal Feirste ar mharaigh an IRA í in 1972.

D'ainmnigh an Taoiseach a aon ainmniúchán déag an tseachtain seo caite, agus éagsúlacht mhór daoine san áireamh nach raibh baint acu le Fine Gael. Ina measc tá fear céile an Uachtaráin Máire Mhic Ghiolla Íosa, an Dr Martin Mac Giolla Íosa, an lúthchleasaí Eamonn Coughlan, stiúrthóir ealaíon Amharclann na Mainistreach Fiach Mac Conghaile, agus Aideen Hayden, cathaoirleach ar *Threshold*.

D'fhógair an Taoiseach Enda Kenny inné go bhfuil sé fós d'aidhm aige reifreann ar thodhchaí an tSeanaid a ghlaoch an bhliain seo chugainn. Caithfidh ár Seanadóirí úra anois a gcás a dhéanamh d'athchóiriú an tSeanaid in áit fáil réidh leis. Bhí an teachtaireacht chéanna ag teacht uaidh a lán acu, gur cuid den phost atá acu anois ná fianaise a thabhairt don phobal gur fiú an Seanad a athchóiriú in áit fáil réidh leis.

Dar leis an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh (SF), "Caithfear gníomhartha dearfacha a ghlacadh le fís fhadradharcach ar bith a shaolú agus is fúinne atá sé ár bhfís chomhaontaithe a chur í gcrích." Ní hé seo an chéad uair a rinneadh plé ar athchóiriú an tSeanaid, le 80 bliain anuas bhí 12 tuarascáil ar athchóiriú ar nithe éagsúla sa Seanad. Casfaidh an Seanad le chéile arís ar an gCéadaoin seo chugainn, 1 Meitheamh.

Ná dearmad an diaspóra ar an gcúlshráid a deir 'Slán Abhaile'

Máirtín Ó Catháin

NÍ mór cuimhneamh go bhfuil diaspóra Éireannach ann atá ar an gcúlshráid agus go bhfuil caint mhór ar stair agus ceangal domhanda na tíre seo de bharr cuairteanna na Banríona Eilís agus an Uachtaráin Obama.

Sin é a dúirt Máirín Ní Uiginn, an stiúrthóir ar an gclár Slán Abhaile atá lonnaíthe in iarthar Mhaigh Eo.

Deich mbliana ó shin a bunaíodh an clár Slán Abhaile agus é mar aidhm aige deis a thabhairt d'Éireannaigh thar lear atá ag teannadh amach sna blianta teacht abhaile.

Cuireann an Rialtas €250,000 sa mbliain ar fáil ar mhaithe le hobair na heagraíochta agus faightear formhór na dtithe i scéimeanna atá tógtha faoi choimirce na Roinne Comhshaoil in áiteacha ar fud na tíre.

Imirceoirí a d'imigh sna 1940aidí, sna 1950aidí agus sna 1960aidi is ea a bhformhór siúd atá i gceist. Tháinig 1300 acu abhaile chun cónaí i dtithiocht shóisialta in Éirinn sna blianta ó shin faoi scáth an chláir Slán Abhaile, a bhformhór as Sasana.

"Shaothraigh go leor de na himirceoirí an saol," arsa Máirín Ní Uiginn. "Ní raibh mórán scoile orthu agus ba é an chéad dualgas a bhí orthu ná cuidiú leis an mbaile. Chuireadar cuimse airgid abhaile go hÉirinn. Níor éirigh go geal le cuid acu sa saol ina dhiaidh sin agus theastaigh uainne san eagraíocht seo go dtabharfadh muid deis dóibh filleadh."

Tarraingíodh aird ar leith ar chás na n-imirceoirí seo roinnt blianta ó shin nuair a chuaigh Ard-Easpag Thuama, an Dr Micheál Ó Néaraigh, anonn le staidéar a dhéanamh ar an gcruachás a bhí ann. Bhí drochlóistín ag go leor de na hÉireannaigh seo agus drochbhealach maireachtála acu - cuid acu gan dídean buan ar bith. Bhí cuid acu nár tháinig abhaile riamh ó d'imigh siad agus cuid acu a raibh náire orthu filleadh abhaile mar gur shíl siad gur chlis orthu sa saol.

Dhírigh an clár Slán Abhaile ar na daoine sin - agus ar Éireannaigh eile a bhí ina gcónaí i dtithe údarás áitiúil i Sasana go háirithe.

"Muna mbeadh aon bhlas ann ach an méid airgid a chuir na himirceoirí ón nglúin sin abhaile as Meiricea agus Sasana, tá omós ar leith ag dul dóibh," arsa Máirín Ní hUiginn. "Go deimhin, bhí an t-airgead a bhí dá chur abhaile chuig teaghlaigh in Éirinn as tíortha thar lear curtha sna áireamh i meastacháin an Rialtais go dtí 1960."

Coinníodh cuntas ar sheiceanna agus ar orduithe poist a chuaigh tríd an gcóras anseo. "Ach," arsa Máirín Ní Uiginn, "ní rabhdar ag fáil cuntais ach ar chuid bheag den airgead. Cuimhnigh ar na dollaeirí agus na puint a cuireadh anall nach raibh cuntas ar bith ag an Stát orthu."

De réir na gcuntas oifigiúil chur imirceoirí na hÉireann £2.2bn abhaile sa tréimhse idir 1939 agus 1969 - airgead ollmhór san am sin. Mar shampla den téagar a bhí san airgead seo bhí £16m ceaptha le caitheamh ar an oideachas i bPoblacht na hÉireann i 1960. Léiríonn cuntas an Stáit gur chuir imirceoirí £15.5m abhaile an bhliain sin. Ach, mar a dúirt Máirín Ní Uiginn, ní raibh ansin ach na seiceanna agus na horduithe scríofa airgid.

Creideann Máirín Ní Uiginn gur chóir go gcloisfí níos mo faoi na himirceoirí seo ón aimsir a caitheadh agus go dtabharfaí tuilleadh ómóis dóibh. "Tá muid ag caint ar an diaspóra a thabhairt le chéile agus ag cur béime ar an dream acu a bhfuil cumhacht agus airgead acu anois," arsa Máirín. "Tá sin togha ach níor cheart dream na gceathaireachaidí, na gcaogaidí agus na seascaidí a ligean i ndearmad go brách."

Mar a tharlaíonn sé ceapann Máirín Ni Uiginn go dtiocfaidh an lá nuair a bheidh obair na heagraíochta Slán Abhaile déanta. "Tiocfaidh," a deir sí, "mar tá líon na ndaoine a d'imigh san aimsir a caitheadh ag laghdú; tá siad ag fáil níos sine. Chuile sheans nach dteastóidh muide an uair sin."

UCD DUBLIN

UCC
Coláiste na hOllscolie Corcaigh, Éire
University College Cork, Ireland

Cúntóirí Taighde (Páirtaimseartha)

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine a mbeadh spéis acu i bpost mar Chúntóirí Taighde ar staidéar atá ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil faoi conas agus cathain a fhoghlaimíonn gnáthpháistí focail agus gramadach na Gaeilge. Táimid ag lorg daoine atá lonnaithe sna Gaeltachtaí i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht, agus beidh ar na Cúntóirí taisteal chuig teaghlaigh ina gceantair. Obair pháirtaimseartha atá i gceist, idir 3 agus 6 huaire an chloig in aghaidh na seachtaine (ar scála an chúntóra taighde sna hollscoileanna, €17.84/uair) agus íocfar costais taistil suas chuig 30 míle/cuairt. Na daoine a fhostófar beidh orthu na scileanna seo a bheith acu: ardchaighdeán sa Ghaeilge (labhartha agus scríofa); ceadúnas tiomána reatha agus carr (clúdaithe maidir le hárachas srl.); ríomhaire agus taithí le pacáistí ríomhaire mar Word, Excel agus ríomhphost; agus ardscileanna cumarsáide pearsanta.

Tá sé i gceist tús a chur le bailiúcháin na sonraí i mí an Mheithimh 2011 agus leanúint chuig Eanáir 2013. Ní mór d'iarrathóirí foirm iarratais a íoslódáil ó:
http://www.ucd.ie/psychology/TinaHickey/

An spriocdháta le haghaidh iarratas ná 30 Bealtaine 2011 ar 4:30 i.n.

Seol cóip den fhoirm iarratais mar aon le CV chuig an dá sheoladh seo

Dr. Ciara Ní Thuathail,
Roinn na n-Eolaíochtaí Urlabhra agus Éisteachta,
Coláiste na hOllscoile,Corcaigh

Dr. Tina Hickey,
Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na hOllscoile,
Belfield, Baile Átha Cliath 4.

Fiosrúcháin **Dr. Ciara Ní Thuathail c.otoole@ucc.ie. nó 021 4901539**
nó **Dr. Tina Hickey tina.hickey@ucd.ie nó 01 7168432**

"Ní raibh claon-pháirtíocht ann" - ach tá ceisteanna dáiríre le freagairt

Tuarascáil ar dhúnmharú an dlíodóra Rosemary Nelson foilsithe

Anton Mac Cába

NÍL an tuarascáil ón fhiosrúchán poiblí ar dhúnmharú Rosemary Nelson chomh dearfach nach raibh claon-pháirtíocht i gceist.

Foilsíodh an tuarascáil níos mó ná 12 bliain i ndiaidh gur dúnmharaíodh í. Phléasc buama faoina carr ar an Lorgain agus í ag dul chun a cuid oibre mí an Mhárta 1999.

Throid Rosemary cásanna conspóideacha, mar a raibh amhras go raibh claon-pháirtíocht i gceist. Leis, bhí sí ar an Lorgain i dtuaisceart Ard Mhacha. Tá sin ar cheann de na bailte ó thuaidh mar ar nimhní an seicteachas. Bhí paraimílitigh dhílseacha iontach gnóthach ann.

Ba dhuine króga í, a rinne a seacht ndícheall ar son a gcliant. Deir péas sinsearach sa tuarascáil, "*Now, not many - very few solicitors would be standing out on the Garvaghy Road* (i bPort an Dúnáin) *with protesters with their clients*."

Meastar gur san oíche sular maraíodh í a cuireadh an buama faoin charr. Níl míniú ná taifead ceart ar roinnt gnéithe d'imscaradh na bhfórsaí slándála ar an oíche sin. Ina measc, bhí seicphointe airm amach an bóthar ó theach Rosemary an oíche sular maraíodh í. De réir na tuarascála, "*We cannot rule out the possibility that it was in some way connected to the murder of Rosemary Nelson. We consider it unlikely, but, in the absence of an explanation, we cannot eliminate the possibility.*"

Rosemary Nelson

Leis, bhí síp péas agus dhá cheann ón arm sa cheantar. Bhí héileacaptar airm ag eitilt thar an taobh sin den Lorgain chomh maith, gan taifead ceart ar fáil. Dar leis an tuarascáil gur seo "factors which raise serious questions".

Dhearbhaigh an tuarascáil go raibh péas den bharúil gur cuid d'fheachtas an IRA í. Dúirt an Ceannfort ar Bhrainse Speisialta an RUC sa cheantar: "She would have been very much hand in glove with the IRA."

Níos measa, bhí péas sinsearach ag scaipeadh ráflaí faoina saol pearsanta. Ina measc, bhí an príomh-chonstábla, Ronnie Flanagan. Thug seisean '*an immoral woman*' uirthi.

Tar éis an dúnmharaithe, níor thug an Brainse Speisialta faisnéis do bhleachtairí a bhí dá fhiosrú. Bhain seo le comhaltaí den LVF (Forsa Óglach Dílseach), grúpa a scoilt ón UVF nuair a ghlac siad sin le próiseas na síochána.

Ar bhonn pearsanta, thug Rosemary an-tacaíocht dom féin agus mé ag toiseacht mar iriseoir. Thug scéalta dom mar go raibh aithne aici orm le fada. Bhí fhios aici go raibh an obair de dhíth orm go géar. B'shin an saghas duine a bhí inti.

Coiste Cultúrtha Stormont Nua

An mbeidh sé ina bhlár catha don Ghaeilge?

Anton Mac Cába

NÍ fios an scéal maith don Ghaeilge ballraíocht nua Choiste na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta sa Tionól ó thuaidh. Beidh sin ag faire ar obair an Aire, Carál Ní Chuillín ó Shinn Féin. Cinnte, ní bheidh na fadhbanna céanna ag Gaeilgeoirí léi agus a bhí le Nelson McCausland ón DUP, a bhíodh ina Aire.

Ó thaobh na Gaeilge de, níl Barra Mac Giolla Duibh ó Shinn Féin ná Declan O'Loan ón SDLP ar an Choiste nua. Ba iad a bhí mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach air. Tá Mac Giolla Duibh ar Choiste na Roinne Fostaíochta agus Foghlama. Chaill O'Loan a shuíochán.

Is é an Gaeilgeoir is láidre ar an Choiste ná Dominic Ó Brolcháin ón SDLP. Leis, tá Gaeilge líofa ag beirt den triúr Sinn Féiní, Pat Sheehan agus Cathal Ó hOisín. Tá beirt náisiúnaí eile ann. Tá rud beag Gaeilge ag Gerry Kelly ó Shinn Féin. Ní fios an bhfuil ag Karen McKevitt, Comhalta den Tionól Reachtach nua ón SDLP.

Tá na hionadaithe Aontachtacha suntasach. Níl duine ar bith de bheithigh mhóra an DUP ar an Choiste. Ós rud é gur Sinn Féiní í an tAire, tá tromlach ag aontachtaithe ar an choiste. Ach, ó na baill a ceapadh, is léir nach bhfuil rún ag an DUP cogadh cultúrtha a fhearadh.

Is í Michelle McIlveen ón DUP cathaoirleach an Choiste. Is as Baile Nua na hArda ar an Dún di. Tá céim mháistreachta sa pholaitíocht Éireannach ó Ollscoil na Ríona aici, agus suim in Albainis Uladh. Bhíodh sé de nós aici ceisteanna a chur ar airí de chuid an DUP - go mbeadh na freagraí ar leas na nAirí. Tig léi bheith binbeach go maith. Is féidir go n-éireoidh idir í agus an tAire.

Tá William Irwin, feirmeoir déiríochta as Ard Mhacha, ina leas-chathaoirleach. Bhí sé ceithre bliana go dtí seo sa Tionól, gan iomrá ar shuim bheith aige sa chultúr. Ar an bheirt DUPach eile, níor léirigh David Hilditch suim sa chultúr; ní fios faoi Brenda Hale, atá nua-thofa.

Tá beirt ó Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP) ar an Choiste. Michael McGimpsey, iar-Aire Sláinte, an duine aitheanta. "Níl sé naimhdeach, ní rachadh sé as an bhealach le cuidiú leis an Ghaeilge," an bharúil atá ag Gaeilgeoir amháin dá lucht aitheantais. Is é Robin Swann an UUPach eile. Toghadh don Tionól den chéad uair ó Aontroim Thuaidh ag tús na míosa é. Dar le náisiúnaithe, is le heite liobrálach an UUP a sheasann sé.

Scoil Chuimsitheach Chiaráin

An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe

Múinteoir Ag Teastáil

Fáilteofar roimh iarratais do phost ionadaíochta don scoilbhliain 2011/2012

Eacnamaíocht Bhaile (18 uair)
(saoire mháithreachais) le héifeacht ón 29ú Lúnasa, 2011.

Scoil Ghaeltachta í Scoil Chuimsitheach Chiaráin ina ndéantar an teagasc iomlán tré Ghaeilge.

Cáilíochtaí: De réir mheamram na Roinne Oideachais & Scileanna
Tuarastal: De réir mheamram agus scálaí na Roinne Oideachais & Scileanna.

Glacfar le hiarratais ar na foirmeacha oifigiúla atá le fáil uaimse:

Seosamh Mac Donncha,
Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta,
Oifigí an Choiste Gairmoideachais,
Coiléar Bán,
Baile Átha an Rí,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-874535
Ríomhphost: **mnimhainnin@cogalvec.ie**

Is é an dáta deireanach d'iarratais a bheith faighte (sa phost nó trí sheachadadh láimhe amháin) ná roimh 4.00i.n. ar an Mháirt, 31ú Bealtaine, 2011.

Tionólfar agallaimh don phost thuasluaite ar an 10ú Meitheamh, 2011.

Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais ar bith i ndiaidh an spriocdháta, go bhféadfadh gearrliostú a bheith i gceist agus go ndícháileofar éinne a dhéanann canbhasáil.

Is fostóir comhionannais Scoil Chuimsitheach Chiaráin.

ÁIS ag fáil bháis

Easpa foirne, easpa áiseanna, easpa éifeachtúlachta ag ÁIS, dáileoir na leabhar Gaeilge

"NÍL aon duine nua curtha in áit na ndaoine seo," a deir an tUasal Ó Flatharta. "Tá méadú suntasach ar obair ÁIS le deich mbliana anuas. Tá ardú mór ar an mbrú ar an stóras agus san oifig. Is breá liom mo chuid oibre, ach tá gach duine faoi bhrú."

Dar le fear taistil ÁIS, atá i ndiaidh an oiread sin dá shaol a chaitheamh ag iarraidh leabhair Ghaeilge a dháileadh ar fud na tíre, tá gá le trí rud:

"Bainisteoir, duine le bheith i gceannas ar an stóras, agus comhordaitheoir idir na foilsitheoirí, na siopaí leabhar agus mé féin. Sin atá de dhíth," ar sé.

"Dá gcuirfí foireann cheart ag obair linn, ní chosnódh sé airgead ar bith, mar bheadh siad ag íoc astu féin, dá mbeadh córas éifeachtach i bhfeidhm againn. Níl aon fhorbairt ná dul chun cinn déanta ó bunaíodh ÁIS go dtí an lá inniu. Tá sé imithe ar cúl. Tá an próiseas féin nach mór imithe."

Níl mórán muiníne ag an údar agus foilsitheoir (Coiscéim), Pádraig Ó Snodaigh, i bhForas na Gaeilge.

"Mothaím go láidir gur mian le Foras na Gaeilge fáil réidh le hÁIS. Sin an chúis go bhfuil sé chomh rite síos," a deir sé."Measaim féin nár chóir go mbeadh rud chomh luachmhar le hÁIS i seilbh phríobháideach. Ach, níl a ndóthain spáis, ná foirne, ag ÁIS mar atá sé. Níl an locht ar an bhfoireann. Tá fear amháin amuigh ar an mbóthar ag dáileadh na leabhar ar fad. Ní féidir leis siúd gach rud a dhéanamh."

Tá obair á déanamh ag comhlacht de chuid Bhárd na nGleann, litríocht.com, le cinntiú gur féidir gach leabhar Gaeilge atá i gcló a fheiceáil, a ordú agus a cheannach tríd an suíomh idirlín seo, cibé áit ar domhan ina bhfuil tú. Ach, tá litríocht.com ag brath ar ÁIS, mar is ó ÁIS a thagann na leabhair.



"Mothaím go láidir gur mian le Foras na Gaeilge fáil réidh le hÁis. Sin an chúis go bhfuil sé chomh rite síos. Tá fear amháin amuigh ar an mbóthar ag dáileadh na leabhar ar fad. Ní féidir leis siúd gach rud a dhéanamh." – Pádraig Ó Snodaigh

Tá siopaí leabhair ar fud na tíre in ainm is a bheith ag díol leabhair Ghaeilge. Ach an bhfuil sé sin ag tarlú? Tá cuid acu tinn tuirseach de bheith ag plé le hÁis, ag ordú leabhair agus ag fanacht tamall fada ar na leabhair teacht isteach.

"Táim lánsásta dul isteach saor in aisce agus comhairle a thabhairt dóibh conas an rud a eagrú i slí níos fearr chun go mbeadh sé níos éasca," a deir Tomás Mac Gearailt, bunaitheoir litríocht.com. "Bhí fadhb mhór ann i mbliana mar go raibh duine d'oibrithe ÁIS tinn ar feadh os cionn sé mhí. Rinneadh raic iomlán de litríocht.com. Bhí na leabhair chomh déanach sin ag teacht chugainn gur chailleamar anchuid gnó agus airgid ar fad mar gheall air sin."

Sheol an tUasal Mac Gearailt, in éineacht le Cló Iar-Chonnacht, An Cheathrú Póilín agus Siopa Leabhar Liam Ruiséal i gCorcaigh, litir chuig an Fhoras mar gheall ar na fadhbanna in ÁIS, ach níor chuala siad rud ar bith ar ais uathu riamh.

"Táimid ag iarraidh teacht timpeall ar an bhfadhb seo ach níl aon rud ag tarlú. Bhí cruinniú agam le Ferdie Mac an Fhailigh ó Fhoras na Gaeilge ar an 11 Feabhra agus phléigh muid an cás ach níor chuala mé ar ais uaidh ó shin."

Siar sa bhliain 2003, bhuail Tomás Mac Gearailt leis an Aire Gaeltachta ag an am, Éamon Ó Cuív TD. Dúirt sé leis go mbeadh Bárd na nGleann agus litríocht.com lánsásta an obair a dhéanamh chun leabhair Ghaeilge a scaipeadh ar fud an domhain, go héifeachtach.

"Dúirt an tAire liom go raibh an ceart agam, agus go mbeadh muid in ann na leabhair a scaipeadh níos éifeachtaí agus níos saoire ná mar a bhí á dhéanamh ag ÁIS. Fuair mé amach níos déanaí gur scríobh Éamon Ó Cuív litir chuig Foras na Gaeilge ag rá gur cheart dóibh smaoineamh faoi ÁIS a scaoileadh amach chuig dream éigin eile, ach níor tharla aon rud riamh faoi sin."

Mar a deir an tUasal Mac Gearailt, tá an aidhm chéanna aige, ag ÁIS agus ag Foras na Gaeilge agus is é sin leabhair a scaipeadh 'chomh fairsing agus is féidir mórthimpeall an domhain, agus iad a bheith ar fáil ar an bpointe.'

Tá Cló Iar-Chonnacht, agus neart foilsitheoirí eile, thar a bheith míshásta le heaspa éifeachtachta ÁIS.

"An phríomhfhadhb atá le hÁIS ná easpa foirne," a deir Deirdre Ní Thuathail ó Chló Iar-Chonnacht. "Tá an t-ualach ar fad ag titim ar bheirt foirne. Má théann duine acu amach tinn nó ar saoire níl aon duine ann leis an obair a dhéanamh. Nuair a tharraingítear raic leis an bhForas, nó aird ar an scéal sna meáin, cuirtear foireann bhreise ar fáil ach ní bhíonn fios a ngnóthaí acu sin, níl eolas acu ar na leabhair, níl eolas acu ar na siopaí, níl eolas acu ar na foilsitheoirí. Cuirtear an áit trína chéile; ní bhíonn orduithe comhlíonta, bíonn na siopaí ar fad ag fanacht suas le trí seachtaine ar orduithe."

Tá siopa ag Cló Iar-Chonnacht chomh maith le comhlacht foilsitheoireachta agus feiceann siad an dá thaobh den fhadhb.

"Ní raibh ríomhphost ag ÁIS go dtí mí na Samhna seo caite agus níl aon suíomh idirlín acu, is minic nach mbíonn duine ann chun an fón a fhreagairt, fiú, ní féidir le siopaí teagmháil a dhéanamh leo chun leabhair a ordú," arsa Deirdre Ní Thuathail. "Níl aon ról margaíochta acu, ba cheart go mbeadh duine fostaithe i ról margaíochta/poiblíochta ag déanamh comhordú ar na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag na foilsitheoirí agus ÁIS, ag déanamh margaíochta don earnáil. Pléadh é seo leis an bhForas ag cruinniú anuraidh, gur cheart duine a fhostú ar chonradh agus níor chualamar faic faoi ó shin."

Caithfear an tuairisc ar ÁIS, atá réitithe ag saineolaithe seachtracha, a chur os comhair Roinn na Gaeltachta ó dheas agus na Roinne ó thuaidh chomh maith, agus tá sé sin le tarlú go luath.

"Bhí fadhb mhór ann i mbliana mar go raibh duine d'oibrithe ÁIS tinn ar feadh os cionn sé mhí. Rinneadh raic iomlán de litríocht.com. Bhí na leabhair chomh déanach sin ag teacht chugainn gur chailleamar an-chuid gnó agus airgid ar fad mar gheall air sin." - Tomás Mac Gearailt, litriocht.com

Cad a deir na scríbhneoirí faoin gceist seo?

"Ba cheart do na foilsitheoirí, agus do lucht Áis, teacht amach go poiblí agus a rá go bhfuil fadhb ann, go bhfuil ag teip ar an gcóras agus go bhfuil tacaíocht ag teastáil. Níl na háiseanna nó na hacmhainní cuí ag Áis. Is ábhar éadóchais é seo do scríbhneoirí agus d'fhoilsitheoirí. Tá fadhb uafásach ann agus feicim go bhfuil faillí mhór á dhéanamh go leanúnach ar leabhair Ghaeilge. Tá an cuma ar an scéal go bhfuil easpa cumarsáide ann idir Áis agus na siopaí leabhair, chomh maith le dreamanna eile."
- Mícheál Ó Ruairc

"Maidir le hÁis is dóigh gur cheart "di" leas a bhaint as modhanna dáilte na haoise seo seachas an leabhar ar seilf. Níl an cath sin caillte, ach amach anseo, beidh na bealaí nua-aimseartha in ann léitheoirí nua a mhealladh ach caithfear iad a thabhairt chun solais. Cé go bhfuil díolachán don cóip crua tábhachtach don údar agus don bhfoilsitheoir is mó an béim anois, agus sa todhchaí, ar díol ar an idirlíon, idir an cóip crua agus leagan 'e' de leabhair"
- Frank Reidy

"Mura bhfuil agat ach pocaide gabhair bí i lár an aonaigh leis. Mura mbíonn leabhar i lár an aonaigh mhóir sna siopaí móra leabhar ní bheidh aon rachairt air - is cuma faoin teanga ina bhfuil sí scríofa. Rud eile de, cén uair a chonaic tú léirmheas ar leabhar Gaeilge san Irish Times nó sna páipéir eile. Gan an phoiblíocht sin ní chuirfidh lucht na siopaí ar na seilfeanna iad. Straitéis iomlán margaíochta atá ag teastáil a chuimseodh feasacht, feiceálacht agus fiúntas na scríbhneoireachta Gaeilge."
- Gearóid Denvir

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 27 Bealtaine, 2011

Bolcán na hÍoslainne ag cruthú deacrachtaí do thaistealaithe aeir

Treasa Bhreathnach

TÁ seans ann go mbeidh tionchar ag athrú aimsire níos déanaí sa tseachtain ar threo bogtha an scamaill luaithreamháin agus dá bharr ar aerspásanna na hEorpa.

Is ar an Satharn seo caite a tharla an brúchtadh den bholcán Grimsvötn san Íoslainn agus é ag cruthú éiginnteachta do thaistealaithe aeir san Eoraip, Éire san áireamh, ó shin i leith. De thoradh ar an luaithreamhán a bhí ag teacht ón mbolcán dúnadh aerspásanna Eorpacha áirithe le seachtain anuas.

Dar leis an Oifig Mheitéareolaíochta san Íoslainn níl ach gal anois ag teacht ón mbolcán agus níl aon luaithreamhán ag teacht uaidh a thuilleadh. Dar leis an *Volcanic Ash Advisory*, atá lonnaithe i Londain, tá an luaithreamhán ag bogadh i dtreo mhórthír na hEorpa.

Beidh súil á coinneáil ar aon bhrúchtadh bolcánach eile agus ar phatrúin aimsire chun treo an scamaill luaithreamháin a thuar. Dar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann, níl súil go mbeidh tionchar ag an scamall luaithreamháin ar aerspás na hÉireann inniu. Tá tionchar aige fós ar riar beag d'aerfoirt na hEorpa agus iarrtar ar dhaoine a bhfuil sé i gceist acu eitilt suíomh idirlín a naerlíne a sheiceáil roimh dhul chuig an aerfort agus stádas an aerfoirt féin a chinntiú.

Dar le príomhfheidhmeannach Ryanair, Michael O'Leary, agus príomhfheidhmeannach British Airways, Willie Walsh, níl aon dainséar ag baint le heitilt tríd an scamall luaithreamháin. Bhí an seasamh céanna acu anuraidh nuair a dúnadh aerspásanna na hEorpa de thoradh ar bhrúchtadh an bholcáin eile san Íoslainn, Eyjafjallajokull.

Deir Michael O'Leary gur eitil ceann dá eitleáin tríd an scamall luaithreamháin an tseachtain seo caite chun tástáil a dhéanamh ar an teoiric go raibh sé dainséarach, agus nár tháinig siad ar aon luaithreamhán. Deir Willie Walsh go ndearna siadsan an rud céanna.

Dar leis an Údarás Eitlíochta Sibhialta (Civil Aviation Authority), ní nach ionadh nár tháinig ceachtar de na heitleáin sin ar aon cheo, mar ní dúirt siad gur cheap siad go mbeadh aon luaithreamhán le fáil ag an airde ag ar eitil na heitleáin.

Baineann Teifeach 'a bhaile' amach

Anton Mac Cába

D'ÉIRIGH le teifeach Palaistíneach éalú thar teorainn isteach go hIosrael agus dul chomh fada leis an chathair as ar díbríodh a thuismitheoirí i 1948. Bhí Hassan Hijazi ábalta éalú isteach ó Siria le linn círéibe ar an teorainn. Bhí Palaistínigh ag déanamh comórtha ar an Nakba (tubaiste), mar a thugann siad ar bhunú stáit Iosrael i 1948.

Dúirt Hijazi gur go raibh gníomhaí síochána Iosraelach, Giúdach, i measc an chúigir a choinnigh leis. Fuair sé síob ón teorainn leo, ansin rinne cuid den turas ar bhus. Ar an bhus, bhí sé ina shuí taobh le saighdiúir ó aonad élite. "Bhí níos mó eagla airsean ná ormsa," ar seisean.

Nuair a shroich sé Jaffa, thug sé agallamh don stáisiún teilifíse Iosraelach, Cainéal 10. "Níor mhaith liom pilleadh ar Siria," ar seisean. "Ba mhaith liom fanacht anseo i sráidbhaile s'agamsa, mar ar rugadh m'athair agus mo sheanmháthair."

Ghéill sé do na húdaráis i ndiaidh dó an t-agallamh a dhéanamh. Dar leis na péas go raibh Hijazi "ina bhagairt do shlándáil Iosrael." Dhíbir siad ar ais go Siria é. Tá sé ina státseirbhíseach i Roinn Oideachais na tíre sin. Tá an t-agallamh a thug sé le feiceáil ar an idirlíon ag http://tinyurl.com/3zefuu8

Ábhar Docháis: Foghlaimeoir Díograiseach i mbun theangacha na hAlban

Anton Mac Cába

TÁ an t-aon Ghaeilgeoir líofa amháin i bPàrlamaid na h-Alba ina Aire nua Foghlama agus Scileanna i Riaghaltas na hAlba. Is é sin Alasdair Allan, Ball Pàrlamaid na h-Alba na n-Eileanan an-Iar. Mar aire, beidh cúram Ghaeilge na hAlban agus na hAlbainise air.

Is le Pàrtaidh Nàiseanta na h-Alba atá Allan. Tá cónaí air ar an Bhac ar oileán Leòdhas, an Ghaeltacht is mó ar domhan. Canann sé sa chór Gaeilge ar an Bhac. Sular toghadh é, ba cholúnaí i nGaeilge na hAlban é. Cúig bliana ó shoin fuair sé duais mar Iriseoir Gaeilge na Bliana. Sular toghadh é, bhíodh sé ina oifigeach preasa ag Eaglais na hAlba.

Alasdair Allan, Gaeilgeoir atá ina bhall Parlaiminte na hAlban d'Eileanan an Iar (Na hInse Gall). Is ball de Pháirtí Náisiúnta na hAlban é.

Is polaiteoir cumasach é. Tá 65.3% den vóta aige sna h-Eileanan an Iar. Is méadú 18.7% sin ó thóg sé an suíochán den chéad uair in 2007. Tá aithne agus meas air ar fud na n-oileán. Mar iriseoir, tá sé maith i mbun poiblíochta. Aithnítear mar oibrí díograiseach ar fhadhbanna áitiúla é.

D'aistrigh Allan isteach go Leòdhas nuair a toghadh ina iarrthóir don toghcheantar é. Ní raibh Gaeilge sa teaghlach. Ba mar mhac léinn a d'fhoghlaim sé í. Rugadh in Ashkirk sna Crìochan é. Tá an sráidbhaile níos lú ná scór míle ón teorainn le Sasana. Níor labhraíodh Gaeilge na hAlban sa dúiche le 1,000 bliain ar a laghad. Rinne sé dochtúireacht san Albainis ar Ollscoil Obar Dheathan. Sna 90í bhí sé ina bhall den Scots Spellin Comatee. Bhí sin ann le litriú na Albainise a chaighdeánú.

IMF faoi scath chás Dominique Strauss-Kahn

Dominique Strauss-Kahn,iar-cheannaire an IMF (AP Photo/Craig Ruttle)

Seosamh Ó Riain

NÍ de bharr fadhbanna eacnamaíochta amháin a bhí an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta - an IMF - i mbéal na meán le tamall anuas, ach de thoradh chás conspóideach a n-iarcheannaire, Dominique Strauss-Kahn. Cuirtear i leith Strauss-Kahn go ndearna sé ionsaí ar bhean ghlantacháin Dé Sathairn, 14 Bealtaine, ina sheomra i só-óstán Sofitel i gcathair Nua-Eabhrac.

Bean 32 bliain d'aois atá i gceist ar inimirceach í as Poblacht na Guine in iarthar na hAfraice. Tá trí phríomhchúis á gcur i leith Strauss-Kahn: ionsaí gnéis, srianadh neamhdhleathach agus iarracht bhanéigin. Má chiontaítear iontu é, gearrfar téarma príosúin thart ar 25 bliain air.

Ar 18 Bealtaine d'éirigh Strauss-Kahn as a phost mar cheannaire ar an IMF, é ag cur in iúl go n-úsáidfidh sé "a fhuinneamh uile" chun cur in aghaidh na gcoireanna a chuirtear ina leith. D'eisigh bord feidhmiúcháin an IMF litir ó pheann Strauss-Kahn ar an lá céanna ar ar shéan an t-iarcheannaire na líomhaintí ina aghaidh agus ar a ndúirt sé gur le "brón gan teorainn" a chuir sé a litir ag éirí as oifig faoi bhráid an bhoird.

De chionn agóidí ionchúisitheoirí, shocraigh an breitheamh ar Strauss-Kahn a scaoileadh saor ó phríosún ar oileán Rikers agus é a ligean amach ar bhannaí $1 mhilliún. Sa bheis air sin, caithfidh sé árachas bannaí luach $5 mhilliún a thógail amach. Coinneofar faoi bhraighdeanas baile é idir seo agus an chéad éisteacht chúirte eile ar 6 Meitheamh. Beidh sé faoi gharda armáilte agus físfhaire 24 uair an chloig san idirlinn.

Ní hé seo an chéad uair a bhí Strauss-Kahn sáite i gconspóid i dtaobh ban. Ar 5 Feabhra 2007, roinnt míonna roimh dó bheith ceaptha ina cheannaire ar an IMF, dúirt Tristane Banon ar theilifís go ndearna sé iarracht í a éigniú siar sa bhliain 2002. Iníon bhaistí í Mademoiselle Banon le dara bean chéile Strauss-Kahn, Brigitte Guilemette. Ar fhaitíos go gcuirfí cás cúirte clúmhillte orthu, chlúdaigh an gréasán teilifíse ainm an iar-cheannaire le blíp ar an gclár. Caitheadh amhras ar a ráiteas de bharr nár chuir sí an dlí ar Strauss-Kahn. Dar le máthair Tristane, Anne Mansouret, an t-aon chúis nach ndeachaigh sí chun cúirte ná go raibh a hiníon 'ag tosú díreach amach san iriseoireacht' agus go raibh faitíos uirthi go mbeadh a hiníon 'sainmhínithe ag an scéal' de bharr gur polaiteoir sinsearach a rinne ionsaí uirthi. Anuas air sin, in 2008 bhí ar Strauss-Kahn, a phós faoi thrí, leithscéal a ghabháil mar gheall gur tháinig sé chun solais go raibh caidreamh aige le comhghleacaí oibre sóisearach san IMF.

Todhchaí Strauss-Kahn sa Pholaitíocht Caillte

CÉ go séanann DSK gach uile chúiseamh a chuirtear ina leith i dtaobh an scéil ionsaí gnéis, tá sé amach anois as an IMF, as toghchán uachtaránachta na Fraince agus, gach seans, as saol na polaitíochta ar an iomlán.

Sular bhris an scéal, bhí seans iontach maith aige sa toghchán in 2012 de bharr dhroch-sheasamh Sarkozy i súile mhuintir na Fraince le cúpla bliain mar aon lena pháirtí freasúra féinig a bhí ar thóir slánaitheora i measc na n-iarrthóirí. De thoradh thubaiste na margaí airgeadais, bhí gach dealramh ar an scéal gurbh eisean an fear idéalach a bhí ann chun a thír a stiúradh amach as an stoirm storrúil eacnamaíoch. Ach chuir an eachtra i seomra ostáin i Nua-Eabhrac gach rud ina chíor thuathail.

Ní bheidh sé éasca, ná baol air, don té a thiocfas i gcomharbacht ar DSK san IMF. Fear cumhachtach carasmatach le tionchar nach beag atá ann. Tá ceannairí na hEorpa ag déanamh bolscaireachta d'fhonn a ngreim a choinneáil ar an IMF, ach beidh an-suim ag tíortha atá i mbéal forbartha, fearacht na Brasaíle, na Síne agus na hIndia, i nduine nach Eorpach é nó í a chur i bpríomhchathaoir an IMF.

Na Teoiricí comhcheilge - Baint ag an CIA leis an chás?

IS feasach don saol mór an caidreamh suirí a bhíonn ag na Francaigh le teoiricí comhcheilge agus ní eisceacht é cás Dominique Strauss-Kahn nó DSK mar is fearr aithne air ina thír dúchais, an Fhrainc. Sular tháinig fiú an scéal ionsaí gnéis i Nua-Eabhrac chun cinn, bhí roinnt scéalta diúltachta faoi DSK á scaipeadh sna meáin chlóite: grianghraf de ag dul isteach in Porsche, alt faoina chultacha thar a bheith daor, príomhscéal i nuachtán seachtainiúil mór-le-rá, "L'Express" faoina rachmas iomarcach.

In agallamh leis an nuachtán "Libération" thart ar choicís roimh a ghabháil i Nua-Eabhrac, dúirt sé de bharr a dháimhe le mná gur seans go réiteodh duine éigin gaiste gnéis dó a chuirfeadh i bponc é. San agallamh céanna labhair sé faoin uair a bhuail sé le Sarkozy trí chomhtharlú sna leithris ag cruinniú mullaigh idirnáisiúnta agus d'iarr air stop a chur leis na cleasanna salacha maidir lena shaol príobháideach.

Tá teoiricí eile ann faoin CIA, agus faoi chéilí comhraic san IMF, agus faoi bhainc mhóra Mheiriceánacha a bhí faoi bhagairt ag DSK de bharr a chuid iarrachtaí chun tuilleadh rialúcháin a chur ar bun. Tá caint ann faoi scéimeanna de chuid "Comh-Aireachta duibhe" atá ag obair faoi stiúir Nicolas Sarkozy ag an bpálás Élysée nó fiú iomaitheoirí ina pháirtí féin, an Páirtí Sóisialach, a bhí ró-chíocrach fáil réidh le hiarrthór láidir roimh an toghchán uachtaránachta in 2012.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Conamara

Seirbhís 'Chleamhnais' do Dhaoine Dífhostaithe

Caroline Ní Chualáin

TÁ sé socraithe go gcuirfear scór áit ar leataobh do rannpháirtithe as Conamara ar an gclár 'Begin Again', atá dírithe ar dhaoine dífhostaithe a chur ar ais ag obair, mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh leis an gcruinniú poiblí ar an gCeathrú Rua an tseachtain seo caite.

Is clár náisiúnta é seo a chuireann tréimhsí taithí oibre ar fáil do dhaoine le comhlachtaí agus as an 400 duine a ghlac páirt sa scéim anuraidh fuair 240 duine acu post buan ina dhiaidh.

Tá cruinnithe poiblí dhá n-eagrú anois i gCois Fharraige, i Ros Muc agus in Iorras Aithneach le daoine a chur ar an eolas faoin gclár agus na deiseanna atá ar fáil ann.

Tá an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh (SF), atá ag tacú le forbairt an chláir i gConamara, ag moladh do dhaoine atá dífhostaithe faoi láthair agus d'fhostóirí atá ag lorg daoine le scileanna faoi leith, teacht chuig na cruinnithe eolais i Ros Muc idir a 3 agus a 5 a chlog agus i gCill Chiaráin ag a 7 a chlog Dé Luain seo chugainn agus in Óstán na Páirce sa Spidéal ag a 8 a chlog ar an Mháirt, faoin gclár tacaíochta fostaíochta 'Begin Again'.

"Tá comhlachtaí amuigh ansin a bhfuil scileanna agus ceirdeanna faoi leith ag teastáil uathu," a deir an Seanadóir Ó Clochartaigh. "Tá daoine ann chomh maith nach bhfuil ag iarraidh a bheith díomhaoin. Sa chlár seo déantar cineál cleamhnais eatarthu seo, áit a bhfaigheann an duine dífhostaithe deis le taispeáint d'fhostóir cén cumas atá ann/inti agus gur féidir leis an bhfostóir scileanna an té sin a mheas thar thréimhse trí mhí. Coinníonn rannpháirtithe a gcuid cearta leasa shóisialaigh ar fad agus faigheann siad tacaíocht bhreise i leith costas. Cuirtear traenáil agus tacaíocht phearsanta ar fáil dóibh chomh maith le linn na tréimhse. Go minic tar éis an phróisis seo bíonn caidreamh maith cothaithe agus socraíonn an comhlacht post a thairiscint don duine. Tá gach duine ag buachan."

Is togra náisiúnta atá in 'Begin Again' atá faoi scáth Aonad Náisiúnta na hÉireann um Shárchumas Gnó (Irish Centre for Business Excellence). Tá sé ar siúl ó lár 2010 le tacaíocht ón Roinn Oideachais & Scileanna. Beidh ionadaithe ón gclár ar fáil Dé Luain le cur síos a dhéanamh air agus le ceisteanna a fhreagairt faoi.

Is féidir clárú ar líne don chlár chomh maith le breis eolais a fháil ag www.beginagain.ie nó glaoch ar comhordaitheoir an chláir san Iarthar, Mike Gaffney ag 087-9973575.

Obair Forbartha Sheanchéibh an Spidéil – ach imní ann faoi sa phobal

An é seo atá i gceist do Seanchéibh an Spidéil?

Treasa Bhreathnach

TÁ sé i gceist go gcaithfear €95,000 ag déanamh forbairt ar Sheanchéibh an Spidéil ach ní mó ná sásta atá muintir an phobail faoi roinnt den obair feabhsúcháin atá beartaithe agus faoina laghad eolas a cuireadh ar fáil don phobal.

Is ag tús na míosa seo ag cruinniú eolais poiblí a d'eagraigh Comhlacht Forbartha an Spidéil, a cuireadh pleananna forbartha na Comhairle Contae faoi bhráid an phobail.

Deir Aodán Mac Donncha, oifigeach forbartha Chomhlacht Forbartha an Spidéil, "Ní fhaca muid aon phlean go fóill, agus is é sin an chéad chéim. Go bhfeicfeadh muid na pleananna atá molta agus go mbeadh deis ag an bpobal na pleananna sin a fheiceáil agus a gcuid moltaí féin a dhéanamh. Caithfidh muid a fháil amach cén staid ag a bhfuil na pleananna seo agus an bhfuil conraitheoir ceaptha dó agus mar sin de."

Casfaidh innealtóir sinsearach de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe le toscaireacht ón Spidéal ar an Déardaoin beag seo ag 2.30.

Beidh ionadaithe ó Chomhlacht Forbartha an Spidéil, agus ó na hiascairí agus bádóirí a bhaineann úsáid as an ché faoi láthair. Ní cruinniú oscailte don phobal é áfach.

Beifear ag déanamh plé ar na pleananna d'fhorbairtí na Seanchéibhe agus iad ag iarraidh na léaráidí a scrúdú.

Tá an maoiniú de €95,000 curtha ar fáil ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun an obair feabhsúcháin seo a dhéanamh.

Is iad seo an tÚdarás a chuireann roinnt maoinithe ar fáil don chóras 'Wavebob'.

Aistriú fhuinneamh na dtonn atá i gceist le 'Wavebob' chun leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite na dtonn. Tá sé lonnaithe amuigh ó chósta na Gaillimhe i gCuan na Gaillimhe.

I láthair na huaire tá an tSeanchéibh taoidmhear agus is féidir í a úsáid faoi dhó in aghaidh an lae, ach má dhéantar an cuan níos doimhne beifear in ann í a úsáid ceithre huaire in aghaidh an lae.

Is iad na forbairtí atá i gceist a dhéanamh ar an tSeanchéibh ná: An ché féin a dhoimhniú; soilsiú a chur in airde ar an gcé; baoithe (buoys) a chur i bhfostú sa ché gur féidir le báid ceangal díobh; an sleamhnán a dhéanamh níos leithne agus níos mó; comharthaí loingseoireachta a bhunú do bháid a bhíonn ag iarraidh a mbealach a dhéanamh isteach nó amach ón gcé agus an tSeanchéibh féin a chlúdach le coincréit.

Is é an pointe deiridh ceann de na pointí is conspóidí i mbéal an phobail mar go gclúdóidh sé an tsaoirseacht chloiche uile ar an gcé agus an tuairim láidir go háitiúil go millfidh sé íomhá na céibhe.

Deirtear go gcaithfidh an Chomhairle Chontae é seo a dhéanamh mar gheall go bhfuil bunús portaigh sa tSeanchéibh agus tá gach seans go sleamhnóidh an tSeanchéibh féin nuair a thabharfar meaisíní isteach chun é a dhéanamh níos doimhne.

Caithfidh siad fothacaíocht a chur faoi, ach ceann de na ceisteanna a bheidh á plé ag an gcruinniú ná arbh fhéidir an fhothacaíocht seo a chur i bhfeidhm faoi uisce. Níl aon chonraitheoir ainmnithe don obair forbartha seo uile go fóill agus is é seo ceann de na ceisteanna eile a ardófar ag

Féile na gCurrachaí an Spidéil

Treasa Bhreathnach

DEN dara bliain as a chéile tá an athnuachan ar Fhéile na gCurrachaí sa Spidéal ag leanacht ar aghaidh. Beidh an fhéile ar siúl ar an Domhnach an 5 Meitheamh ar ché an Spidéil agus cuirfear tús leis na rásaí ag 2.30in. Beidh rásaí na gcurrachaí canbháis ag leanacht ar aghaidh ar feadh an tráthnóna idir rásaí sinsir, rásaí sóisir, rásaí na bhfear agus rásaí na mban, chomh maith le rása sé bhuille na mban. Ag 4in cuirfear tús le rásaí na mbád mór agus na leathbhád. Beidh na báid seoil le feiceáil ag rásaíocht arís amach ó chósta an Spidéil. Ag deireadh an lae is le rásaí na naomhóg a chuirfear críoch leis an lá. Mar aon le gach gealt currachaí eile beidh iomaitheoirí ó Chiarraí, Luimneach, Co. an Chláir, na hOileáin Árann, Dún na nGall agus Conamara ag glacadh páirte. Beidh idir cheol, shiamsaíocht agus shólaistí ar fáil ar an ché i rith an lae. Bronnfar na duaiseanna i dTí Hughes sa Spidéal tráthnóna Dé Domhnaigh agus deis éisteachta le ceol traidisiúnta ina dhiaidh sin.

Cruinniú líonra i nGaillimh

TÁ Cumann Tráchtála na Gaillimhe ag eagrú a líonra deireadh séasúir ar an 9ú Meitheamh. Beidh an cruinniú ar siúl in Óstán Bhóthar na Trá ag 8.00 tráthnóna. Tá fáilte roimh dhaoine a fhreastalaíonn ar BAH, BNI, Gréasán na Gaillimhe, BPW, Network Chonamara, Galway business club, BBN, daoine i Skillsnets, HPSU, ITAG, Galway Executive, Gréasán na Meán agus daoine atá ag obair i bhfóram sóisialta. Beidh bearbaiciú agus fíon ar fáil ag an chruinniú agus cosnaíonn ticéid €20. Chun áit a chur in áirithe don chruinniú glaoigh ar Elaine ar 091-563536 nó cuir ríomhphost chuig Elaine@galwaychamber.com

Maigh Eo

Campaí Samhraidh Gaeilge Chonradh na Gaeilge 2011

Caroline Ní Chualáin

IS gearr go mbeidh sé ina shamhradh arís agus ní fada go mbeidh campaí Samhraidh Chonradh na Gaeilge ar siúl ar fud contae Mhaigh Eo. Beidh na campaí lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, Béal an Átha agus Clár Clainne Mhuiris, agus Cathair na Mart ag brath ar an éileamh.

Tá campaí samhraidh Chonradh na Gaeilge dírithe ar pháistí idir 7 mbliana agus 14 bliana d'aois. Reáchtálfar imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge idir cheol, dhrámaíocht, agus ealaín mar aon le ranganna Gaeilge. Le linn na gcampaí samhraidh seo beidh do pháistí in ann sult agus spraoi a bhaint as foghlaim agus labhairt na Gaeilge. Tá taithí leathan agus ardcháilíochtaí bainte amach ag múinteoirí an chúrsa agus beidh líon na ndaltaí i gcoibhneas le líon na múinteoirí an-íseal.

Is Foras na Gaeilge a dhéanann urraíocht chun na campaí samhraidh seo a chur ar siúl. Is deis iontach iad na campaí samhraidh seo do pháistí ar mhaith leo an Ghaeilge a chleachtadh taobh amuigh den scoilbhliain agus ar ndóigh spraoi a bheith acu chomh maith.

Tosaíonn na campaí ag a 10.30 r.n. agus leanann siad ar aghaidh go dtí a 2.30 i.n. Tá luach réasúnta ar na campaí agus tá lascaine theaghlaigh ar fáil.

Is féidir tuilleadh eolais agus foirm iarratais a fháil ó Chonradh na Gaeilge, Sráid Ellison, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo. Nó Eolas@conradhmhaigheo.ie agus www.conradhmhaigheo.ie nó glaoigh ar 094-90-22444/087-9781166.

Féile Peile Gael Linn 2011 - CURAIDH CHONNACHT NUA!

Foireann peile Scoil Iognáid, Gaillimh, ag ceiliúradh a mbua ag Féile Peile Gael Linn 2011 lena dtraenálaí, Antoine Ó Fiannachta (ar chúl, ar chlé) agus a múinteoir, Eoin Ó Durcáin (ar chúl, ar dheis).

BHÍ an bua ag Scoil Iognáid na Gaillimhe i gcraobhchluiche Fhéile Peile Gael Linn 2011 in aghaidh Scoil Mhuire, an Tuairín , le scór 8-5 in aghaidh 4-8, cluiche a bhí ar siúl an tseachtain seo caite. Is é seo an chéad bhua ag an scoil sa chomórtas seo. Is í Sarah Ní Loinisgh, réalta peile áitiúil, a bhronn Corn Gael Linn ar chaptaen Scoil Iognáid, Éamonn Ó Ceallaigh. Bhí Sarah ina captaen ar fhoireann bhuacach mhionúir na Gaillimhe i gCraobh na hÉireann 2010 i gComórtas Peile na mBan.

Ocht bhfoireann ar fad a bhí páirteach sa chomórtas: Scoileanna Inis Meáin/Inis Oírr, Árann; Gaelscoil na Cruaiche, Cathair na Mart; Gaelscoil Dara, Gaillimh; Scoil Náisiúnta Thír an Fhia; Scoil Mhic Dara, An Cheathrú Rua; Scoil Iognáid, Gaillimh; agus Gaelscoil Raifteirí, Caisleán an Bharraigh.

Bhí buaiteoirí na bliana seo caite ón scoil áitiúil, Scoil Mhuire, An Tuairín, i láthair chomh maith. Foirne measctha de naonúr imreoir (cailíní agus buachaillí) a bhí i gceist. Bhí trí chluiche ag gach foireann, agus chuaigh na buaiteoirí ar aghaidh go dtí na leathchraobhacha agus ansin an Chraobh Chúige.

Ní ar an pháirc imeartha amháin a bhí an spórt ar fad le linn na Féile. D'fhan formhór na gcuairteoirí óga agus a gcuid múinteoirí i dtithe lóistín áitiúla agus d'imir siad tráth na gceist boird chomh maith le freastal ar cheolchoirm agus céilí a eagraíodh dóibh istoíche. Deir Gael Linn, "Tá muid an-anbhuíoch de Choiste CLG Naomh Anna as a gcúnamh le reáchtáil na Féile."

Bhronn an réalta peile áitiúil, Sarah Ní Loinsigh, Corn Gael Linn ar chaptaen Scoil Iognáid, Éamonn Ó Ceallaigh. Bhí Sarah ina captaen ar fhoireann mhionúir na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann 2010 i gComórtas Peile na mBan. Sa phictiúr chomh maith tá Seán Ó Ceallaigh, Gael Linn.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Iarratais á lorg do Scéim Chónaithe Halla na Tríonóide

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Oifig na Gaeilge TCD ag glacadh anois le hiarratais ar Scéim Chónaithe Dhartraí (Halla na Tríonóide), do mhic léinn a bheidh ag teacht go dtí Coláiste na Tríonóide in 2011. Tá 12 áit á dtairiscint do 2011-2012. Tabharfar tús aite d'iarratais a fhaightear in Oifig na Gaeilge ar/roimh an Mháirt 31 Bealtaine 2011. Tá na hiarratais le seoladh chuig "Scéim Chónaithe Dhartraí", Oifig na Gaeilge, An Téatar Thiar, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2. Díolfar deontais €1,000 leis na mic léinn ar na coinníollacha seo a leanas: An Ghaeilge a labhairt ina saol laethúil san árasán ina bhfuil siad, páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí Gaeilge an Choláiste agus i saol an Choláiste i gcoitinne agus mar sin de. Beidh ar na mic léinn féin íoc as an iostas seo. Téann an deontas i dtreo costais a laghdú dóibh.

Tá an Scéim seo á riaradh ag Coiste na Gaeilge i gcomhar le Maor Halla na Tríonóide d'fhonn úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i saol Choláiste na Tríonóide. Déanfaidh Coiste na Gaeilge suas le 12 áit ar an Scéim a thairiscint ar bhonn na n-iarratas seo. Dréachtfar liosta feithimh freisin, ar eagla nach n-éireodh le gach éinne den chéad dream áit a fháil sa Choláiste féin. Díolfar leath an deontais i ndiaidh na Nollag agus an leath eile ag deireadh na bliana acadúla. Sa chás nach mbeidh na coinníollacha á gcomhlíonadh ag mac / iníon léinn, beidh sé de cheart ag an gCoiste a b(h)allraíocht sa Scéim a scor.

Eagraíonn mic léinn na scéimeanna neart imeachtaí Gaeilge ar nós céilithe, turas, ciorcail chomhrá, tóraíocht taisce agus scóráil sciobtha. Tugann siad cuairt ar an Oireachtas gach bliain. Bíonn siad páirteach in imeachtaí Éigse na Tríonóide, seachtain Ghaeilge an Choláiste. Bíonn réimse leathan cúrsaí á leanúint ag mic léinn na scéimeanna, ó leigheas go dlí agus ón fhealsúnacht go Gaeilge. Tagann siad ó gach cearn den tír, Tuaisceart Éireann san áireamh.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Cuid de na mic léinn a ghlac páirt i Scéim Chónaithe Dhartraí sa bhliain 2009 - 2010.

Baile Átha Cliath

Scoil Samhraidh UCD ag teannadh linn

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH scoil samhraidh trí lá ar siúl sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) idir 28-30 Iúil na bliana seo. An ceangal idir litríocht na Gaeilge agus an stair an téama a bheidh ann. Scoil idirnáisiúnta í seo a phléifidh le litríocht Ghaeilge na hÉireann agus na hAlban agus eagrófar í in ómós do Shomhairle MacGill-Eain a rugadh céad bliain ó shin (cé nach é a shaothar siúd príomhábhar na scoile). Tabharfar turas leathlae ar Ghleann Maoiliúra i gCo. Chill Mhantáin mar chuid de na himeachtaí. Áit í sin a bhfuil baint aici le filíocht thábhachtach ón 16ú agus ón 20ú haois. Bheadh an scoil seo feiliúnach do mhic léinn iarchéime, d'fhochéimithe atá ag smaoineamh ar thabhairt faoi iarchéim sa Ghaeilge, nó dóibh siúd ar spéis leo litríocht na Gaeilge. Níl ach líon sách teoranta áiteanna ar fáil, agus b'fhiú d'éinne a bhfuil spéis acu ann dul i dteagmháil leis na heagraitheoirí a luaithe agus is féidir ar 3531 7168278. Is cóir an táille (€20 i gcás mac léinn nó éinne nach bhfuil teacht isteach rialta acu, nó €50 i gcás iarrthóirí eile) a chur chuig lucht eagraithe na scoile faoi dheireadh mhí an Mheithimh. An seoladh ná Scoil na Gaeilge, Áras Newman, UCD Belfield, Baile Átha Cliath.

Leabhar le scríbhneoirí Scoil Chaitríona le seoladh i mBÁC

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH *lost in transition*, leabhar atá scríofa ag daltaí na hidirbhliana i Scoil Chaitríona i mBaile Átha Cliath á sheoladh Déardaoin seo chugainn, 2 Meitheamh ar 7in.

Scríobh na daoine óga an leabhar mar chuid den scéim scríbh-neoireachta Fighting Words. Beidh an seoladh ar siúl i Halla na Scoile, Bóthar Mobhí, Baile Átha Cliath 9, agus tá fáilte roimh chách. Is féidir dul i dteagmháil leis an scoil ar 01 8370762.

Contae na hIarmhí

Campaí Samhraidh Feachtas sa Mhuileann gCearr

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH Campaí Samhraidh Feach-tas 2011 á reáchtáil sa Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí ag tús mhí Iúil. Reáchtálfar Campa A, dírithe ar dhaltaí san aoisghrúpa 10-15 bliana, ón 4-8 Iúil agus Campa B, dírithe ar dhaltaí san aoisghrúpa 8-12 bliana, ón 11-15 Iúil. Beidh an dá champa ar siúl i gColáiste Naomh Fhinín sa Mhuileann gCearr.

Eagraítear réimse leathan imeachtaí le linn na seachtaine do na daltaí agus dírítear ar eispéireas taitneamhach agus spraíúil a chruthú le Gaeilge a fhoghlaim i gcomhthéacs neamhfhoirmiúil.

Reáchtálfar na campaí ó 10rn go 3in gach lá le rang Gaeilge ar maid-in, imeachtaí mar drámaíocht, ealaín, amhránaíocht, ceardlanna agus ceol san iarnóin chomh maith le comórtais spóirt, peil, cispheil, cluiche corr agus sacar ina measc. Eagraítear turas lae ar an dá cham-pa chomh maith.

Tá tríocha spás ar na Campaí Samhraidh agus tá costas €70 an duine ann. Beidh lascaine ann do theaghlaigh.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Champaí Samhraidh Feachtas cuir scairt ar 01 6725940 nó seol ríomh-phost chuig:
ursula.feachtas@gmail.com

Feachtas

Campa Samhraidh
An Muileann gCearr

Scoil Naomh Fhinín

Campa A: 4ú—8ú Iúil/ *July*

Aoisghrúpa: 10—15 bliana d'aois/ *years old*

Campa B: 11ú—15ú Iúil/ *July*

Aoisghrúpa: 8—12 bliana d'aois/ *years old*

Foghlaim na Gaeilge, Spórt, Ceol, Craic, Damhsa, Drámaíocht, Turas lae

Costas/*Cost*: €70

Eolas/ *Information:* 087 9046136

Rphost/ *Email*: ursula.feachtas@gmail.com

(Please do not contact St. Finian's for info on Campaí Samhraidh)

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Bord Fada Fhéile na Bealtaine

TÁ coiste Fhéile na Bealtaine sa Daingean ag súil go mbeidh an aimsir fé dóibh an Domhnach seo chugainn. Tá sé meáite acu béile a bheith acu faoin aer le ceiliúradh spleodrach a dhéanamh ar fhéile na bliana seo. "Beam ag súil go dtabharfaidh daoine a gcuid bia agus a gcathaoir féin leo," arsa Siobhán Ní Dhuibhir a chuimhnigh ar an mbeartas. "Beidh bord mór fada againn i Sráid an Droichid [bóthar coisithe a cheanglaíonn Sráid na Daighthe agus An Meal] agus beidh an béile, ceol agus an-spórt ar bun óna ceathair a chlog go dtí a seacht. Beam ag guí ná beidh gaoth mhór ná báisteach ár gcrá," arsa Siobhán.

Tadhg Ó Dúshláine i gClub Filíochta Aos Cró Is é Tadhg Ó Dúshláine, file, scríobhnóir agus léachtoir ollscoile an duine is déanaí a bhí ag aithris a chuid filíóchta i gClub Filíochta Aos Cró ar an mBuailtín.

D'aithris Tadhg, fear go bhfuil sean-aithne air i gCorca Dhuibhne, cuid dá dhánta a léirigh a fhréamacha cathrach agus an daonnacht shainiúil a bhain leo. Thagair sé d'eachtraí a tharla ina shaol agus mar a chuadar i bhfeidhm air. Tagraíonn sé dá chéad lá ar scoil agus mar a chuaigh "lán béil d'fhocail Ghaeilge" i bhfeidhm air nuair a chuala sé an múinteoir, Miss Burke, ag aithris 'Péileacán, péileacán, sciathán dearg, sciathán buí':

'Agus fós sólásaíonn séimhe agus suaimhneas

Na trí siollai san mé.'

Thagair sé d'aintín dá chuid agus mar a bhí uirthi dul ar imirce go Birmingham Shasana, mar a raibh sí ag obair ar na busanna. Nuair a shroich sí aois an phinsin d'fhill sí ar Chorcaigh. Bhraithfeá beagán den bhlas searbh sa dán seo agus an díomá a bhí ar an mbean a dhíbir an imirce agus gannchuid fostaíochta óna dúchas í:

'Agus ar ais go Birmingham tugadh a corp mar d'ordaigh sí

Nuair nár mhaith sí riamh dá baile ná dá muintir go gcaithfeadh

Seoladh ar an Inisfallen ó ché Chorcaí amach

I measc na mbeithíoch,

Agus gan í ach ina gearrchaile ceithre bliana déag'.

Thagair sé dá dhán 'Craobh na hÉireann' mar a d'éirigh leis dul go Craobh na hÉireann sa dornálaíocht mar ar bhuaigh 'Nash ó Dhoire..ocht gcloch seacht bpúnt meáchana' air.

Is léir nach raibh dubh d'iongan eatarthu.

Ach mheasfá go bhfuil an file ródhian air féin nuair a deir sé:

'Scéal mo bheatha ó shin a bheith im thánaiste

Galar an dúchais do cheann a ísliú'.

Béile buíochais don Dr Bearnárd Ó Raigheallaigh

BHÍ suas le céad duine i láthair oíche Dé Sathairn seo caite nuair a caitheadh béile buíochais in onóir d'iar-Phríomhfheidhmeannach ar Sheirbhísí Oideachais Chontae Chiarraí, an Dr Bearnárd Ó Raigheallaigh. Bhí an ócáid sa láthair oideachais faoin aer anonn sna cnoic i gCeapach na Laoi. Chuaigh Bearnárd, gur ó Mhaigh Eo dó ó dhúchas, ar scor le déanaí tar éis dó cúig bliana fichead a chaitheamh mar Phríomhfheidhmeannach i gCiarraí, ar dtús i mBaile Thrá Lí agus ansin, tar éis cónasctha, ar an gcontae ar fad.

Chumann Ceart Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne tógtha fé Chúrsaí Pleanála

AG tagairt do ráiteas i nuachtán áitiúil le déanaí mar a raibh Príomhphleanálaí Chomhairle Chontae Chiarraí ag tagairt don líon mór tithe aonaracha atá tógtha i dtuath Chiarraí agus an díobháil a eascróidh as sin do thionscail na turasóireachta agus na timpeallachta, dúirt urlabhraí ó Chumann Ceart Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne go raibh go leor den lucht pleanála i gCiarraí i bpoll miongáin. Dúirt sé go raibh an chomhairle freagrach as daoine a fhágaint gan tigh agus gur chaitheadar bailiú leo agus go raibh cosc curtha acu ar dhaoine a bhí ag iarraidh filleadh agus cur fúthu ina gceantar féin. "Ní éadan go dtí iad," ar sé.

Ansin cheistigh sé cé faoi deara na heastáit mhóra fholamha tithíochta atá mar ábhar náire. "Cé a cheadaigh iad? Deir na daoine seo go raibh tailte criosaithe ach níl ansan ach bladar, mar i ndeireadh na dála tá an chumhacht ag an gComhairle an líon tithe a bheith beag nó mór. Níor bhronn criosú talún olltithíocht," ar sé. Dúirt sé nár aontaigh siad le heagraíochtaí a bhí ag éileamh tithe faoin tuath agus gan ó scata acu ach caoi láithreacha tí a dhíol, deas agus clé. "Bhí sin ar bun ag na daoine seo, fiú nuair a bhí teaspach gan dúchas ar phobal éaganta na tíre seo againne," dar leis.

"An Chomhairle a chruthaigh an phraiseach sna bailte agus faoin tuath agus tá siad á chur sin ó dhoras trí ráitisí amaideacha tiarnúla," dar leis. Mheas sé dá ndéanfá staidéar ar chuid den 'fastaím' a bhain le ceadú tithe do dhaoine aitiúla go gcuirfeadh sé idir olc agus dhíomá ar an bpobal.

Is dócha gur cath gan deireadh é seo, nó leagan eile de scéal mhadra na n-ocht gcos.

Mionlach ag iarraidh an Caitliceachas a dhíbirt: Easpaig

TÁ sé i gceist ag an eaglais Chaitliceach go mbeidh córas trédhearcach, leas an phobail áitiúil agus cearta múinteoirí san áireamh in aon bhord bainistíochta bunscoile. Sin cuid dá raibh le rá ag Easpag Chiarraí, Liam Ó Murchú nuair a labhair sé le baill na mbord bainistíochta agus múinteoirí bunscoileanna i leithinis Chorca Dhuibhne le déanaí. Dar leis an Easpag Ó Murchú go bhfuil mionlach beag go bhfuil mórthionchar acu ag iarraidh an Caitliceachas a dhíbirt as an gcóras oideachais. Tá, dar leis, "na Daonnachtaithe agus baill foirne den Irish Times mar shampla, coitianta ag tabhairt le tuiscint go bhfuil scoileanna Caitliceacha seicteach, leithleasach agus síolteagascach. Aon duine a léann an nuachtán sin tuigfidh sé go bhfuil feachtas ar bun acu in aghaidh na heaglaise Caitlicí." Dúirt sé go raibh beartas anois an Creideamh a fhágaint ar lár ar chlár na gColáistí Oiliúna múinteoireachta agus clár faoi eiticí agus luachanna a chur ina ionad.

Chuir sé in iúl go raibh sé léirithe go forleathan ag an Eaglais Chaitliceach go bhfuil siad oscailte, tuisceanach, cuimsitheach i gcúrsaí oideachais agus go bhfuil sé seo admhaithe fiú ag ceannaire Phairtí an Lucht Oibre sa Bhreatain, cé gur aindiachaí é.

"Tá sé ráite arís agus arís eile againn go bhfuilimid sásta go bhfreastalódh bainistíocht scoileanna ar gach aicme. Táimíd mórálach as an oideachas den scoth a chuireann ár scoileanna ar fáil," ar sé

Ghabh an tEaspag buíochas le hionadaithe na mbord bainistíochta agus leis na múinteoirí as a ndúthracht agus a ndíograis.

Cúrsaí Caide na Gaeltachta

IS mó duine a bhí ag tuar go raibh réimeas fhoireann chaide sinsear na Gaeltachta i gCorca Dhuibhne ar tí dul i léig, mar nach fada go mbeidh an t-aos ag breith ar imreoirí mar Mharc,Tomás agus Dara Ó Sé, ach is léir nach bhfuil an pota folamh mar go bhfuil mionúir agus an fhoireann faoi sé bliana déag ag déanamh gaisce. Agus le déanaí sa chomórtas idirmheánach sinsear thugadar an lá leo ó Naomh Muire Chathair Saidhbhín a ghnóthaigh Craobh Sóisear na hÉireann anuraidh. Tá an Ghaeltacht anois sna babhtaí leathcheannais. Bhuaigh an fhoireann faoi sé déag craobh an réigiúin ar an Domhnach seo caite tar éis cluiche an-chothrom leis an Daingean. Chinntigh scór a ghnóthaigh Dáithí Ó Bambuire ó phas ó Phádraig Ó Sé, tar éis ruathar seasca slat, a mbua. Rud a d'fheádfadh scaipeadh a dhéanamh ar an bhfoireann sinsear an samhradh seo agus iad a dhíbirt go sraith a 2 ná go mbeidh imreoirí ag dul go Meiriceá ag obair don samhradh. Beidh siad i dTír Chonaill do Chomórtas Peile na Gaeltachta.

Baill de Chumann Honda 50 Ghaeltacht Mhúscraí Aindrias Ó Scanaill agus Tadhg Ó Duinnín, Cúil Aodha, a ghlac páirt i dturas gluaisrothair ó Bhaile Bhúirne go Beanntraí Dé Dómhnaigh se caite ar mhaithe le hairgead a bhailiú d'obair cothabhála a bhíonn ar bun ag Scrín agus Reilig Ghobnatan i mBaile Bhúirne. PIC: Ó LOINGSIGH

Scéalta Mhúscraí

Buairt ar an bpobal faoi phleananna Eirgrid

Seán Ó Loingsigh

TÁ an eagraíocht nuabhunaithe 'Communities Before Pylons' ag cur in aghaidh na bpleananna atá ag an gcomhlacht gréasán leictreachais Eirgrid chun líne ard-chumhachta a thógaint os cionn na talún ó fho-stáisiún ar an dtaobh thoir thuaidh de cheantar Mhaigh Chromtha go dtí fo-stáisiún atá lonnaithe lámh le baile Dhún Mánmhaí.

Tá baint ag grúpaí pobail ó cheantair Mhaigh Chromtha, Cheann a' Mhaí, Chill Mhuire agus Thír Eiltín leis an eagraíocht 'Communities Before Pylons' agus reachtáladar cruinniú poiblí i Scoil Náisiúnta Cheann a' Mhaí oíche Dé Máirt seo caite.

Is é inniu an spriocdháta atá leagtha síos ag Eirgrid chun aighneachtaí maidir leis an bhforbairt líne ard-chumhachta a sheoladh chucu.

Bhí sraith ceisteanna curtha ag an eagraíocht phobail 'Communities Before Pylons' faoi bhráid Eirgrid ag lá eolais a reachtáil an comhlacht stáit i Maigh Chromtha le déanaí agus léiríodh díomá ag an gcruinniú oíche Dé Máirt nach raibh freagraí fachta ionas go bhféadfaí aighneachtaí bunaithe ar na freagraí a sheoladh.

Tá baill den phobal atá ina gcónaí feadh an bhealaigh atá molta don líne ard-chumhachta buartha maidir leis an drochthionchar a mheasann siad a bheadh ag an bhforbairt ar an dtírdhreach, ar chúrsaí sláinte agus ar luachanna tithe agus talún.

Tá sé ráite ag Eirgrid gur ar phollaí adhmaid a bheadh an líne chumhachta sa chuid is mó agus go bhfuil sé ag teastáil chun soláthar cumhacht leictreachais a chinntiú i gceantar iardheisceart Chontae Chorcaí, agus chun freastal ar riachtanais feirmeacha gaoithe atá ann faoi láthair agus ar fhorbairtí fuinneamh gaoithe atá beartaithe.

Tá dhá líne chumhachta ag freastal ar an gceantar faoi láthair agus deir Eirgrid má theipeann ar cheann amháin faid is a bhíonn obair chothabhála ar bun ar an gceann eile go mbeadh ceantair Dhroichead na Bandan, Bheanntraí agus Dhún Mánmhaí fágtha gan cumhacht leictreachais.

Tá próiseas comhairliúcháin poiblí ar bun ó anuraidh chun bealach don líne nua chumhachta a roghnú. Cuireadh trí rogha i láthair cheana, bealach trí cheantar

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ghaeltacht Mhúscraí san áireamh. Tá rogha bhealaigh ag teacht chun cinn anois áfach, bealach a théann ón dtaobh thoir thuaidh de Mhaigh Chromtha go Carraig an Droichid, anonn go Cill Mhuire, Tír Eiltín agus Cill Mhichíl, agus as san ó dheas go Dún Mánmhaí. Tá súil ag Eirgrid iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála níos déanaí i mbliana.

Tá forbairt líne nua chumhachta Mhaigh Chromtha-Dhún Mánmhaí á cur chun cinn ag Eirgrid mar chuid de phlean náisiúnta Grid 25 ina bhfuil sé i gceist €4 bhilliún a chaitheamh ag uasghrádú an ghréasáin náisiúnta uaidh seo go dtí an bhliain 2025. Tá sé i gceist €730 milliún a infheistiú sa ghréasán i réigiún an iardheiscirt le linn na tréimhse sin.

Ceardlann scríbhneoireachta á heagrú do Thionól na Mumhan

Seán Ó Loingsigh

TÁ ceardlann scríbhneoireachta á heagrú mar chuid d'imeachtaí Thionól na Mumhan a bheidh á reachtáil ag coiste Dháil na Mumhan de Chonradh na Gaeilge i mBaile Bhuirne i gceann coicíse (10-12 Meitheamh).

Tá sé curtha in iúl ag an scríbhneoir agus iar-Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Pádraig Mac Fhearghusa, go mbeifear ag cloí le deichniúr rannpháirtithe don cheardlann ar mhaithe le plé níos fearr agus níos mine a dhéanamh ar na saothair scríbhneoireachta a bheidh faoi chaibidil acu.

Is é seo an cúigiú bliain go bhfuil a leithéid de cheardlann á reachtáil ó chuir Dáil na Mumhan an tionól bliantúil ar bun i mBaile Bhuirne in 2007.

Beidh an cheardlann in Óstán Ghobnatan á stiúradh mar is iondúil ag an bhfile agus an staraí Pádraig Ó Snodaigh, ag eagarthóir Feasta Pádraig Mac Fheargusa, agus ag an úrscéalaí Micheál Ó Ruairc.

Léamh a saothar dá chéile agus aisfhreagra ó chomhscríbhneoirí a bhíonn i gceist sa cheardlann, agus tá fáilte ar leith á cur roimh scríbhneoirí óga chomh maith le scríbhneoirí seanbhunaithe.

Maidir le himeachtaí eile an Tionóil beidh léacht dar teideal 'Éire agus an tArdoideachas' leis an nDochtúir Neil Buttimer ó Ollscoil Chorcaí san Óstán oíche Dé hAoine agus beidh léacht eile sa Mhuileann ar an Satharn leis an Ollamh Pádraig Ó Riain a bheidh ag cur síos ar naoimh Mhúscraí.

Tá turasanna go dtí na hionaid luíocháin i gCill Mhichíl agus i mBéal na mBláth beartaithe i rith an deiridh seachtaine agus beidh gradaim Laoch na Mumhan, Choiste Contae na Mumhan agus Chraobh na Mumhan 2011 á mbronnadh ag Dáil na Mumhan Chonradh na Gaeilge oíche Dé Sathairn.

Beidh rátaí speisialta le haghaidh lóistín ar fáil i dtigh ósta An Muileann agus in Óstán Ghobnatan dóibh siúd a bheidh ag freastal ar Thionól na Mumhan.

Na siúlóirí Fred Mac Suibhne agus a bhean Síle, Baile Mhic Íre, agus Jerry Mac Cárthaigh agus a bhean Mary, Carraig a' Phúca, a ghlac páirt i dturas Ghaeltacht Mhúscraí Dé Domhnaigh seo caite ar mhaithe le hobair cothabhála ag Scrín Ghobnatan i mBaile Bhúirne. PIC: Ó LOINGSIGH

Breis is €3,000 bailithe de thoradh thuras Chumann Honda 50 Ghaeltacht Mhúscraí

Seán Ó Loingsigh

GHLAC suas le 160 duine idir ghluaisrothaithe, úinéirí seanghluaisteán, rothaithe agus shiúlóirí páirt i dturas bliantúil a reáchtáil Cumann Honda 50 Ghaeltacht Mhúscraí Dé Domhnaigh seo caite ar mhaithe le hairgead a bhailiú d'obair chothabhála a bhíonn ar bun ag Scrín agus Reilig Ghobnatan i mBaile Bhuirne.

Ba é seo an tríú turas a d'eagraigh Cumann Honda 50 ó bhí an chéad cheann ann ar son chúis charthanachta in 2009. Bailíodh breis is €3,000 de thoradh thuras an Domhnaigh seo caite agus tá súil ag an gCumann an seic a bhronnadh ar choiste Scrín Ghobnatan sna laethanta amach romhainn.
Do thaisteal na gluaisrothaithe agus na tiománaithe seanghluaisteán ó Bhaile Bhuirne go Beanntraí trí Chill Gharbháin agus ar ais trí Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh. Ghlac líon mór rothaithe páirt i dturas rothaíochta go Barr a'Chuma agus ba shiúlóid ó Bhaile Bhuirne go Cúil Aodha trí Dhoirín Álainn a bhí ar bun ag na siúlóirí.

Imeacht trasteorann a bhí ann agus bhí rannpháirtithe ó Chorcaigh agus ó Chiarraí ar an dturas. Bhí triúr iardhaltaí ó Choláiste an Phiarsaigh Ghleann Maighir i measc na rothaithe - Laura Hewson, Nóirín de Brún agus Cara Ní Ríordáin - agus thaisteal gluaisrothaí 85 bliain d'aois - Gerald Lyons - ó chathair Chorcaí chun páirt a ghlacadh sa turas. Ba as Réidh na nDoirí d'athair Gerald ó dhúchas agus tá turais níos faide in Éirinn agus ar mhór-roinn na hEorpa curtha de aige ar a ghluaisrothar i gcaitheamh a shaoil. Beidh an t-iar-innealtóir de chuid An Post ag tabhairt aghaidhe ar Dhún na nGall go luath, turas fan an chósta a dhéanann sé dhá uair in aghaidh na bliana.

D'íoc na rannpháirtithe €20 an duine chun páirt a ghlacadh i dturas an Domhnaigh seo caite agus bhí deis ag daoine tacaíocht a thabhairt don bhfeachtas chomh maith ag beárbaiciú agus seisiún ceoil a reáchtáladh sa Mhuileann nuair a d'fhill lucht an turais ar Bhaile Bhuirne.

Bailíodh €20,000 do Chumann Leoicéime na Leanaí in Ospidéal na Trócaire i gcathair Chorcaí de thoradh an chéad turais a d'eagraigh Cumann Honda 50 Mhuscraí in 2009 agus anuraidh bhronn an Cumann €6,500 ar charthanacht Chúnamh Leighis Ailse atá lonnaithe in Ospidéal na hOllscoile i gCorcaigh.

Nuacht na nDéise

Le Cabrini de Barra

Ócáid Líonrú Gnó

TÁ Cumann Tráchtála Dhún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge ag eagrú ócaid líonraithe i nGaeltacht na nDéise, le tacaíocht ó Chomhlucht Forbartha na nDéise Teoranta agus Nemeton TV. Is iad na móraidhmeanna a bheas ag an ócáid ná:

- Próifíl a thabhairt do ghnóthaí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht
- Deis a chur ar fáil don bpobal gnó in Iarthar Phort Láirge eolas a fháil faoi ghnóthaí na Gaeltachta
- Deis a thabhairt do lucht gnó na Gaeltachta líonrú le lucht gnó eile in Iarthar Phort Láirge, nascanna a chothú leo, agus aithne a chur orthu
- Deis a thabhairt do phobal gnó Iarthar Phort Láirge leargas a fháil maidir le gníomhaíocht ghnó sa Ghaeltacht

Beidh an ócáid ar siúl i Nemeton TV, An Rinn ar an Déardaoin 26 Bealtaine ag 5.30in. Tá cuireadh oscailte ann do gach éinne atá i mbun gnó i nGaeltacht na nDéise nó in Iarthar Phort Láirge a bheith ann. Bheadh fáilte roimh dhaoine cártaí gnó nó ábhar fógraíochta maidir lena ngnó a thabhairt leo lena ndáileadh. Beidh cur i láthair gairid ó Nemeton TV agus Comhlucht Forbartha na nDéise agus beidh gloine fíona agus sólaistí ar fáil, dar ndóigh! Seo an chéad ócáid dá leithéid i nGaeltacht na nDéise agus tá gach eolas ar fáil ó Chabríní de Barra, Bainisteoir Forbartha, Comhlucht Forbartha na nDeise ar 087-6532044 / 058-46664.

Ó na Déise go Strasbourg

BEIDH Scoláirí Bhliain a Dó i Meánscoil San Nioclás, An Rinn ag taisteal chun Phairlimint na hEorpa in Strasbourg ó 9-12 Meitheamh 2011. Bhuaigh Katie Ní Urmholtaigh ón Seanphobal an turas iontach mar dhuais agus is mór an chúis bhróid don cheantar na hambasadóirí óga seo a bheith ag taisteal chun na Pairliminte ó Ghaeltacht na nDéise agus ag glacadh páirte i ndíospóireacht.

Ranganna do sholáthróirí Lóistín

BEIDH Comhlucht Forbartha na nDéise Teo ag cur sraithe de ranganna Gaeilge ar fáil do dhaoine atá ag cur lóistín ar fáil, atá ag coimeád daltaí samhraidh nó go mbeadh spéis acu lóistín a chur ar fáil nó daltaí a choimeád sa todhchaí. Beidh an chéad sraith de na ranganna seo ar siúl ó 6.30in - 7.30in ar 31 Bealtaine agus 7, 14 & 21 Meitheamh.

Grúpa 'Le Chéile' do mhná sa Ghaeltacht

GNÍOMHAÍOCHTAÍ le teacht: Céadaoin 25ú Bealtaine: Turas go dtí Grudlann na nDéise (8.30in-9in. Ag teacht le chéile ag Halla Pobail na Rinne ag 8in). Máirt 31ú Bealtaine: Siúl go dtí Spar agus ceardlann cártaí (foghlaim conas 45 etc. a imirt). Máirt 7ú Meitheamh: Páirtí Tupperware. Aoine 17ú Meitheamh: BBQ. Beimid ag briseadh don samhradh tar éis an BBQ agus beimid ar ais arís i Meán Fómhair 2011. Coimeádaigí súil ar nuacht an ghrúpa ar leathnach 'Le Chéile' ar Facebook. Téigh i dteangmháil le Ger (087 6700569) nó Yvonne (087 6884688).

Ranganna Gaeilge

BEIDH an Ciorcal Comhrá ar siúl gach oíche Mháirt i rith mhí na Bealtaine ag 7in i Mooney's sa Rinn. Beimid ag bogadh go dtí Tigh Mhuirithe, Heilbhic i mí an Mheithimh. Fáilte roimh chách.

Don té nach bhfuil Gaeilge ar bith aige/aici, beidh Comhlucht Forbartha na nDéise Teo, in éineacht le Coiste Gairmoideachais Phort Láirge, ag eagrú cúrsaí samhraidh ó 11 go 15 Iúil, 10:00 go dtí 13:00 gach lá.

Beidh meán-rang Gaeilge ar siúl i rith an tsamhraidh i nGaeltacht na nDéise ar feadh seachtaine. B'fhiú áit a chur in áirithe go luath chun díomá a sheachaint. Gach eolas ó Chabríní ar 058-46664 /087-6532044 /

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ard Mhacha

Cumann Gaelach na hEaglaise ag Ard- Shionad Eaglais na hÉireann

BHÍ seastán ag Cumann Gaelach na hEaglaise ag Ard- Shionad Eaglais na hÉireann in Ard Mhacha 12-14 Bealtaine. Ba é seo an chéad uair riamh go raibh an Cumann ag an Ard- Shionad. Thug Príomháidh na hEaglaise, Alan Harper, óráid uaidh ag moladh go mbeadh Eaglais na hÉireann níos paiseanta ina gcuid ministreachta, agus go mbeadh comhrá agus díospóireacht níos bríomhaire ag lucht na hEaglaise. Bhí thart ar 500 duine ón Eaglais ann, idir chléir agus tuath agus as gach deoise ar an oileán.

Ní raibh aon easpa téagair ag seastán Chumainn Gaelach na hEaglaise. Léirigh neart daoine spéis sa Ghaeilge agus bhí mórán díobh an-dearfach mar gheall uirthi, agus ráitis uathu mar a leanas:

"Rinne mé cinneadh í a fhoghlaim. Ní raibh sé éasca dom í a fhoghlaim i mBéal Feirste i rith na seascaidí ach lean mé ar aghaidh mar bhí sé tábhachtach dom" agus "Ní raibh focal Gaeilge agam mar rugadh mé i Sasana ach bhí mé ag déanamh freastail ar phobal na Gaeltachta agus chreid mé go raibh dualgas orm í a fhoghlaim mar chuid de mo mhinistreacht.".

Dúirt an tUrr. Máirt Hanley, ball de Choiste Chumann Gaelach na hEaglaise:.

"Bhíomar an-sásta leis an tacaíocht agus spéis a léirigh pobal na heaglaise sa teanga. Tá obair le déanamh againn. Tá acmhainní nua againn agus bhí éileamh mór ar an mbileog dhátheangach leis na paidreacha coitianta air. Is léir go bhfuil an doras breá oscailte don Ghaeilge. Tá pobal na heaglaise sásta an chéim sa bhreis a ghlacadh chun Gaeilge a úsáid. Tá siad bródúil as an ról a bhí ag baill na hEaglaise in athbheochan na Gaeilge agus is léir go bhfuil an nasc seo beo beoga go fóill.".

Leabhrán POBAL, Súil Charad, seolta i mBéal Feirste

Taifead d'fhás agus d'fhorbairt na Gaeilge thar 200 bliain

Meadhbh Ní Eadhra

TUGADH ardmholadh do thaispeántas agus leabhrán úr, Súil Charad, de chuid POBAL, grúpa abhcóideachta na Gaeilge, nuair a seoladh i Leabharlann Halla an Línéadaigh i mBéal Feirste é an tseachtain seo.

"Bheartaigh POBAL ar chuid d'fhorbairt na Gaeilge thar roinnt céadta bliain a léiriú trí scrúdú ar nuachtlitreacha agus nuachtáin Ghaeilge, suas go dtí soláthar nuachta ar líne an lae inniu. Tá muid iontach sásta leis an taispeántas agus leis an leabhrán a d'fhás as an togra seo," a deir Janet Muller, Príomhfheidhmeannach POBAL.

Léiríonn Súil Charad scéal an fhoilseacháin i nGaeilge ón 18ú haois go dtí an lá atá inniu ann. Chuir John Killen, Príomhleabharlannaí na leabharlainne, fáilte roimh an taispeántas, é a rá gur acmhainn bhreise, fhiúntach í seo, a chuireann le cartlann na leabharlainne féin.

Sheol an Dr. Fionntán de Brún, Ollscoil Uladh, an taispeántas agus an leabhrán go hoifigiúil.

"Is taifead iontach é Súil Charad d'fhás agus d'fhorbairt na Gaeilge thar 200 bliain," a dúirt sé.

Is é Séamus Mac Aindreasa, Oifigeach Forbartha le POBAL, a rinne an taighde don taispeántas. Dúirt sé, "Tá scéal na nuachtán agus na nuachtlitreacha seo an-tábhachtach. Ba iad an táthán, nó an glae, a choinnigh le chéile pobal na Gaeilge agus é ag fás aníos."

Thug Mary de Largy, Ollscoil Uladh, Coláiste Mhic Aoidh, Doire, léacht na hócáide, agus mhol sí an smaoineamh stair na Gaeilge a scrúdú trí nuachtáin agus nuachtlitreacha. Rinne sí comparáid idir na hirisí atá ar fáil sa lá atá inniu ann, agus an chéad iris i nGaeilge a foilsíodh i mBéal Feirste, Bolg an Tsolair. Dúirt sí, "Tá paidreacha agus ceolta, agus gach eile sórt ruda ann, agus sin go fóill mar a bíos na hirisleabhair - meascán, scéal gairid nó alt beag ag cur síos ar shaol phobal na Gaeilge."

Mhol sí go hard an obair a bhí déanta ag POBAL, agus dúirt sí go raibh sí fíorbhródúil tacaíocht a thabhairt don seoladh i leabharlann Halla an Línéadaigh.

"Is áit thar a bheith stairiúil í seo, Leabharlann Halla an Línéadaigh, a bhfuil baint aici le stair na cathrach, agus go mór mhór le stair na nÉireannach Aontaithe, agus le hábhar an taispeántais atá á sheoladh againn inniu," ar sí.

Bhí an taispeántas ar siúl i Leabharlann Halla an Línéadaigh go dtí le déanaí, ach anois beidh sé ar camchuairt go roinnt mhaith áiteanna eile, Doire, Baile Átha Cliath, Tír Chonaill agus Ard Mhacha uile san áireamh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó 028/048 9043 8132 nó oforbartha2@pobal.org.

Dún na nGall

Féile Béaloidis le seoladh ag Cathal Goan anocht

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH féile 'Béaloideas agus Seanchaithe Theilinn' ar siúl i dTeileann i nDún na nGall ón lá inniu, an Aoine 27 Bealtaine, go dtí an Domhnach 29 Bealtaine i gColáiste Aoidh Mhic Bhricne. Beidh clár lán le himeachtaí ar siúl idir léachtaí le hEoghan Ó Curraighín agus leis an Ollamh Ríonach Uí Ógain, oícheanta airnéil, ceolchoirm le Citi Sheáin agus turas báid. Déanfaidh iarcheannaire RTÉ, Cathal Goan, an fhéile a oscailt go hoifigiúil ar a hocht a chlog anocht i gColáiste Aoidh Mhic Bhricne. Tá an tionól á reáchtáil ag Coiste Forbartha Theilinn i gcomhpháirt le Béaloideas Éireann. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach glaoch a chur ar Mick Brown (087 2993531).

Ceoltóirí Chonamara ag teacht go Tigh Hiúdaí

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH réalta cheoil tuaithe Ghaelach Chonamara, Beairtle Ó Domhnaill, agus réalta an bhosca ceoil as Conamara, PJ Sonaí Cholm Learaí, ar na príomhcheoltóirí ag Cabaret Craiceáilte na míosa seo, Tigh Hiúdaí, An Bun Beag, i nGaoth Dobhair, oíche Dé Sathairn seo (28 Bealtaine).

Roinnt de na ceoltóirí - teagascóirí agus foghlaimeoirí - a bhí i láthair ag an cheolchoirm agus céilí i dToraigh le déanaí.

Bhí oíche ar dóigh ag an Chabaret i mí Eanáir 2009, nuair a sheinn Beairtle, PJ, Mícheál, Eilín agus na Sonnaithe Óga, Tigh Hiúdaí, agus táthar ag súil go mbeidh cuid den atmaisféar céanna ar an Bhun Bheag, Dé Sathairn seo.

Tá an-tóir, go fóill, ar an albam atá amuigh ag Beairtle, 'Neansaí Bhán' agus dar ndóigh tá albam dá chuid féin amuigh ag PJ Connolly fosta, 'Ar na Boscaí Ceoil'. Ní PJ amháin a bheas ann ó chlann Shonaí Cholm Learaí Uí Chonghaile, mar go mbeidh Micheál Sonaí ag seinm fosta, chomh maith le taispeántas damhsa ar an sean-nós óna dheirfiúr Eilín Sonaí.

Tá tóir mhór ag na Conallaigh ar cheirnín Bheairtle Uí Dhomhnaill, 'Neansaí Bhán' a d'eisigh Cló Iar-Chonnachta sa bhliain 2008.

Déanann na hamhráin ceiliúradh ar stair agus ar thraidisiúin Chonamara, le hamhráin in ómós do John Mannion, an dornálaí as Ros Muc, agus Pádraic Dharach, an bádóir as Garumna, san áireamh, chomh maith le hamhráin a cheiliúrann traidisiún na mbád. Ar na hamhráin eile atá le cloisteáil tá "Nancy Bhán", amhrán a mbíonn an-tóir air, "Amhrán Tom Deairbe", i gcuimhne ar an mbádóir cáiliúil agus "I m'fhear óg i Ros an Mhíl", cuimhní cinn imircigh ar a óige.

Is as Foirnis i Leitir Mealláin do Bheairtle agus tá an-cháil air mar amhránaí in iarthar na hÉireann. Bíonn sé ag casadh go rialta leis an ngrúpa Ceann Gólaim i dtithe ósta ar fud Chonamara.

Eagraítear an Chabaret Craiceáilte, ar bhonn deonach, uair sa mhí Tigh Hiúdaí, i nGaoth Dobhair.

Beidh Cabaret na míosa seo ag tosú Dé Sathairn ar a 10 a chlog agus beidh táille €5 ar an doras.

Ionsaí eile ar theach i Maígh

Danny Brown

RINNEADH ionsaí ar theach ar an Mháigh i gContae Dhún na nGall den dara huair go luath Dé Céadaoin na seachtaine seo. Caitheadh buama píopa leis an teach in eastát Wheatfield in aice leis an teorainn le Doire agus, cé gur phléasc an buama, níor gortaíodh duine ar bith. De réir na nGardaí, bhí duine amháin sa teach nuair a ionsaíodh é. Scaoileadh urchar leis an teach céanna i mí an Mhárta nuair a bhí beirt pháiste, 9 agus 11 bliain d'aois, i láthair. Cé go ndeachaigh an piléar trí fhuinneog thosaigh an tí an t-am sin, níor gortaíodh aon duine ansin ach oiread. Ag an am, chuir daoine as an áit an locht ar easaontóirí Poblachtacha agus bhí tuairimíocht láidir sa cheantar go raibh baint ag an ionsaí le drugaí. Níl na Gardaí ag rá go bhfuil baint ar bith idir an dá ionsaí ach go bhfuil siad ag fiosrú cé atá ciontach astu. Dúirt an Cigire David Murphy as Stáisiún Bhun Cranncha gur buama beag a bhí ann ach go raibh an fhéidearthacht ann i gcónaí go bhféadfaí duine a mharú.

"Ar an ócáid seo", a dúirt Murphy, "bhí an t-ádh orainn agus níor gortaíodh duine ar bith."

D'iarr sé ar dhuine ar bith a bhí sa cheantar nuair a caitheadh an buama dul i dteagmháil leis an Gharda Síochána.

Toraigh

Ranganna Ceoil istigh i dToraigh

Meadhbh Ní Eadhra

LE dhá bhliain anuas, tá Lasair, grúpa deonach pobail ealaíne, ag reáchtáil ranganna ceoil istigh ar Oileán Thoraí le maoiniú ó Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall. Dé Sathairn, 22 Bealtaine, bhí torthaí na hoibre sin le feiceáil nuair a tháinig teagascóirí agus foghlaimeoirí le chéile i gClub Sóisialta an Oileáin fá choinne ceolchoirme agus céilí. Bhí scaifte breá i láthair agus bhain achan duine sult ar dóigh as an cheol.

Tá cáil i bhfad i gcéin ar Thoraigh as a chuid boscadóirí cnaipe agus tá glúin óg acu siúd ag teacht chun tosaigh anois, ach freisin, bíonn daoine ag bualadh an chonsairtín, na fidle, an ghiotáir, agus an bhosca pianó. Tá an ceol ag dul ó neart go neart istigh i dToraigh agus táthar ag súil go mbeidh na ranganna ag tosú arís i Meán Fómhair.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Roinnt de na haoíonna a bhí i láthair ag oscailt 'Donegal Live' i nGairdíní Uíbh Eathach i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo (PIC : EOIN MCGARVEY)

Sa Lios Mór ag seoladh an chláir do Theaghlaigh tá na taiscéalaithe Evan Mahon (12), Harry Alexander Smith Huskinson (4) agus Jamie Maxwell (6) ón Lios Mór. Beidh féile litríochta Immrama ar siúl sa Lios Mór ón 9-12 Meitheamh, 2011 - do a thuilleadh eolais féach ar www.lismoreimmrama.com

Mna Tí Gael Linn - D'éirigh go hiontach leis an lá oiliúna ar chosaint pháistí a d'eagraigh Gael Linn do mhná na dtithe sna Coláistí Samhraidh i dTeach Jack ar an Ghlaisigh, Gaoth Dobhair. Ba é John Shéamuis Ó Fearraigh ó Óige na Gaeltachta a ghlac an seisiún. Dúirt Réamonn Ó Ciaráin bainisteoir choláistí Gael Linn go raibh Gael Linn ag obair go dian ar an taithí a bhíonn ag daltaí i gcoláistí Gael Linn a fhorbairt agus ar shábháilteacht pháistí ach go háirithe sa dóigh is go mbeidh achan chúrsa de chuid Gael Linn ina chúrsa iontach.

Caroline Nolan, Oifigeach Forbartha Gaeilge, agus Aonghus Dwane, Rúnaí Oinigh, Cumann Gaelach na hEaglaise ag ag Ard Shionad Eaglais na hÉireann in Ard Mhacha 12-14 Bealtaine. Bhí seastán ag Cumann Gaelach na hEaglaise ag an Ard Shionad den chéad uair.

Na rothaithe Laura Hewson, Gleann Maighir, Nóirín De Brún, Gleanntán, agus Cara Ní Ríordáin, Mainistir na Corann, a rothaigh ó Bhaile Bhúirne go Barr a'Chuma mar chuid de Thuras Ghaeltacht Mhúscraí ar son Scrín Ghobnatan Dé Domhnaigh seo caite. PIC: Ó LOINGSIGH

Lucht Oideas Gael ag 'Donegal Live' i mBaile Átha Claith le linn na seachtaine. (PIC : EOGHAN MCGARVEY)

TRÁCHTAIREACHT

Ceannairí ar chuairt agus a gcúpla focal

Concubhar Ó Liatháin

BÍONN tú ag fanacht le ceannaire domhanda teacht ar feadh na mblianta agus ansin, go tobann, tagann beirt acu díreach i ndiaidh a chéile!

Cad é an bhrí a bhí leis an sorcas a thit amach sa tír seo le coicís anuas?

Teacht Bhanríon Eilís II ó Shasana seachtain amháin agus ar a sála siúd, seo chugainn Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá, Barack Obama?

Dá mba shoiniceach thú, d'fhéadfá a rá go bhfuil ár gcreidiúnaithe ag teacht ar cuairt chugainn lena chinntiú nach dtéimid ar seachrán ón mbóthar seo romhainn, aisíoc fhiacha na mbanc, an Banc Angla-Éireannach, Irish Nationwide, Banc Aontas Éireann, Banc na hÉireann.

Agus nach álainn an blas atá ar Ghaeilge Barack Obama agus Bhanríon Shasana araon? Nach náiríonn siad ár bpolaiteoirí féin agus an cúpla focal á spalpadh acu beirt le fonn. Is féidir linn, go deimhin!

Nach aisteach mar a dhéanann na meáin Bhéarla sa tír seo mór den 'chúpla focal' ó bhéal na Banríona agus Barack nuair a dhéanann na tráchtairí céanna beag den Ghaeilge a labhraíonn céad míle duine, ar a laghad, ar an oileán seo go laethúil.

Bíodh is go bhfuil naisc stairiúla idir sinne agus an Bhreatain agus na Stáit Aontaithe, bíodh is go bhfuil na milliúin de bhunadh Éireannach ina gcónaí sa dá thír, bíodh is go bhfuil an-dúil acu sa 'chéad míle fáilte' a fearadh roimh an mbeirt cheannairí nuair a tháinig siad go hÉirinn – ní hiad sin na cúiseanna go raibh an sorcas ar bun sa tír seo le coicís.

An rud is annamh is iontach. Le linn chuairt na Banríona, bhí Rúnaí Gnóthaí Eachtracha na Breataine, William Hague, agus Príomh-Aire na tíre, David Cameron anseo freisin. Bunaíodh Comhaltas Tráchtála na hÉireann-na Breataine chun dlús a chur leis an gceangal tráchtála idir na tíortha comharsanúla.

Ní olc an rud é sin.

An bhfuil ceangal polaitiúil níos láidre á bheartú idir an dá thír seo freisin? An bhfuil Rialtas na hÉireann ag cur in iúl, i dteanga na taidhleoireachta, go bhfuil siad ag caint leis an mBreatain, tír nach

Agus nach álainn an blas atá ar Ghaeilge Barack Obama agus Bhanríon Shasana araon? Nach náiríonn siad ár bpolaiteoirí féin agus an cúpla focal á spalpadh acu beirt le fonn. Is féidir linn, go deimhin! Nach aisteach mar a dhéanann na meáin Bhéarla sa tír seo mór den 'chúpla focal' ó bhéal na Banríona agus Barack nuair a dhéanann na tráchtairí céanna beag den Ghaeilge a labhraíonn céad míle duine, ar a laghad, ar an oileán seo go laethúil.

bhfuil páirteach san Euro, faoi chomhghuaillíocht nua ag Bord an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhguailliocht idir Beirlin agus Páras?

Fiú leis an mBreatain linn mar sin, is ar éigean go n-éistfeadh Nicolas Sarkozy nó Angela Merkel linn.

Ach, féach, seo chugainn Barack Obama, Uachtarán Stáit Aontaithe Mheirceá, an fear is cumhachtaí sa Domhan Thiar, maítear, agus é ar cuairt ar Éirinn. B'fhéidir le SAM ag seasamh ar ár gcúl go dtabharfaí éisteacht níos cúramaí dúinn?

Comhghuaillíocht chumhachtach, más ann di, í Comhghuaillíocht an Bhéarla. Is é an Béarla teanga oibre na dtíortha seo. Dhá thír chumhachtacha iad SAM agus an Bhreatain agus is cairde cumhachtacha iad beirt ag an tír seo.

Anois is athrú poirt é seo ón gceol a bhí ónár gceannairí tráth go raibh Conradh Liospóin ós comhair phobal na tíre seo in dhá reifreann. An uair sin ba thréas é, nach mór, a rá ós ard nár mhaith linn bheith comhcheangailte leis an Aontas Eorpach, rud a bhí á mholadh ag tacadóirí an vóta 'Tá' na huaireanta úd.

Anois ní caidreamh dubh agus bán é seo. Tá sé tagtha chun solais gur úsáid Tim Geithner, 'Aire Airgeadais' na Stát Aontaithe vóta na tíre sin leis an gCiste Idirnáisiúnta Airgeadais (IMF) chun a chinntiú nach ligfí do Rialtas na hÉireann tine a chur faoi thónacha na sealbhóirí bannaí, mar shampla.

Faoi láthair tá an Ghearmáin agus an Fhrainc ag treisiú an bhrú ar an tír seo an cháin chorporáideach a ardú ó 12.5%. Tá sé le tuiscint go mbeidh aon mhaolú ar na téarmaí a bhaineann leis na hiasachtaí a fuaireamar ón Aontas Eorpach agus an IMF ag brath ar ár ngeilleadh ar an gceist seo. Ní beag suim Stáit Aontaithe Mheiriceá sa troid seo – tá na céadta comhlachtaí Meirceánacha lonnaithe in Éirinn agus níor mhaith leosan aon ardú ar an ráta cánach corporáidí. Is cinnte go bhfuil sé seo curtha in iúl acu dá rialtas féin in Washington. Dá mhéid é an cháin chorporáideach a íocann na comhlachtaí seo, leithéidí Google, Twitter, Ebay, Intel agus eile, ar an taobh seo den Atlantach, is lú cáin a íocfaidh siad ar an taobh thiar. Tá súile Barack Obama ar an bpota óir ar an taobh seo den tuar ceatha le fada an lá. Ní fheadar an bhfuair sé radharc ar an bpota óir agus é anseo Dé Luain seo caite! Is cinnte nach raibh aon easpa tuar ceatha air!

Ní gá gur comhcheilg mhór é seo. Ní hé go bhfuil flaitheas na tíre seo i mbaol ó chaidreamh níos tréine idir sinne, SAM agus an Bhreatain. Tá ár bhflaitheas imithe le gaoth ar aon nós – a bhuíochas sin le Fianna Fáil, na bainc, na tógálaithe agus na céadta míle duine a cheannaigh go daor le linn blianta rachmasacha an Tíogair.

Beidh ceisteanna móra á gcur amach anseo faoin mBunreacht agus a leithéid. Beidh daoine ann a chuirfidh i gcoinne aon bhogadh, mar shampla, i dtreo ballraíocht sa Chomhlathas (Briotanach, mar a bhí).

Mar is gnáth brúfar ar aghaidh in ainneoin na gceisteanna seo. Sa deireadh thiar tá an freagra amháin ar na gceisteanna go léir, beag agus mór: i bhfocail iar-Uachtarán SAM, Bill Clinton:

"It's the economy, stupid!"

Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá, Barac Obama, fear de bhunadh Mhuine Gall, agus é ar chuairt in Éirinn ag tús na seachtaine seo. Tá an Taoiseach, Enda Kenny ar thaobh a láimhe deise. Tháinig na sluaite chun Faiche an Choláiste chun eiseacht le hóráid an Uachtaráin agus ba bheag díoma ar dhuine ar bith leis an óráid a thug sé.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 27 Bealtaine, 2011

Barakadh an lae ghil?

Eoghan Ó Néill

Uachtarán Mheiriceá, Barack Obama ag spreagadh na sluaite lena mhana pearsanta clúiteach - "Is féidir linn." Tá go leor i bpobal na Gaeilge spreagtha go mór mar gheall ar an Ghaeilge a labhair an tUachtarán Obama (PIC. LEON FARRELL /PHOTOCALL IRELAND.)

'BARAKADH an lae ghil' an ceannlíne a bhí againn ar eagrán clóite Nuacht24 lá insealbhaithe Barack Obama 20 Eanáir 2009.

Ar a chloisteáil i bhFáiche an Choláiste oíche Luain agus é dár misniú chun a chreidbheáil san fhís, 'Is féidir linn' lasadh dóchas lá úd an insealbhaithe ionam as an úr.

Bhí na trí fhocal sin 'Is féidir linn' mar a bheadh cic ceart pianmhar nimhiúil binbeach, go meafarach, sa chuid íochtair dá gcolainn do na bligeairdí.

Na bligeairdí sin a bhfuil slí beatha faighte acu as an Ghaeilge a chiceáil ina gcolúin nuachtáin is a n-altanna irise, ina seanmóirí ar theilifís nó raidió.

Agus iontas na n-iontas, rinneadh balbhán den dream sin an tseachtain seo nuair a thaobhaigh Obama leis an Ghaeilge, leis an dearfacht, leis an todhchaí.

Ní mhairfidh an tost ach bainimis sult as.

Agus nárbh iontach é an Irish Daily Mail agus an Indo a bheith ag imirt an chárta Ghaelaigh.

An Daily Mail!

Agus mise ag fás aníos is iomaí uair a chan mé 'The Man from the Daily Mail', amhrán a dhéanann scig ar iriseoirí Shasana agus ar a scifleogaí.

Ach Dé Máirt fágadh mise i mo thost nuair a bhí 'Is féidir linn' i gcló trom dubh ina cheannlíne ar an chéad leathanach ag an Irish Daily Mail agus ag an Indo araon.

'Sláinte' a bhí ag an Irish Examiner agus ba é an Irish Times amháin de na nuachtáin mhórbhileogacha nár thit faoi gheasa na Gaeilge an mhaidin sin.

Ó Des Bishop go Dara O Briain go Piers Morgan, sea, dúirt mé Piers Morgan, tosaíodh ar fheachtas chun '#isféidirlinn' a chur ag trendáil ar twitter.

Seachtain chorrach, seachtain dhearfach.

Agus i gcás na Gaeilge cuirim fáilte roimh gach íomhá dhearfach den teanga agus de lucht a labhartha.

Ceol do mo chluasa é gach uair a chasann Dara O Briain nó Deasún Mac an Easpaig, Máire Mhic Ghiolla Íosa nó Gráinne Seoige ar an Ghaeilge.

Is amhlaidh is fearr as muid gach uair a fheiceann an mórphobal go bhfuil an Ghaeilge ina cuid de shaol na hÉireann agus de shaol na nÉireannach in ainneoin gach tubaiste is tuar éadóchais.

Is fada agus ró-fhada atá mé dubh dóite de bheith ag éisteacht le lucht caointe agus a 'níl Gaeilge agam mar gur go ndearnadh é a bhualadh isteach ionam ar scoil.'

Nó an mantra sean-caite sin '*but nobody speaks Irish.*'

Thug Obama freagra ar lucht díspeagtha na Gaeilge ar mo shon.

Éirigh as an chaoineadh.

Ná habair 'Ní féidir linn.'

Bain triail as 'Is féidir linn.'

Nó fiú féin, 'Is féidir liom.'

Ceannaigh an t-léine 'Is féidir linn' ón Spailpín Fánach nó ó na dreamanna eile atá á díol.

Gabh isteach go YouTube agus déan an óráid a scaipeadh ar do chairde.

Cuir '#isféidirlinn' ag an deireadh agus tú ag gliogáil.

Ach thar rud ar bith eile ná habair é amháin – déan é!

Ba mhór liom anois dá ndéanfaimis 'Is féidir linn' a cheangal le habairt Ghaeil Bhéal Feirste, 'Ná habair é, déan é.'

Anois dá ndéanfaí an dá rud!

Agus tá mé chun nóta a chur chuig Obama.

Agus iontas na n-iontas, rinneadh balbhán den dream sin an tseachtain seo nuair a thaobhaigh Obama leis an Ghaeilge, leis an dearfacht, leis an todhchaí. Ní mhairfidh an tost ach bainimis sult as. Agus nárbh iontach é an Irish Daily Mail agus an Indo a bheith ag imirt an chárta Ghaelaigh. An Daily Mail!

Ag treaslú dó a chuid Gaeilge.

Ach ag cur ar a shúile dó go bhfuil cúpla focal ann atá níos tábhachtaí go fiú ná 'Is Féidir Linn.'

Is tábhachtaí fós an abairt sin, 'Aire, Rampaí!'

Seó den scoth a bhí i gcuairt Obama agus ba gheall le claochlú againn é an seó seo a fheiceáil seachas an gheamaireacht a bhfuil-imid cleachtaithe leis.

Tá féith na filíochta is na hóráidíochta is na cainte ag Obama.

Is beag duine chomh béal-líofa leis, agus in aois seo an cheiliúráin níl duine ar bith is clúití ná é.

Agus is maith linn, Éireannaigh, gaol ar leith a shamhlú idir muid agus an cine gorm nó thosaigh muid beirt ag bun an chairn sna Stáit Aontaithe agus go ndearnadh Uachtarán de dhuine de mhuintir s'againne.

Ach bhí mé meallta fosta nár thóg an rialtas ceist na bPalaistíneach le Barack Obama.

Níor dhochar do Micheál Ó Nuanáin tagairt a dhéanamh don dóigh ar chuir Timothy Geithner plean rialtais Brian Cowen ó mhaith i mí na Samhna seo thart chun bearradh dhá dtrian a ghearradh ar luach €30 billiún de bhannaí.

Agus is trua nár chuir duine ar bith i gcuimhne do Barack go bhfuair sé Duais Nobel na Síochána ach ó shin gur choinnigh sé oscailte campa géibhinn Guantanamo, gur chuir sé go mór le húsáid eitleán gan phíolóta, agus gur cheadaigh sé fheallmharú gan triail níos minice ná duine ar bith den chlann Bush.

Cuirtear fáilte roimh ár gcuairteoirí ach ní miste a chur i gcuimhne dóibh go bhfuil tuairim againn fosta.

Ach b'fhéidir go dtuigeann Enda gur maith leo an fhleá ach gur cuma leo sa tsioc a chomhairle.

Ba mhór le David Cameron agus le Banríon Shasana an fháilte a cuireadh rompu in Éirinn ach ar fhilleadh abhaile chuir Davy nóta chuig Enda, 'Bhí an féasta ar dóigh ach maidir leis na comhaid sin faoi bhuamaí Bhaile Átha Cliath/Mhuineacháin, déan dearmad orthu.'

An caidreamh nua mórán mar a bhí an seancheann!

Abair Leat – "Is féidir linn!"

Páidí Ó Lionáird

TÁ *Standards and Poor* i ndiaidh céim chun cinn nó ardú céime a thabhairt d'Éirinn den gcéad uair le ceithre bliana anuas agus níos tábhachtaí ná sin i ndiaidh leath-dhosaen ísliú céime a thabhairt dúinn agus dár ráta creidmheasa sa tréimhse chéanna. Anois bheadh sé ábhairín páistiúil agus soineanta uaim a shamhlú gur de bharr na dearfachta ar fad atá morthimpeall na tíre le coicíos anuas atá na nithe seo ar fad ag tarlú ach caithfidh go bhfuil baint éigin acu lena chéile.

Ach tá daoine ann a thugann faoina ndualgais le fuinneamh agus le díograis agus a chothaíonn atmaisféar "is féidir linn" ag an am gcéanna.

Bhuaileas le duine acu an tseachtain seo. Micheál Ó Foighil is ainm dó agus is comharsana muid. Is fear é a bhfuil sé d'ádh air an tréith dhearfachta sin a bheith go smior ann. Tá sé sa DNA aige. Le blianta anuas, is é atá i gceannas ar Choláiste Lurgan, coláiste samhraidh a fhreastalaíonn ar bhreis is míle go leith scoláire gach samhradh.

Tá fealsúnacht an-simplí ag Micheál. Má bhíonn scoláirí ag baint taitnimh as rud astu féin, foghlaimeoidh siad i ngan fhios dóibh féin. Tá an fhealsúnacht seo feicthe agam ag dul i bhfeidhm ar na céadta scoláire aige agus fiú orthu siúd a mbíonn sé deacair orthu iad féin a chur in iúl, na fir agus mná óga sin arbh fhearr leo dul abhaile an chéad seachtain de chúrsa – fásann misneach agus féinmhuinín iontu agus diaidh ar ndiaidh bíonn fealsúnacht Mhichíl le sonrú iontu.

Tá cloiste againn ar fad faoi Facebook agus Twitter, tá leathanaigh dá gcuid féin ag móramh mór déagóirí ar na gréasáin shóisialta sin. Tá Abair Leat difriúil; ar an gcéad dul síos tá an dearadh ar chaighdeán idirnáisiúnta agus níos fearr.

Le cuairt a thabhairt ar Choláiste Lurgan i gcaitheamh an lae, ní fhéadfá Micheál a aithint mar an té i gceannas. Ní hé nach bhfuil tréithe na ceannasaíochta ann. Tá ach bíonn sé féin chomh báite i ngnóthaí na scoláirí, ag spraoi leo, ag geabaireacht agus ag magadh leo – cuireann sé é fhéin ina measc agus bíonn fhios acu nach bhfuil aon bhalla eatarthu. Is é sin muna sáraíonn siad na bun-rialacha. Ansin, nochtar fiacla nuair is gá.

Níorbh aon ábhar iontais dom é mar sin, nuair a chuireas glao ar Mhicheál ag lorg gair uaidh, i dtús na bliana, b'fhéidir deireadh Eanáir nó mar sin, gur luaigh sé liom go raibh togra bisiúil dá chuid ag teacht chun aibíochta.

Bhí cloiste agam cheana féin faoin dtogra "Abair Leat", córas múinte na Gaeilge a bhí deartha ag Micheál (rud nach n-admhódh sé óir tugann sé an chreidiúint ar fad dá chomhghleacaithe – tréith an tsár-chaiptín aige freisin) agus a bhí ag obair ar shuíomh idirlín an Choláiste (www.lurgan.biz). Is mór is fiú súil a chaitheamh ar an suíomh agus cífidh sibh cad faoi a bhfuilim ag scríobh. Tá áis ann do gach iar-scoláire de chuid Choláiste Lurgan agus próca meala ann dóibh siúd ar mhaith leo freastal.

Ar aon nós, tá an cluiche tugtha go leibhéal nua ar fad anois aige. Is gearr go mbeidh sé ar chumas gach uile dhuine acu siúd a bhfuil ceangal acu le Coláiste Lurgan, go dtí seo agus amach anseo, bheith i dteagmháil lena chéile ar ghréasán sóisialta pobail nua nuair a bheidh Abair Leat beo ann. Seo fiontar atá dírithe go huile agus go hiomlán ar an spriocghrúpa is tábhachtaí dá bhfuil ann – an óige.

Tá cloiste againn ar fad faoi Facebook agus Twitter, tá leathanaigh dá gcuid féin ag móramh mór déagóirí ar na gréasáin shóisialta sin.

Tá Abair Leat difriúil; ar an gcéad dul síos tá an dearadh ar chaighdeán idirnáisiúnta agus níos fearr. É seo de bharr naisc a rinne Micheál le Fantasy Interactive, an comhlacht dearthóireachta is iomráití ar domhan agus, mar bharr air sin, faoi stiúir Baile Átha Cliathaigh óig darb ainm David Martin.

Le Abair Leat, beidh gach áis agus deis cumarsáide i nGaeilge ar an gcéad dul síos. Muna bhfuil do dhóthain Gaeilge á húsáid agat, ní cheadóidh an gréasán duit an chumarsáid áirithe sin a chur in airde. Ach múinfidh an gréasán Gaeilge an té atá ar an ngannchuid, tabharfaidh sé deis aistriúcháin agus míniú ar úsáid agus cirte na bhfocal.

Mar bharr air seo ar fad, tá an gléasra deartha ionas go ndéanfaidh Abair Leat nasc comhuaineach le leathanaigh Facebook agus Twitter na n-úsaideoirí agus beidh an teachtaireacht agus an chumarsáid Ghaeilge á gcur in airde ann ag an am gcéanna.

Uaireanta bíonn lagmhisneach orainn faoi staid na Gaeilge agus faoin gcaoi a gcaitheann na ranna stáit léi. Seo an freagra, nó cuid de ar aon chuma. Tá súil ag Micheál go mbeidh Abair Leat ar fáil, beo do chách, roimh dheireadh na bliana agus go mbeidh os cionn 100,000 duine cláraithe lena úsáid laistigh de bhliain. Tá scór míle acu san tar éis bheith ag freastal ar Choláiste Lurgan cheana agus geallaim daoibh go saróidh sé a sprioc, faoi mar atá déanta cheana aige.

Fís aon fhir a d'fhéadfadh seachadadh na Gaeilge a athrú go brách. In áit an "cuma liom", is léir go bhfuil an "Is féidir linn" foghlamtha ag cuid againn.

Micheál Ó Foighil ar chéile ina eineacht le Simon Coveney T.D.

Gabháil scaileáin ó 'Abair Leat'

Fiabhras na Féile d'Óráid Obama

Fionán Ó Muircheartaigh
ar shráideanna na cathrach

D'FHÉADFADH go mbeadh cluiche ceannais na hÉireann ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. Bhí bratacha, scairfeanna, agus ponchos ar díol agus fiabhras na féile san aer.

Faoi mheán lae bhí na mílte bailithe sa chathair, ag feitheamh go foighneach faoi scáth Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar shráid an Tiarna Éadbhard.

Daoine óga den chuid is mó a bhí i mbarr na scuaine, mic léinn agus daoine dífhostaithe, ach is beag duine díomhaoin a bhí ina measc.

Bhí atmaisféar croíúil dóchasach le braistint. Tuaradh báisteach ach is beag braon a thit.

Bhí grúpa amháin a thaisteal ceithre huaire go leith ó Chontae Chorcaí.

D'éirigh siad ar a 6 a chlog ar maidin. Bhí mic léinn ó Dhroichead Átha agus ó Bhéal Feiriste, agus Meiriceánaigh ar a laethanta saoire.

Iad uile gealgháireach.

Is aisteach an rud a bheith ar bís ag feitheamh ar óráid polaiteora. Nach raibh Obama anseo ar a leas féin ar aon chuma? Ar chúiseanna polaitiúla. Cén mhaitheas a dhéanfadh sé dúinne? Cén tábhacht atá leis an gcuairt dáiríre?

Ba léir nár chuir na ceisteanna seo amhras ar na mílte thart orm.

Ba chuma leis an slua an cleas toghchánaíochta a bhí ann. Ba chuma leo gur caidreamh poiblí maith a bhí ann do 'Éire Teoranta.'

Bhí an tuiscint ann gur polaiteoir de mhúnla nua é Obama, duine ar féidir muinín a bheith agat as. Duine ionbháúil, soirbhíoch. Agus bhí géarghá againn leis.

N'fheadar an é go raibh ceannaire á lorg againn nó draíocht éigin?

An bhféadfadh Obama dearóil an Stáit agus pian ár gcroíthe a mhaolú lena bhéal binn?

An cuma? D'fhág an slua go lánsásta. 'Is féidir linn':

Catairse mhana Obama ina nglaic acu.

Cluiche an lae thart

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

B'fhéidir linn i gcónaí

B'IONTACH an rud é "is féidir linn" a fheiceáil ar phríomhleathanaigh na bpáipéar mór Béarla an tseachtain seo, sos cogaidh fógartha acu ina streachailt fhada i gcoinne úsáid an tsíneadh fada.

Ba rud dearfach é amach is amach - maith don tír, maith don Ghaeilge. Ba bhuille é don doirbheas agus don truacántas Éireannach a dhéanann a ndícheall a bheag a dhéanamh den tír seo i gcónaí.

Bhí an ceart ag Barack Obama, 'Is féidir linn'. Aontaíonn muid go láidir leis sin. Cliché atá ann go cinnte ach is cliché riachtanach é. Ba cheart dúinn a bheith dóchasach.

I ndeireadh na dála, is uirlis eacnamaíochta den scoth é an soirbheas agus ní féidir linn an geilleagar a athbheochan gan a bheith dearfach.

Bhí sé iontach dearfach don teanga gur labhair Banríon Shasana, Eilís a dó, rud beag Gaeilge nuair a bhí sí anseo chomh maith.

Bean is ea í, mar a thuairiscigh Gaelscéal roimhe seo, atá go mór i bhfách leis an Ghaeilge in Albain.

Níor cheart go mbeadh muid ag fanacht ar chead nó ar mholadh ó cheachtar den dá cheannaire seo chun Gaeilge a labhairt ach ní féidir a shéanadh go gcuirfidh a gcuid focal go mór le normalú na teanga, thuaidh agus theas.

Tapaímis an deis sin.

Cad atá fágtha do na Palaistínigh?

AGUS é ag tabhairt óráide do 'Congress' SAM, bhí príomhaire Iosrael thar a bheith soiléir agus díreach - ní bheidh Iosrael ag filleadh ar ais ar theorainneacha 1967.

Dúirt sé nach raibh na teorainneacha seo inchosanta, agus tá sé sin intuigthe cé go bhfuil na fórsaí míleata is láidre sa réigiún ag Iosrael.

Dar ndóigh, ba chuma cad a déarfadh sé ann, thabharfadh Congress SAM tacaíocht dó, is cinnte leo go sáraíonn 'slándáil Iosrael' aon chearta sibhialta nó polaitiúla atá ag na Palaistínigh.

Cuidíonn Hamas, lena seasamh frith-Sheimíteach, le hIosrael a bheag a dhéanamh de gach rud atá á iarraidh ag muintir na Palaistíne.

Ach leis na lonnaíochtaí á dtógáil i rith an ama, agus é soiléir nach bhfuil aon fhonn ar Iosrael tarraingt siar, is doiligh Netanyahu a chreidbheáil maidir le síocháin a dhéanamh leis na Palaistínigh.

Tá difear idir síocháin agus na Palaistínigh ag glacadh go bhfuil siad buailte.

Is é an fhírinne ná nach gá d'Iosrael síocháin a dhéanamh agus tacaíocht Mheiriceá acu gan aon cheist.

Ba dhoiligh gan 'reservations' a chur ar na pócaí atá fágtha ag na Palaistínigh fiú inniu.

Dar le Netanyahu, fiú dá mbeadh 'síocháin' ann, bheadh na pócaí beaga seo timpeallaithe ar gach taobh ag fórsaí míleata Iosrael, gan aon fhórsaí míleata acu féin, gan aon teorainn idirnáisiúnta, an talamh is fearr gafa, na foinsí uisce is fearr gafa fiú.

Chomh maith leis sin, cén chinnteacht a bheadh ann amach anseo do na Palaistínigh nach leanfadh lucht lonnaíochta Iosrael ag teacht, arm Iosrael in éineacht leo - beag beann ar chonradh síochána ar bith?

Is é an cheist do Netanyahu ag an phointe seo, ná cad is fágtha do na Palaistínigh? Ní féidir síocháin gan cheartas a Bhibi.

"Is féidir leo rud a dhéanamh i nGaeltachtaí nach bhfuil Gaeilge ar bith iontu"

AGUS é ag déanamh tagairt don obair is féidir le hÚdarás na Gaeltachta a dhéanamh, rinne an t-iarAire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, an ráiteas seo a leanas maidin inné ar RnaG, "Is féidir leo a bheith ag feidhmniú i nGaeltachtaí nach bhfuil Gaeilge ar bith iontu."

Níl muid ag fáil lochta ar an Teachta Dála Ó Cuív agus níor ceistíodh an ráiteas seo ar an aer. Tuigeann muid cad a bhí i gceist aige. Is minic a chloistear an abairt "tá Gaeltachtaí ann gan Gaeilge ar bith iontu."

Tá muid cleachtaithe leis an 'fhíric' agus leis an ráiteas sin agus glactar leis go bhfuil sé fíor.

Ach níl sé fíor ar chor ar bith.

Níl aon Ghaeltacht ann gan Ghaeilge.

Ní féidir a leithéid a bheith ann, tá sé sin dodhéanta.

Gan Ghaeilge - Gan Ghaeltacht.

Má chailleann ceantar éigin an Ghaeilge, ní Gaeltacht é níos mó. Is iar-Ghaeltacht é.

Seans gurbh fhéidir linn dul i ngleic leis an "ghéarchéim teanga" sa Ghaeltacht - is é sin go bhfuil an Ghaeilge á tréigbheáil don Bhéarla, dá nglacfadh muid leis an fhírinne sin.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Páistí ar iarraidh

A Eagarthóir , a chara

BA mhaith liom treisiú le Treasa Bhreathnach as an scéal in eagrán na seachtaine seo cáite maidir leis na páiste atá ar iarraidh in Éirinn. Chuir sé as go mór dom go bhfuil an tír seo ag déanamh neamhaird ar seo mar nach bhfuil an Stáit ag tacú leis na heagraíochtaí deonach atá ag obair ar a son. Is ceist mhór é seo agus ceapaim go cheart do Gaelscéal ceann ródaíocht a thógáil ar seo sna meáin náisiúnta agus fiosrúcháin a dhéanamh ar cén próiseas atá sa tír nuair a théann páiste ar iarraidh

Ní chloiseann muid faoi ach ar an nuacht agus sin é, ní bhíonn aon poistéirí crochta suas agus ní bhíonn aon chaint faoi. Cinnte má thagann deá scéal ag aon teaghlach go bhfuil an páiste slán sábháilte ní chloiseann muid faoi.

Ach cloiseann muid faoin gúna a chaith an Uachtaráin nó an hata a chaint an Bhanríon nó an bia a bhí ar an mbia clár ag na dinnéar móra Stáit seo.

Is cinnte go ceist é seo a cheart a ardú thuas sa Teach mór ach 's dóigh go bí an cheist ná " an bhfuil an tír seo in ann aige seo."

Is mise le meas
Pádraig Ó Monacháin
BAC 15

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

CEIST na Seachtaine

Níor cheart baint bhunreachtúil níos láidre a bheith ann idir an Phoblacht agus an Ríocht Aontaithe: Léitheoirí Gaelscéal

D'AINNEOIN chuairt Bhanríon Shasana agus na tráchtaireachta moltaí di a bhí ann thart air, níl lucht léite Gaelscéal ag iarraidh go mbeadh baint bhunreachtúil níos láidre idir a Ríocht agus Poblacht na hÉireann.

Dé réir thoradh cheist na seachtaine seo tá **70.6%** agaibh ag iarraidh neamhspleáchas na Poblachta a choinneáil mar atá.



Dá ainneoin sin, tá mionlach suntasach ann, **29.4%**, ag iarraidh go mbeadh baint bhunreachtúil níos láidre ann - cé nach bhfuil sé soiléir ag an phointe seo cad a bheadh i gceist ansin.

Ceist na Seachtaine seo:
Ar cheart go mbeadh foirne nach labhraíonn ach an Béarla ar an pháirc imeartha ag glacadh páirte i gComórtas Peile na Gaeltachta?

Ba cheart - is é an stádas Gaeltachta an rud is tábhachtaí
Níor cheart - is é úsáid na Gaeilge an rud is tábhachtaí
Níl mé cinnte

Ag lorg déirce sa mbruscar

Conall Ó Móráin

TÁ sé feicthe go minic againn, duine bocht gan dídean ag dul tríd bosca bruscair, ag lorg aon rud go mbeadh luach air.

Bruscar nó mangarae a thugann siad ar stádas bannaí rialtais nó comhlachta nuair nach gcreideann na margaí go n-aisíocfar na hiasachtaí ar a bhfuil siad eisithe. An comhartha is simplí go bhfuil an stádas sin sroichte ag bannaí ná nuair a ardaíonn an ráta úis atá dá ofráil ar na bannaí go dtí leibhéil atá dochreidte. De ghnáth bíonn na rátaí úis seo dochreidte mar ní fada a mhaireann ábaltacht aisíoca ag na heisitheoirí.

Tá marbh marbh

Cuirtear an cheist go minic orm ar an gclár raidió an fiú bannaí rialtais a cheannach mar go bhfuil ráta úis suas le 25% ar fáil sa mhargadh orthu, mar atá ar bhannaí rialtais na Gréige an tseachtain seo. De ghnáth cheapfá gur infheistíocht sholadach a bheadh i mbannaí rialtais a cheannach, an sórt infheistíochta a dhéanfadh ciste pinsin. Ach tá fáth bunúsach ann go bhfuil an ráta anard seo ar fáil, sin mar nach féidir le rialtas na Gréige airgead a chruinniú ar 24%, 20% ná 15%.

Ar ndóigh ní chreideann aon duine gur féidir le rialtas na Gréige 25% a dhíol mar ús ar na mílte milliún Euro atá orthu glacadh ar iasacht chun an seó acu a choimeád ar an mbóthar. I bhfocail eile ní fiú dada a gcuid bannaí mar go bhfuil tír nó Rialtas na Gréige bancbhriste, is cuma cé mar a ghléasann siad an fhírinne seo.

Tá an tír seo againne ag breathnú isteach sa bhosca bruscair céanna leis na Gréagaigh áfach. Cé nach bhfuil an pointe céanna sroichte againne fós agus atá ag na Gréagaigh, creidim nach bhfuil ann ach achar ama go dtí go dtarlaíonn an rud céanna dúinne. Is dóigh go bhfuil fhios ag gach duine sa tír, idir óg agus shean, go bhfuil caiteachas ár rialtais €18 míle milliún níos mó sa bhliain ná mar atá an teacht isteach acu. Chun ár seó a choimeád ar ár mbóthar, chun ár gcuid ospidéal a choimeád ar oscailt agus ár nGardaí a choimeád dár gcosaint, caithfidh an rialtas an t-airgead sin d'fháil áit éigin agus i ngnáth-amanna is sna margaí a lorgtar é. Ach níl muid ag maireachtáil i ngnáth-amanna agus níl seans faoin spéir gur féidir linn an sórt sin airgid d'fháil. Agus ar ndóigh ní i mbliana amháin atá sé ag teastáil, ach i gcomhair gach bliana go cionn ceithre nó cúig cinn de bhlianta.

Lucht Agóide sa Ghréig i mbun chaismirte leis na póilíní. D'ainneoin an ghéarchéim eacnamaíochta sa tír, tá cuid mhór de mhuintir na tíre sin mí-shásta leis na ciorruithe atá an rialtas ag iarraidh a chur i bhfeidhm.

Faoi láthair tá an ráta úis ar ár mbannaí rialtais go maith os cionn 11%. Tá an chuma air sin nach bhfuil muid ach leath chomh dona leis na Gréagaigh ach ag leibhéil úis os cionn 7% níl ábaltacht againn ár gcuid fiacha, mar thír, a aisíoc. Má tá an Ghréig marbh tá muidne marbh freisin. Ní dhéanann an corp deighilt ar cé chomh marbh agus atá sé. Tá marbh marbh.

A Thiarna, lig dos na Gréagaigh teip

Ní chuirim dóthain spéise i gcúrsaí reiligiúin chun go mbeadh fhios agam an bhfuil sé 'i gcoinne na rialacha' bheith ag guí go dtarlódh rud éigin tubaisteach? Go loighciúil ní bheadh mórán céille le bheith ag lorg go ndéanfadh Tiarna na Carthanachta drochobair, ach sin go díreach atá ag teastáil uainne, sa tír seo, faoi láthair. Má bhíonn séipéil ar bhur dtriall sna laethanta amach romhainn b'fhiú cúpla paidir a rá go dteipeann go huile agus go hiomlán ar gheilleagar na Gréige, chomh luath agus is féidir. Sin an t-aon seans tarrthála againn féin mar go dtiocfaidh géarchéim ollmhór pholaitiúil tobann as (cé gur féidir feiscint cheana féin go bhfuil sé chun tarlú). Dá luaithe a tharlaíonn an méid sin is ea is luaithe a shocrófar, ag an leibhéal polaitíochta idirnáisiúnta, deacrachtaí an Euro agus deacrachtaí na hEorpa.

A Thiarna, lig dos na Gréagaigh teip. Ní chuirim dóthain spéise i gcúrsaí reiligiúin chun go mbeadh fhios agam an bhfuil sé 'i gcoinne na rialacha' bheith ag guí go dtarlódh rud éigin tubaisteach? Go loighciúil ní bheadh mórán céille le bheith ag lorg go ndéanfadh Tiarna na Carthanachta drochobair, ach sin go díreach atá ag teastáil uainne, sa tír seo, faoi láthair.

B'fhéidir go bhfuil airgead ar fáil fós má chuireann muid ár lámha tríd bosca bruscair na nGréagach?

An phraiseach chéanna

Níl ann ach achar ama go dtí go dtéann rátaí úis ar bhannaí rialtais na Spáinne, na Portaingéile agus, anois, na hIodáile sa treo céanna. Creideann na margaí, atá fuarchúiseach sa mhéid gur cuma leo an mbíonn an ghrian ag scaladh sa Spáinn nó an bhfuil an féar glas in Éirinn, go bhfuil an geilleagar sna tíortha sin tar éis teip. Má tá, agus is amhlaidh go bhfuil, tá na céadta míle milliún Euro nach ndéanfar aisíoc orthu. Tá an t-airgead seo tugtha ar iasacht ag bainc agus cistí infheistíochta idirnáisiúnta agus mura n-aisíoctar iad tá an seans ann go dteipfidh orthu siúd freisin. Seo an galar tógálach airgeadais go bhfuil eagla ar Merkel, Sarkozy agus gach polaiteoir eile trasna na hEorpa faoi. Ba chóir do léitheoirí Gaelscéal bheith eaglach freisin mar fiú má tá luach ár gcistí pinsin laghdaithe go maith, an-seans go laghdófar a thuilleadh iad mar gur dóigh go bhfuil bannaí rialtais ceannaithe ag na cistí seo na blianta ó shin, ar bhonn coimeádach, mar gurbh é sin an rud ceart le déanamh ag an am. Caithfidh duine éigin díol as an titim ábhalmhór ar luach na mbannaí seo mar nach bhfuil biseach chun teacht orthu. Tá an t-airgead sin caillte. Níl sé sna cistí pinsin a thuilleadh. Ní fiú an méid céanna ár bpinsin. Dá bharr, is dóigh go mbeidh muid ag obair roinnt blianta breise, mura bhfuil an t-ádh libh go bhfuil sibh éirithe as obair cúpla bliain ó shin nuair a bhí an chuma air go raibh gach rud ceart.

NUACHT IDIRNÁISIÚNTA

Na Toghcháin Bhascacha: Bua mór ag Bildu

Tomás Mac Síomóin

CHUIR toghcháin áitiúla na Tíre Bascaí Dé Domhnaigh seo caite athrú bunúsach ar mhapa polaitiúil an réigiúin úd. Óir, d'éirigh le BILDU, páirtí nár tugadh cead dó bheith páirteach sna toghcháin ach le fíordheireanas, 25% den vóta. Agus é ag teacht ón neamhní, tá sé anois ar an dara páirtí is mó sa Tír Bhascach.

Chuir méid na tacaíochta a fuair BILDU ionadh ar cheannairí ghluaiseacht na scarúnaithe, Clé Abertzale, fiú amháin. Chuireadar siúd rompu mar chuspóir a bheith in ann teacht gar don 17.69% (223,264) den vóta ar éirigh le Euskal Herritarrok (EH) a bhaint amach i dtoghcháin 1998. Bhí Clé Abertzale taobh thiar de EH an tráth úd agus ba é seo an toradh ab fhearr riamh a fuair eite pholaitiúil ETA. Ach Dé Domhnaigh seo caite fuair BILDU 276,134 vóta, 50,000 níos mó ná EH i 1998. B'ionann seo agus 24.45% den vóta iomlán a fháil. Síleann ceannairí BILDU go bhfuil cúis thar a bheith soiléir leis an tacaíocht mhéadaithe seo: diúltú tréan na heagraíochta don fhoréigean, gleic armtha ETA san áireamh.

Níor sháraigh ach vóta an Pháirtí Náisiúnta Bhascaigh (PNV), páirtí na náisiúnaithe coimeádacha, vóta BILDU. D'éirigh le BILDU níos mó vótaí a fháil ná sóisialaigh an PSE (Páirtí Sóisialach Euskadi), atá sa Rialtas Bascach faoi láthair, le tacaíocht frithnáisiúnaithe an Partido Popular (PP). Tá móramh iomlán ag BILDU in Guipúzcoa, ceann de mhórchúigí na Tíre Bascaí. Tá 953 comhairleoir aige anois, maille le 74 méarachtaí. Is iad a bheas ag rialú in San Sebastián, ceann de chathracha móra Euskadi. Bunaithe ar líon na vótaí, is láidre anois na náisiúnaithe Bascacha, idir PNV agus BILDU, ná na neamh-/frithnáisiúnaithe: 325,968 in aghaidh 276,134. Dá mairfeadh an leibhéal tacaíochta seo, thoghfaí seachtar teachta dála de chuid BILDU do Dháil na Spáinne (líon arb ionann é agus ionadaíocht an PNV) i dtoghcháin náisiúnta na bliana seo chugainn. Ach an mbeadh scarúnaithe Bascacha BILDU sásta suíocháin a ghlacadh sa Dáil choimhthíoch úd? Beidh freagra na ceiste sin againn an bhliain seo chugainn.

Bhí fíor dhrochthoghchán ag Jose Luis Rodriquez-Zapatero agus ag a pháirtí, Partido Socialista Obrero Español (Páirtí na nOibrithe Soisialacha Spáinneacha). Tá brú á chur air anois chun éirí as.

Tháinig BILDU ar an bhfód i mí Aibreáin seo caite, nuair a dhiúltaigh an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach araon aitheantas mar pháirtí dleathach a thabhairt do SORTU. Bhí BILDU faoi smacht ETA, eagraíocht mhídhleathach, dar leis na cúirteanna seo agus leis an Stát. Comhaontas idir iarrthóirí de chuid SORTU agus dhá pháirtí eile, Euskal Askatasuna agus Alternatiba, atá lándleathach agus nach bhfuil ceangailte chomh dlúth sin le Clé Abertzale, is ea BILDU.

Níos faide anonn, bhí BILDU féin ceaptha a bheith ceangailte le ETA freisin, dar leis an Ard-Chúirt chéanna. Ach, in aghaidh thoil Rialtas na Spáinne, fuair BILDU aitheantas dleathach ón gCúirt Uachtarach ar 5 Bealtaine i mbliana a ligeann dó páirt a ghlacadh i dtoghcháin. Dúirt urlabhraithe thar cheann an Rialtais chéanna gurb ionann BILDU agus "Plean B" Chlé Abertzale. Ach nuair a mhaíodar nach n-éireodh leis an bPlean B seo, chruthaigh toil dhaonlathach na mBascach Dé Domhnaigh seo caite go raibh gabháil amú orthu.

Dealraíonn sé go gcuireann bua seo BILDU, a léiríonn go dtacaíonn an pobal leis an scarúnachas Bascach, ach é a bheith síochánta, tairne i gcónra ETA. Dúirt urlabhraí thar cheann BILDU, Pello Urizar, go gcuirfidh torthaí an toghcháin "cúlú cinnte" ar ETA. Mhaígh Uachtarán an PNV, Iñigo Urkullu, gur eascair na torthaí seo as an mbéim iomlán a chuireann BILDU ar mhodhanna polaitiúla daonlathacha amháin. "Níl spás fágtha in Euskadi do ETA. An tátal atá le baint as na torthaí seo ná go bhfuil deireadh le ETA."

Ainneoin bua seo BILDU, an cuspóir atá ag Clé Abertzale anois ná streachailt go dtí go mbeidh a bpáirtí féin, SORTU aitheanta mar pháirtí lándleathach. Meastar go láidreodh sé sin seasamh na scarúnaithe úd atá ar son cúl a thabhairt le gleic armtha ETA. Íorónta go leor, tá cuid acu siúd atá ag stocaireacht go tréan ar son an chur chuige shíochánta seo sa bpríosún faoi láthair. Tá Arnaldo Otegi amhlaidh, mar shampla, agus tá ceannaire SORTU, Rufi Etxeberria, dícháilithe ó pháirt a ghlacadh sa bpróiseas polaitiúil.

Dealraíonn sé go gcuireann bua seo BILDU, a léiríonn go dtacaíonn an pobal leis an scarúnachas Bascach, ach é a bheith síochánta, tairne i gcónra ETA. Dúirt urlabhraí thar cheann BILDU, Pello Urizar, go gcuirfidh torthaí an toghcháin "cúlú cinnte" ar ETA. Mhaígh Uachtarán an PNV, Iñigo Urkullu, gur eascair na torthaí seo as an mbéim iomlán a chuireann BILDU ar mhodhanna polaitiúla daonlathacha amháin. "Níl spás fágtha in Euskadi do ETA. An tátal atá le baint as na torthaí seo ná go bhfuil deireadh le ETA."

Níorbh é caithréim BILDU an t-aon cheist a dhúisigh na toghcháin seo sa Stát Spáinneach. Óir, ag leibhéal an Stáit ina iomláine, bháigh súnámaí an PP, Páirtí Sóisialach Oibrithe na Spáinne (PSOE), páirtí an Rialtais. Is páirtí daonsóisialach é an PSOE atá, faoi cheannas José Luis Zapotero, ag iarraidh tinneas na géarchéime reatha a leigheas le hoideas nualiobrálach. An pobal atá thíos leis an oideas seo. Thapaigh an pobal céanna an deis le díoltas a bhaint sna toghcháin áitiúla agus réigiúnda araon. Mar shampla, bhí an PSOE in iomaíocht le bheith sa rialtas i dtrí cinn déag de réigiúin neamhspleácha na Spáinne. Níor éirigh leis ach i gcás amháin, Extramadura.

Tugadh an-phoiblíocht abhus agus sna nuachtáin idirnáisiúnta don agóid fhrith-nualiobrálach a thosaigh i Maidrid seachtain roimh an toghchán agus a leathnaigh ar fud na Spáinne. Bhíothas ag tuar go bhfágfadh sé sin a lorg ar thorthaí na dtoghchán. Mhol ceannairí na hagóide do dhaoine gan vótáil ar chor ar bith nó vótaí bána a chaitheamh isteach sna boscaí ballóide. Rinne 4.23% de na vótálaithe amhlaidh, beagnach 0.6m de na vótaí a caitheadh. B'in an méid ba mhó vótaí bána dár caitheadh riamh i dtoghchán Spáinneach. Is léir go bhfuil céatadán fíorbheag de na toghchóirí nach gcreideann go ndéanfaidh polasaithe cheann ar bith de na páirtithe parlaiminte reatha aon mhaith.

Fós féin ba é an PP, páirtí atá níos nualiobrálaí fós ná an PSOE ba mhó a ghnóthaigh Dé Domhnaigh seo caite. Agus an PSOE i ndroch-chaoi anois, agus comharba ar Zapotero á lorg aige, is cinnte go mbeidh an chéad rialtas eile á chur le chéile ag an PP céanna tar éis toghcháin náisiúnta na bliana seo chugainn. Dá mbeadh an leibhéal tacaíochta dóibh an tráth úd mar a bhí sé Dé Domhnaigh seo caite, cuir i gcás, ní bheadh an PP ach 13 shuíochan gearr ar mhóramh iomlán.

Agus bua seo an PP á cheiliúradh ag a lucht tacaíochta taobh amuigh de cheanncheathrú an pháirtí ar Shráid Genova i Maidrid, chanadar an tsluaghairm seo: "BILDU, fuera". Ciallaíonn sé sin: "Amach le BILDU". Tá tréimhse spéisiúil romhainn anseo sa Spáinn, is léir.

nós

iris ghaeilge don nua-aois

AMHRÁN NA RÉABHLÓIDE
Focail chlúiteacha El Général, Rais Lebled

CEACHTANNA Ó SHEARNÓBAIL
Neart le foghlaim 30 bliain ar aghaidh

GAEILGE NA gCUAIRTEOIRÍ
Radharc eile ar imeachtaí na seachtaine

bealtaine 11 eag. 22

TÓG AMACH MÉ!
forlíonadh speisialta le gaelscéal
18+



fáilte

Go fóill anseo

Yma o Hyd (Go fóill anseo) is teideal d'amhrán croíúil cumhachtach a scríobh an ceoltóir Breatnach Dafydd Iwan sa bhliain 1981. Bhí Iwan ag tagairt do phobal na Breatnaise, go háirithe tar éis theip reifreann na déabhóide sa tír cúpla bliain roimhe, ach d'fhéadfá an teideal céanna a úsáid mar achoimre ar imeachtaí móra anseo le seachtain nó dhó anuas. Baineadh geit as go leor nuair a labhair Banríon Shasana cúpla focal Gaeilge agus í ag caint os comhair 'uaisle' na Éireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le linn a cuairte le déanaí agus, cé gur íorónta an mhaise do bhean atá mar cheannaire ar stát a rinne a sheacht ndícheall deireadh a chur leis an teanga chéanna, tá sí le moladh as a hiarracht. Is amhlaidh an scéal le Barack Obama a mheall an pobal lena óráid dhóchasach i lár na príomhchathrach agus a chuir Gaeilge ar chéad leathanaigh na meán Béarla an lá dár gcionn. Mar sin tá buntáiste le baint as an dá eachtra. Ach cé go bhfuil bunaíocht an oileáin píosa beag níos oscailte don Ghaeilge, don nóiméad ar aon nós, ar an ábhar gur léirigh ceannairí impiriúlachas na linne seo meas dár dteanga, tuigeann pobal na Gaeilge féin go maith go bhfuil níos mó ná sin de dhíth. Tá daoine ann a raibh muinín acu as a gcultúr i gcónaí agus a thuig an tábhacht a bhaineann leis i bhfad sula raibh aon chuairt speisialta ar an tír. Agus nuair a imíonn dea-thoil na bunaíochta beidh siad go fóill anseo ag seasamh an fhóid agus ag obair ar son todhchaí níos gile don teanga. Sin réamhrá fada ar an rud a bhí le rá agam libh: Go bhfuil clúdach ar leith ar chuairteanna clúiteacha na seachtaine seo ar leathanach 4 istigh!

Ar na bronntanais eile atá againn an mhí seo tá léirmheas ar an scannán is déanaí i sraith Pirates of the Caribbean; léargas ar chúrsaí ceoil agus alt ar chumhacht núicléach. Tá tuairisc eisiach ann chomh maith ó Bheirlín ar Lá Bealtaine i mbliana. Bíonn príomhchathair na Gearmáine ar na hionaid is mó ar domhan le haghaidh mórshiúlta ar son an lucht oibre ar 1 Bealtaine agus bhí cara de chuid nós* i láthair i mbliana ag sú isteach an atmaisféir ar an lá.

Go dtí an chéad uair eile, bígí maith!

Tomaí Ó Conghaile
Eagarthóir nós*

nós*

EAGARTHÓIR
Tomaí Ó Conghaile

RANNPHÁIRTITHE
Ian Mac Murchaidh, Dónall Mac Murchaidh,
Nainsí Nic an Tiompánaigh,
Réabhlóidithe Bheirlín

TEAGMHÁIL
www.nosmag.com
eolas@nosmag.com

FÓGRA
Is é nós* atá freagrach as gach ábhar san fhorlíonadh seo.

PIRATES OF THE CARIBBEAN: ON STRANGER TIDES 2.5/5

Rob Marshall, **12A**

Ba mhór an steall a rinne Pirates of the Caribbean i bhfarraige na bpictiúrlann nuair a eisíodh an chéad scannán sa tsraith, The Curse of the Black Pearl, in 2003.

Den chéad uair le blianta fada, cuireadh atmaisféar shaol na bhfoghlaithe mara os ár gcomhair ar bhealach beoga dathannach agus lean luchtanna féachana ar fud an domhain eachtraí an Chaptaein Jack Sparrow, Will Turner, Barbossa agus Elizabeth Swann go sonasach fonnmhar.

Bhí foireann den scoth curtha le chéile ag an stiúrthóir Gore Verbinski - Geoffrey Rush, Orlando Bloom agus Keira Knightley ina measc - ach ba é Johnny Depp a thug leis an moladh ba mhó ina ról iontach mar an Gealbhan greannmhar.

Bhí an-chuma air, bhí plota ann agus bhí carachtair nua shuimiúla ann. Sár-scannán eachtraíochta.

Gluais chun tosaigh go 2011 áfach agus tá scéal eile le hársaí faoi Jack agus a chairde.

Tháinig dhá scannán amach ó shin, Dead Man's Chest agus At World's End, agus cé gur ghnóthaigh siad go leor ag na díoloifigí ní dhearna ceachtar acu an steall chéanna ó thaobh caighdeáin de.

Anois tá an ceathrú eisiúint, On Stranger Tides, i bpictiúrlanna na tíre agus níl aon amhras ach go bhfuil splanc na sraithe ag dul i ndísc de réir a chéile.

Tá Depp agus Rush ar ais ina ngnáthpháirteanna agus tá cúpla foghlaí nua in éineacht leo, mar atá Angelica (Penélope Cruz) agus an Captaen olc Blackbeard (Ian McShane).

An iarraidh seo tá siad uilig in iomaíocht lena chéile chun teacht ar Fhuarán na hÓige Síoraí atá áit éigin i mórcheantar Mhuir Chairib agus a bhfuil léarscáil, dhá chailís airgid agus deor maighdine mara de dhíth orthu chun é a aimsiú.

Tosaíonn an cuardach i Londain agus leanann eachtra fhoréigneach eachtra fhoréigneach eile, gan mórán de scéal ann lena nascadh le chéile.

Ar ndóigh, tá spraoi go leor ar an bhealach mar aon le píosa nó dhó grinn a thaitneoidh le breathnóirí níos sine agus tá na radharcanna mórthaibhseacha ar na buaiceanna is mó atá ag an scannán.

Ag an am céanna, tagann leadrán isteach sa scéal giota ar ghiota agus ní féidir ach a cheapadh go bhfuil déantóirí na sraithe díreach ag maireachtáil ar an rath a bhí ar a gcuid iarrachtaí roimhe.

Dar le Depp go bhfuil an-ghrá aige don charachtar atá cruthaithe aige thar na ceithre scannán, agus is cinnte gurb é a choinníonn suim an phobail i bhfoghlaithe seo na Cairibe, ach tá laigí nach beag sa script an babhta seo a chiallaíonn nach bhfeictear an t-aisteoir ar bharr a mhaitheasa.

Fuair Rob Marshall réidh le scéal grá Bloom agus Knightley, rud a chuir áthas ar go leor criticeoirí, ach tá rómánsaíocht eile curtha aige ina áit nach gcuireann mórán leis an scannán seachas nóiméid bhreise nach bhfuil gá leo.

Bainfear sult áirithe as an iarracht is déanaí seo, ag páistí ach go háirithe, ach níl an spréach ann agus cé go gcuirfinn geall go dtiocfaidh scannán uimhir a cúig amach am éigin sa todhchaí, ba cheart gurb é seo deireadh an phlainc don tsraith seo.

OOH ARR ME HEARTIES!
Ian McShane mar Blackbeard agus, thuas, Astrid Berges-Frisbey mar an mhaighdean mara Syrena

"Gaeilge ag sár-ghrannaí na hImpireachta? **Ábhar éigeantach go deo**... mar a dúirt mé i gcónaí!"
"Foc mi, i mean **wow**."

"Tá sé ceart go leor, ní féidir liom aon **Ghaeil** a fheiceáil anseo inniu."
GAA

"Ehhh, **sin é** a Uachtaráin."
"**Is féidir linn!** Is breá liom an Ghaeilge seo Robo. Caithfidh sé go bhfuil tú an-bhródúil go bhfuil an teanga láidir ó thuaidh freisin..."
E PLURIBUS UNUM

EL GÉNÉRAL - HAMADA BEN AMOR 4.5/5

Rais Lebled

Cúpla mí ó shin thug muid bhur n-aird ar cheoltóir óg a scríobh amhrán in éadan an rialtais sa Túinéis agus a chuir, dá bharr, dlús faoin réabhlóid sa tír Arabach.

Rais Lebled (Ceannaire Stáit) is teideal don amhrán rap, a cheoltar san Araibis, agus anseo thíos tá na liricí a spreag na mílte fear agus bean le dul amach i mbun agóidíochta ar son athruithe sa saol.

Amhrán cumhachtach le buille greamúil é a léiríonn mothúcháin na n-óg sa Túisnéis ag tús na bliana seo agus fosta a thugann léargas ar na dúshláin atá go fóill rompu.

Is féidir éisteacht leis an amhrán ag www.youtube.com/watch?v=IeGlJ7OouR0

"Cén fáth a bhfuil imní ort?
An n-inseofá dom? Ná bí eagla ort!"

A Uachtaráin, inniu tá mé ag labhairt
ar mo shon agus ar son na ndaoine
ar fad,
Atá ag fulaingt in 2011, tá daoine
fós ann atá ag fáil bháis le hocras,
Agus ar mhian leo obair le bheith
beo ach níor éisteadh lenár nglór.
Ar aghaidh leat chun na sráide
agus féach, tá na daoine ar nós
ainmhithe,
Féach ar na péas le bataí, ag ionsaí,
is cuma leo,
Mar nach bhfuil aon duine ag insint
dóibh stopadh,
Fiú dlí an bhunreachta, cuir in uisce
é agus slog siar é.
Gach lá cloisim faoin phróiseas
nua, in ainneoin cad atá ar eolas ag
giollaí an stáit,
Feicim an nathair a bhuaileann mná
i gcaifiríní,
An nglacfá leis sin ar d'iníon féin?

Tá a fhios agat gur focail iad seo a
bhaineann deora de do shúile,
Mar níor mhaith le hathair a pháistí
a ghortú,
Ach is teachtaireacht í seo ó pháiste
de do chuid,
Atá ag insint a angair duit,
Tá muid ag maireachtáil ar nós
madraí,
Leath na ndaoine i gclabar,
Ag ól ó chupán na fulaingthe.

A Uachtaráin, tá do dhaoine marbh,
Iad ag ithe ón bhruscar,
Feiceann tú cad atá ag tarlú sa tír,
Anró forleathan agus daoine gan
dídeán,
Tá mise ag labhairt ar son na
ndaoine atá ag fulaingt agus a
cuireadh faoi chois.

A Uachtaráin, d'inis tú dom labhairt
gan eagla,
Ach tá a fhios agam go mbuailfear
mé sa deireadh,
Feicim an iomarca éagóra mar sin
seo é mo theachtaireacht,
Cé gur dúradh liom go dtabharfadh
sé mo bhás,
Ach go dtí go mbeidh an aisling
fíoraithe ag Tuinéisigh,
Cá bhfuil ár gcead cainte? Níl ann
gach focail…

Tugadh an tír 'ghlas' ar an Tuinéis
ach níl inti ach fásach rannta ina dhá
chuid,
Gadaíocht faoi lámh láidir a chuir tír
faoi smacht,
Gan aon
ainm a
thabhairt, tá a
fhios ag cách cé hiad féin,
Gealladh airgead le haghaidh tograí,
áiseanna, scoileanna, otharlanna,
foirgneamh, tithe,
Ach is iad na bodaigh mhora a bhain
an leas,
Ghoid siad, d'fhuadaigh siad agus
dhiúltaigh siad imeacht,
Tá a fhios agam cad atá i gcroíthe
na ndaoine nach féidir leo a rá,
Muna raibh an éagóir seo ann, ní
bheinn anseo i mbun cainte anois.

A Uachtaráin, tá do dhaoine marbh,
Iad ag ithe ón bhruscar,
Feiceann tú cad atá ag tarlú sa tír,
Anró forleathan agus daoine gan
dídeán,
Tá mise ag labhairt ar son na
ndaoine atá ag fulaingt agus a
cuireadh faoi chois.

Húp!

Iarracht nua ar an séisiún is faide riamh

Beidh aos ceoil na hÉireann ag triall ar an Mhullach Bhán, Dé hAoine 3 Meitheamh, agus iad ag tabhairt faoin dúshlán an séisiún ceoil is faide riamh a chur sa tsiúl i dTigh Uí hAnluain agus sa Stray Leaf Folk Club sa bhaile tuaithe i ndeisceart Ard Mhacha.

Is ar mhaithe le hairgead a bhailiú d'Ospís an Iúir (Iúr Cinn Trá, Contae an Dúin) agus St. Bridget's Lourdes Invalid Fund agus i ndilchuimhne an cheoltóra áitiúil John Norton atá an imeacht á reáchtáil ag Bernard O'Hanlon, úinéir Tigh Uí hAnluain.

An séisiún is faide go dtí seo ná séisiún ceoil in Inis, Contae an Chláir, a mhair 27 uair an chloig gan stad ach dar le Bernard go bhfuil "go leor fuinnimh ag ceoltóirí dheisceart Ard Mhacha leis an méid ama sin a shárú agus séisiún ceoil a choinneáil ag gabháil ar feadh 30 uair an chloig".

"Seans go gcruthóidh sé seo comórtas leanúnach idir sinn féin agus muintir na hInse amach anseo, "a dúirt Bernard, "le feiceáil cé againn a thig an séisiún ceoil is faide a chur sa tsiúl gan stad".

Beidh tús á chur leis an séisiún sa teach tábhairne ag 12in ar an Aoine agus leanfaidh sé ar aghaidh gan stad gan staonadh go dtí tráthnóna Dé Sathairn.

Bainfear an bhuaic amach ar oíche Shathairn le ceolchoirm ó Josephine Keegan agus Cairde sa Stray Leaf Folk Club.

Tá iomrá an cheoil ar an Mhullach Bhán leis na cianta agus tá traidisiún láidir ceoil agus amhránaíochta ag baint le ceantar dheisceart Ard Mhacha i gcoitinne – ceantar na bhfilí agus na mbard – Art Mac Cumhaidh, Peadair Ó Doirnín agus Séamas Dall Mac Cuarta.

Agus leanann an traidisiún sin go fóill sa cheol agus sna hamhráin. Tá Bernard agus muintir Uí hAnluain ag cur chun cinn an cheoil traidisiúnta Ghaelaigh le breis agus fiche bliain óna dteach tábhairne cáiliúil Tigh Uí hAnluain agus an Stray Leaf Folk Club.

"Cuirfear fáilte roimh chách", a dúirt Bernard "agus tá acmhainn go leor againn lena chinntú go socrófar lóistíní d'aon duine atá ag taisteal isteach chuig an cheantar le páirt a ghlacadh sa churiarracht".

Más ceoltóir tú féin agus más mian leat d'ainm bheith luaite leis an séisiún is faide riamh is féidir leat gabháil i dteagmháil le Tigh Uí hAnluain 028 30 888284 nó 087 90 28 568.

FOCAIL
DÓNALL MAC MURCHAIDH

Ceacht Ón Úcráin

Amharcann Ian Mac Murchaidh ar cad atá le foghlaim againn ar fad ó thubaiste Shearnóbail

Tugtar 'An Ceantar Bánaithe' go hoifigiúil ar an ciorcal de gha 30km thart ar an stáisiún núicléach i Searnóbail.

Tá na gluaisteáin, na rothair, achan rud fágtha ina áit, díreach mar a bhí. Tá féara agus crainn ag fás ar gach teach agus foirgneamh sa cheantar. Tá na seomraí ranga mar a bhí ó d'fhág na páistí iad an t-am seo den bhliain in 1986.

80km ó Kiev, príomhchathair na hÚcráine, seo an toradh tar éis éalú gasta na ndaoine 25 bliain ó shin nuair a phléasc cuid den stáisiúin núicléach, rud a chuir scamall radaighníomhach isteach san aer san leathsféar thuaidh mar chuid den taisme núicléach is measa riamh sa stair.

Tugann sé léargas ar an sórt todhchaí atá roimh Fukushima muna n-éiríonn leis na hoibrithe éigeandála, atá ag troid i gcoinne na bagartha le seacht seachtaine anuas chun an áit a choinneáil slán.

Fiú sa lá atá inniu ann, níl an obair críochnaithe ag Searnóbail, tagann oibrithe sna cultacha bána isteach chun oibre gach lá chun sciath choincréiteach úrnua a thógáil in áit an chinn a tógadh go luath tar éis na tubaiste.

Cionn is go bhfuil an sean-sciath ag titim as a chéile, thiocfadh le scamaill eile spré suas san aer agus caithfear an sciath úr a chuir isteach chun an chontúirt a choinneáil faoi smacht.

Tá go leor ceachtanna le foghlaim ón tragóid seo mar fágtar an baol do na glúnta a thagann inár ndiaidh, beidh na ceimiceáin go radaighníomhach ar feadh na mílte bliain.

Caithfear gach glúin amach anseo é a ghlanadh suas, obair a bhfuil an-chostas ag baint leis dár ndóigh.

Bhí rialtas na hÚcráine ag bailiú airgid go hidirnáisiúnta ar na mallaibh chun an $1.1 billiún a fháil atá de dhíth don sciath choincréiteach amháin. Bhí siad $300 milliún gann ina dhiaidh seo, rud a spreag Uachtarán na hÚcráine, Viktor Yanukovych, le rá, "Níl sé de cheart ag an Úcráin ná ag pobal an domhain seo a sheachaint".

Ó tharla tubaiste Shearnóbail, a bhí mar pháirt den Aontas Sóivéadach ag an am, maraíodh na mílte sa mhórcheantar.

Tá drochshláinte ag go leor daoine go fóill sna tíortha in aice leis an Úcráin agus tá sé deacair fós an méid duine a bhfaighidh bás a thomhas. Chomh maith leis sin, maítear go bhfuair neart daoine bás mar gheall ar an bhochtaineacht nuair a d'éalaigh siad ó Shearnóbail agus an stró a bhí orthu.

Ní raibh go leor eolais ag daoine faoin méid damáiste a rinneadh orthu ón tubaiste.

Go fóill inniu tugtar cúiteamh airgid do na milliúin duine sa Rúis, san Úcráin agus sa Bhealarúis, sna háiteanna is mó contúirte.

Ach tugtar seo do gach uile duine sna háiteanna seo, cé acu tinn nó slán iad.

Agus is cosúil go gcruthaíonn sé seo níos mó fadhbanna in áiteanna ina bhfuil go leor daoine bochta. Aithnítear go dtugann an cúiteamh seo drochstádas ar na daoine seo agus ní chuidíonn seo le féinmhuinín.

Tá macallaí na tubaiste le cluinstin go fóill, ach ag pointe ar leith beidh ar dhaoine bogadh ar aghaidh lena saol agus cad é a bheas ann le cuidiú leo?

Is mar gheall air seo a chaithfidh an tSeapáin a bheith ag smaoineamh ar na himpleachtaí fad téarmacha.

Ní bheidh Fukushima go hiomlán cosúil le Searnóbail, ach tá na ceachtanna ann le foghlaim.

Tá 80,000 míle duine curtha as a dtithe sa cheantar, agus gach seans go mbeidh an áit bánaithe go deo mar atá Searnóbail.

Gach seans nach mbeidh maitheas ar bith sa talamh arís. Agus ar nós Searnóbail, beidh sé dodhéanta infheistíocht a mhealladh isteach cóngarach do Fukishima, rud a fhágfaidh an ceantar maguaird le mórdheacrachtaí.

Ach b'fhéidir an cheist is mó a ardaíonn an dá thubaiste seo, ná an fiú don chine daonna leanúint leis an chumhacht chontúirteach seo ar chor ar bith?

LÁ FEIRGE

FOCAIL
RÉABHLÓIDÍ, FRITH-FHAISISTEACH, IDIRNÁISIÚNAÍ

IN ÉADAN AN CHAIPITLEACHAIS

Kreuzberg, 1 Bealtaine 2011. Tá an chuma air gur féile sráidbhaile é.

Tá MyFest eagraithe ag Comhairle Cathrach Bheirlín, tá gnónna ar na sráideanna le stallaí éagsúla bia, ag cur ar fáil ceolchoirmeacha agus siamsa chun na mothúcháin a cheansú agus ionas nach nglacfaidh daoine páirt i léirsithe.

Ceannaigh agus tomhail. Ceannaigh agus tomhail…

Beagnach a sé sa tráthnóna, píosa beag anonn, tosaíonn daoine ag léirsiú. 6,000 péas ar na sráideanna, an lucht agóide á chuardach agus á thaifeadadh ó bharr na ndíonta.

Ó dhíon eile crochann triúr daoine meirge mór dearg ar a bhfuil litreacha Arabacha a dhéanann tagairt don éirí amach is déanaí: 'Yahla', ar aghaidh linn, éirímis. Aicme in éadan aicme. Tosaíonn an agóid, agus ag a cheann tá meirge ag éileamh réabhlóid dhomhanda shóisialta.

Is ionad mór dubh anois é an líne thosaigh, ag siúl go diongbháilte trí shráideanna na cathrach. "Airdeall Frith-Fhaisisteach, Airdeall!", glaoch ó dhaoine níos faide siar ag tabhairt tacaíochta don éirí amach.

I ndiaidh cúpla nóiméad éiríonn clocha duirlinge aníos ó thalamh na cathrach. Is clocha feirge iad nach ndéanfaidh na bainc ná na péas dearmad orthu.

Briseadh gloine. Daoine aontaithe i gcoinne an chaipitleachais. Daoine ag rith: titeann duine ar an bhóthar agus stadann comrádaithe chun bac a chur ar na sluaite atá ag teacht ina dhiaidh ionas nach mbrúfar faoina gcosa é.

"Achtung, seachain!" Baineann an agóid geit as bean le pram agus í ag siúl síos an tsráid ach cosnaíonn na léirsitheoirí í trí bhalla a dhéanamh thart uirthi.

Croitear bratacha **Antifaschistische Aktion** ó na díonta agus ó na balcóin agus ardaítear meirgí in éadan an uaislithe, 'Cé leis an chathair?' Níos faide siar, ó chúl leoraí, cuitear in iúl do dhaoine faoin léirsiú agus ceolann beirt amhránaí hip-hop in aghaidh an chaipitleachais.

Éiríonn na péas níos gaire don bhloc dubh. Buaileann clocha fuinneoga na veaineanna le bac a chur orthu, agus oibríonn sé. Bladhmanna lasta. Tá an agóid timpeallaithe agus blocáilte. Tosaíonn an smachtú.

Na scuaid a chosnaíonn an bhunaíocht trí dhaoine a scrúdú le ceamaraí, díríonn siad isteach ar léirsitheoirí agus déanann siad iarracht briseadh isteach sa bhloc chun iad a ghabháil.

Nascann na léirsitheoirí a lámha le slabhra frith-smachtúil a dhéanamh i gcoinne ruathair seo na bpéas. Tá colainneacha ar crith, tá fuil á bruith, folaíonn spléaclaí gréine súile na feirge, éiríonn an chantaireacht níos glóraí agus níos cumhachtaí, tá an fhearg le brath san aer. "*All cops are bastards.*"

Briseann scuad péas, i bhfoirm saighde, tríd na meirgí a bhí timpeall agus ag cosaint an ionaid dhuibh: déantar ionsaí ar léirsitheoir mar go dtroideann sí i gcoinne an chórais éagóraí seo.

Faigheann madraí an chaipitleachais, gléasta i nglas, greim ar a cloigeann agus tarraingíonn chucu í. Nuair a éiríonn leo, athraíonn a saighead ina ciorcal chun a nduais a chosaint, ag bualadh agus ag ionsaí le deorghás aon duine a dhéanann iarracht í a sciobadh ar ais.

Ach tugann na daoine, iad ag aithint agus ag glacadh leis an eagla mar dhlúth-chuid na réabhlóide, tugann siad aghaidh orthu sin i gcumhacht agus troideann siad ar ais leis an straitéis chéanna.

Téann an grúpa dubh i bhfoirm saighde agus díríonn ar an scuad glas ciorcalach.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh tá an léirsitheoir ar ais sa bhloc dubh uair amháin eile.

Ní raibh trodaithe eile chomh hádhúil céanna léi agus caithfidh siad an oíche i stáisiún an bpéas, ach tá a gcomrádaithe atá sábháilte cheana féin ag eagrú a dtarrthála.

Leanann an sreachtailt ar aghaidh. *



"I ndiaidh cúpla nóiméad éiríonn clocha duirlinge aníos ó thalamh na cathrach. Is clocha feirge iad nach ndéanfaidh na bainc ná na péas dearmad orthu."

Raidió Fáilte

Gaeilge
NUACHT
ceol
craic

107.1fm

www.raidiofailte.com

Foras na Gaeilge

arts council of Northern Ireland

DCAI
Department of Culture, Arts and Leisure
www.dcalni.gov.uk

Le tacaíocht ó / Supported by the
Creative Industries Innovation Fund

CÚRSAÍ SAOIL

Níl 'fuacht ná faitíos' ar TG4, ná ar Eimear

Labhraíonn **Eimear Ní Chonaola** go heisiach le **Treasa Bhreathnach**

Ba mhó cáil a bhain Eimear Ní Chonaola amach le bliain anuas de bharr a cathaoirleachta ar an gcéad díospóireacht Ghaeilge de chuid na gceannairí ná lena thréimhse mar léitheoir nuachta le TG4 roimhe sin.

De thoradh ar an bhliain a bhí aici os comhar an cheamara ag léamh na nuachta ar TG4, agus díospóireacht na gceannairí san áireamh, tá sí anois ar an ngearrliosta in dhá chatagóir i nGradaim Chumarsáide an Oireachtais. Tá sí ainmnithe ar an ngearrliosta do 'Ghael-Réalta Gala na Bliana' le hAoibhinn Ní Shúilleabháin, Síle Seoige agus Dáithí Ó Sé. Ní hé seo an t-aon chatagóir ina bhfuil sí ainmnithe, tá sí ar an ngearrliosta do 'Phearsa Teilifíse na Bliana' le Mícheál Ó Domhnaill, Páidí Ó Lionáird, Áine Goggins agus Tomaí Ó Conghaile, catagóir inar bhain sí gradam amach anuraidh.

Is in earnáil na meán cumarsáide a chaith Eimear a saol oibre go dtí seo, mar sin cén áit as ar tháinig an tsuim sin?

Deir Eimear, "Is mé féin an t-aon duine amháin atá imithe an bóthar seo," as triúr deartháir níos óige ná í, Caolán, Naoise agus Macdara.

"Ach, ar ndóigh, chaith m'athair blianta fada ag obair le RTÉ Raidió na Gaeltachta nuair a thosaigh an raidió ar dtús in 1972, bhí sé mar dhuine den chéad seachtar a thosaigh ag obair ansin, agus chaith sé blianta fada mar léiritheoir agus mar stiúrthóir ar chláracha teilifíse agus is dóigh liom go m'fhéidir go raibh tionchar aige sin ormsa dá réir agus gur lean mé é sa cheird chéanna."

Rugadh agus tógadh Eimear sa Spidéal i gContae na Gaillimhe, agus is as an Spidéal a hathair Maidhc P. Ó Conaola agus as Leitir Mór, ceantar na nOileán a máthair Sally.

Ní óna hathair amháin ar tháinig a suim sna meáin chumarsáide mar is tar éis cúrsa scannánaíochta 16mm leis an Film Resource Centre i nGaillimh agus í 15 bliain d'aois a músclaíodh a suim i scannánaíocht agus cláir theilifíse.

Mar aon le riar maith de láithreoirí Gaeilge na tíre cosúil le Gráinne Seoige, rinne Eimear an tArd-Dioplóma sa Chumarsáid Fheidhmeach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is tar éis an tArd-Dioplóma a bhaint amach a thosaigh sí ag obair le TG4 ar bhonn taithí oibre ar dtús agus ansin mar mhaor craolacháin.

Is mar eagarthóir a bhí Eimear ag obair agus chaith sí dhá bhliain sa seomra stiúrtha roimh di dul isteach sa rannóg nuachta. "Fuair mé réimse maith taithí sa dá bhliain sin agus taithí go mbainim an-úsáid as go dtí an lá atá inniu ann," arsa Eimear.

Nach gceapfá ansin ón mbóthar ar thosaigh sí amach air gur i léiriú cláir theilifíse a luífeadh a suim in áit a bheith os comhair na gceamaraí? "Is é an rud faoina bheith ag obair le Nuacht TG4 ná go bhfuil an-chuid deiseanna faighte agam cláracha a dhéanamh chomh maith.

Tá cúpla clár faisnéise déanta agam le mo chuid comhghleacaithe sa seomra nuachta mar chuid d'fhoireann léirithe, clár sa Bhrasaíl le Gerry Willie Ó Flatharta ó na hAille in Indreabhán, ceann eile i gCúba ar na cúrsaí sláinte ann agus i Ruanda áit go ndearna muid clár le hÁine Bhreathnach."

Cé go bhfuil taithí na mblianta ag Eimear in earnáil na teilifíse, os comhair an cheamara agus taobh thiar de, ba mar gheall ar an uair an chloig a chaith sí mar chathaoirleach ar dhíospóireacht na gceannairí a bhain sí an t-aitheantas is mó náisiúnta.

An bhféachann sí ar an díospóireacht chéanna mar bhuaicphointe a saoil ghairme go dtí seo? "Ba chéim eile i mo shaol gairmiúil é an díospóireacht. B'iontach an onóir dom a bheith mar chathaoirleach ar an díospóireacht agus caithfidh mé a rá, bhí comhoibriú iontach ar an gclár sin in TG4 ar fad.

Níl duine san áit nach raibh ag obair air, i mbealach amháin nó i mbealach eile, agus thug sé an-údar mórtais dúinn ar fad nuair a chuala muid go raibh rud éicint ar nós 600,000 duine tar éis breathnú air agus thart ar 30,000 duine eile ar an idirlíon.

Ba léiriú an-mhaith é ar an obair atá TG4 in ann a dhéanamh, níl fuacht ná faitíos ar TG4 tabhairt faoi ócáidí móra mar seo agus iad a dhéanamh chomh gairmiúil agus proifisiúnta agus atá muid in ann."

Cé gur casadh Enda Kenny agus Eamonn Gilmore go minic ar Eimear agus í amuigh ar an mbóthar i mbun a cúramaí nuachta, ba é an díospóireacht an chéad uair a casadh Mícheál Ó Máirtín uirthi.

"Ní raibh mé ag caint leo ó shin," a deir sí, "ach níl dabht ar bith ach go mbeidh mé ag déanamh agallaimh leis an triúr acu arís sa todhchaí."

Le hEimear anois ar bharr a réime agus í ann ar feadh tamaill, cén casadh ba mhaith léi a fheiceáil ina bóthar gairme amach anseo?

"Mar a sheasann rudaí i láthair na huaire táim an-sásta san áit a bhfuil mé in TG4 ach amach anseo bheadh spéis agam tabhairt faoi chúrsaí siamsaíochta." An síleann sí go gcaithfidh sí bogadh go Baile Átha Cliath chun bogadh ar aghaidh nó an ndéanann láthair a hionaid oibre difríocht ar bith di?

"I ndáiríre píre, tá an saol cumarsáide chomh beag agus gur cuma i ndáiríre cén áit a bhfuil duine ag obair anois. Is é sin an rud iontach faoina bheith ag obair sna meáin chumarsáide, tá an teicneolaíocht tar éis bogadh ar aghaidh chomh mór agus is an-chuidiú atá ansin."

Le hoíche bhronnta Ghradaim Chumarsáide an Oireachtais á reáchtáil anocht, an síleann Eimear gur cheart go mbeadh níos mó de ghradaim aitheantais san earnáil?

"Is cuimhin liom i gcónaí m'athair ag caint ar na 'Jacob Awards' agus bhí an-mheas ar éinne riamh a fuair Jacob agus fuair sé féin ceann blianta ó shin nuair a bhí sé ag obair le Raidió na Gaeltachta.

Bheadh sé go deas dá mbeadh rud éigin mar sin ann do na meáin ar fad, i nGaeilge agus i mBéarla, le go dtabharfaí aitheantas do scoth na gclár i gcíbe cén teanga agus go mbeadh aitheantas acu agus iad níos feiceálaí.

Go minic, is cuma cén teanga ina mbíonn clár, chonaic muid féin é le lucht féachana dhíospóireacht na gceannairí, go leor acu sin nach raibh Gaeilge ar a dtoil acu agus ní dhearna sé a dhath de dhifríocht."

An bhféachann sí ar an díospóireacht chéanna mar bhuaicphointe a saoil ghairme go dtí seo? "Ba chéim eile i mo shaol gairmiúil é an díospóireacht. B'iontach an onóir dom a bheith mar chathaoirleach ar an díospóireacht agus caithfidh mé a rá, bhí comhoibriú iontach

ROGHA EIMEAR

Smideadh: Bonnsmideadh (foundation)Armani

Faisean: Rachaidh mé ó rud ar bith,óDunnes Stores, go Quinn & Donnelly, is maith liom stíl cineál struchtúrtha nó amanna Karen Millen.

Ceol: Taitníonn meascán ceart liom, ó cheol traidisiúnta go Imelda May, RocBabilly.

Aclaíocht: Táim díreach tar éis tosú ar thrí-atlain a dhéanamh, tá mé i mo bhall de chlub trí-spórt. Bíonn sé an-deas casadh le daoine agus cuireann sé níos mó brú ort dul amach má tá tú i do bhall de chlub.

COMÓRADH 50 BLIAIN GHLÓR NA nGAEL IN ÁRAS AN UACHTARÁIN

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Coiste Pobail na Tulaí Tomás Ó Neachtain, Nuala Ni Chonghaile, Mary Hoban agus Caitlín Bn. Uí Fhátharta a chas leis an uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa mar chuid de chomóradh 50 bliain Ghlór na nGael ag Áras an Uachtaráin le linn na seachtaine .

Bainisteoir Nora Welby agus Oifigeach Forbartha Ghlór na nGael Úna Ní Chonaire ag baint taitnimh as an lá ag Áras an Uachtaráin.

Bainisteoir Ghlór na nGael Nora Welby ag comhrá leis an Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa le linn chomóradh 50 bliain Ghlór na nGael in Áras an Uachtaráin i rith na seachtaine.

Príomhoide , Coláiste Pobail Scoil Mhuire, Iarthar Chorcaí Tim O'Connor buaiteoirí Comórtas G ag bualadh leis an Uachtarán, ina theannta tá múinteoirí agus daltaí ón scoil.

I láthair in Áras an Uachtaráin bhí príomhbhuaiteoirí Comórtas 2010 (le cúnamh fostaíochta) Coiste Forbartha Charn Tóchair, Doire; Coiste Pobail na Tulaí, Co. na Gaillimhe; buaiteoirí Comórtas G - Coláiste Pobail Scoil Mhuire, Iarthar Chorcaí; Buaiteoirí na gCumann Gaelach sna Coláistí 3ú Leibhéal - Cumann Gaelach Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath agus cairde eile Ghlór na nGael.

Bord Stiúrtha agus foireann Ghlór na nGael i dteannta an Uachtaráin. Chun tosaigh: Helen Ó Murchú, Íde Ní Uallacháin (Cathaoirleach) An Canónach Tadhg Ó Móráin (Cumann na Sagart) agus an tAth Séamus Ó hÉanaigh (Cumann na Sagart). Ar cúl: Lorcán Mac Gabhann, Úna Ní Chonaire, Nóra Welby, Aodhán Ó Deá, Áine Seoighe, Marcas Mac Ruairí.

Muintir Mhainistir na Féile, Co. Luimní a bhuaigh Comórtas Ghlór na nGael i 1961. Bhí siad i láthair in Áras an Uachtaráin do Chomóradh 50 Bliain Ghlór na nGael. Frank Dennison, an tSr. Delia Curtis agus Áine Marie Dennison.

COMHSHAOL

Coiníní – Is peata iontach é!

Coirnéal na bpeataí lenár dtréidlia, ***Sinéad Ní Mhaille***

PEATA iontach is ea an coinín. Ní chosnaíonn siad mórán, is éasca iad a choinneáil agus is breá le páistí iad. Maireann siad go mbíonn siad thart ar ocht mbliana d'aois go hiondúil. Tá a lán cineálacha difriúla ar díol; roinnt acu le cluasa fada, roinnt eile le fionnadh fada nó gearr, iad mór nó beag agus dathanna éagsúla orthu. Is féidir coinín óg a cheannach in aois a shé seachtaine; níor cheart iad a thógáil den mháthair níos luaithe ná sin. Tá sé tábhachtach ceann sláintiúil a cheannacht. Ba cheart go mbeadh na súile glan agus beocht iontu. Níor cheart go mbeadh sileadh ag teacht ón srón. Ba cheart go mbeadh an fionnadh mín agus glan. Ma bhíonn siad brocach timpeall na tóna tá seans ann go raibh buinneach orthu.

Tá sé an-tábhachtach coinín a láimhseáil go cúramach. Más coinín an-óg atá ann cuir lámh amháin faoin gcliabhrach agus an lámh eile faoi na cosa cúil. Más coinín níos sine atá ann úsáid lámh amháin le greim a fháil ar an chraiceann bhog atá idir an dá ghualainn agus cuir an lámh eile faoin tóin. Níor cheart na cluasa a tharraingt riamh. Ná lig do ghasúir faoi 6 bliana d'aois coinín a iompar.

Caithfidh tú bia a thabhairt do choiníní faoi dhó sa ló. Ba cheart bia iomlán coinín a cheannacht dóibh ionas go mbeidh siad ag fáil an cothú ceart. Is féidir arán agus glasraí a thabhairt dóibh freisin ach caithfidh tú bheith cúramach nach n-itheann siad an iomarca glasraí mar cuirfidh sé sin buinneach orthu. Ba cheart glasraí agus torthaí a ní go maith sula n-itheann siad iad. Ba cheart go mbeadh uisce ar fáil i gcónaí agus ba cheart an t-uisce a athrú chuile lá.

Teastaíonn teachín adhmaid uathu le conaí ann. Ba cheart go mbeadh sé mór go leor ionas go mbeadh an coinín in ann bogadh timpeall go héasca ann. Ba cheart go mbeadh taobh amháin den teachín dúnta isteach ionas go mbeidh suaimhneas acu le codladh a dhéanamh. Teastaíonn píosa gairdín a bhfuil fál mogalra (mesh) timpeall air ionas nach mbeidh cait nó ainmhithe eile in ann iad a mharú. Níor cheart an teachín a bheith suite sa ghrian.

Bíonn leaba féir nó leaba páipéar nuachta ag teastáil uathu agus ba cheart an teachín a ní faoi dhó sa tseachtain. Is ainmhí an-ghlan é an coinín agus go hiondúil cuirfidh sé an salachar ar fad i gcúinne amháin. Is féidir tráidire cait a úsáid freisin. Má bhíonn an teach glan is annamh a bheidh fadhbanna sláinte acu. Bíonn neart aclaíochta ag teastáil uathu ionas nach gcuirfidh siad suas meáchan.

Sábháilteacht

Níor cheart sreang leictreach a bheith áit ar bith in aice leo mar go n-íosfaidh siad é. Níor cheart ligint dóibh plandaí a ithe sa ngairdín ar fhaitíos go mbeadh na plandaí nimhneach.

Fadhbanna sláinte

Srónaíl agus slaghdán

Bíonn sileadh ag teacht ón srón agus bíonn siad ag sraothartach. Má bhíonn siad go dona leis beidh cúrsa antaibheathach ag teastáil uathu.

Triomach

Tarlaíonn sé seo mura bhfuil siad ag fáil a ndóthain glasraí. Cabhraíonn prátaí bruite (sa chraiceann), bran nó duilleoga seimre chun biseach a chur orthu.

Buinneach

Ba cheart gearradh siar ar an méid glasraí a itheann siad. Cabhraíonn rís bhruite chun iad a thriomú.

Cancar

Bíonn na cluasa dearg, pianmhar agus bíonn gearb orthu. Caithfidh tú na cluasa a choinneáil glan agus is féidir cóir leighis a fháil ón tréidlia.

Dreancaidí

Caithfidh tú cóir leighis a fháil chun na dreancaidí a mharú agus caithfidh tú an teach agus an leaba a ní amach go maith.

Fadhbanna súl

Is minic a fhaigheann siad súile tinne má théann dusta nó brocamas isteach iontu. Bíonn sileadh uisciúil ag teacht ó na súile. Ba cheart iad a ghlanadh amach le huisce bog.

Niúmóine

Tá sé seo an-dainséarach ag coiníní. Uaireanta éireoidh siad tinn má éiríonn siad fliuch nó fuar. Beidh cuma thinn thuirseach orthu, beidh siad ag tarraingt a n-anála go tapa agus beidh sileadh ag teacht ón srón agus ón mbéal. Mura bhfaigheann siad an chóir leighis cheart gan mhoill ón tréidlia is minic a chaillfear iad taobh istigh de chúpla lá.

Cosa tinne

Uaireanta bíonn na cosa pianmhar agus cailleann siad an fionnadh orthu de dheasca nach bhfuil an leaba atá fúthu sásúil. Uaireanta éiríonn siad bacach má bhíonn a gcuid iongacha rófhada.

Fadhbanna béil

Bíonn fadhbanna fiacla go coitianta ag coiníní. Fásann na fiacla síos agus suas go cam nó bíonn siad rófhada agus beidh ar an tréidlia na fiacla a ghearradh. Is féidir leis seo tarlú leis na fiacla cúil chomh maith leis na fiacla tosaigh agus ní bheidh an coinín in ann bia a changailt níos mó má éiríonn sé ródhona.

Buille báis don fheilméireacht bradán sa nGaeltacht?

Máirtín Ó Catháin

D'FHÉADFADH sé go gcuirfeadh freagra Dála a tugadh an tseachtain seo stop le mórán forbartha eile ar thionscal na feilméireachta bradán sa nGaeltacht. Mar fhreagra ar cheist a chur an Teachta Dála Éamon Ó Cuív, dúirt an tAire Stáit Donncha Mac Fhionnghaile an méid seo:

"Tá sé curtha in iúl dom ag Údarás na Gaeltachta go bhfuil cosc ar an eagraíocht deontais a íoc le hearnáil na feirmeoireachta bradán faoi láthair. Tuigim ón Údarás go neascraíonn an cosc seo ó fhorálacha maidir le bradáin fhiáine a chosaint ó mhíolta mara atá sa Chlár Náisiúnta um Bhia na Mara. Foilsíodh an Clár Náisiúnta seo in 2010."

Athrú ollmhór é seo ar pholasaí agus ar ghníomhaíocht an Údaráis; glactar leis gurb é Gaeltarra Éireann agus Údarás na Gaeltachta ina dhiaidh sin a rinne go leor den bhunobair leis an bhfeilméireacht bradán a fhorbairt sa tír seo sna 1970í agus sna 1980í. Bhí sé mar sprioc ag an Údarás freisin go neartófaí an tionscal bradán an athuair i gceantracha ar nós iarthar Chonamara le cabhair a thabhairt in áiteacha a bhí gann ar fhostaíocht.

Ach nuair a d'iarr an tAire Mac Fhionnghaile soiléiriú ar an Údarás faoi dheontais don fheilméireacht bradán – de bharr na ceiste a chuir an Teachta Ó Cuív – dúradh leis na Forbacha go raibh ceangal orthu de bharr an Chláir Náisiúnta um Bhia na Mara a foilsíodh anuraidh. Tá sé ráite sa gcáipéis seo go raibh imní ar na Boird Iascaigh Réigiúnacha agus ar an mBord Iascaigh Náisiúnta faoi dhochar a dhéanfadh – dar leo – míolta farraige do bhradáin fhiáine. Socraíodh dá bharr sin nach dtabharfaí aon deontais d'fheilméaraí bradán sa tréimhse 2010-2014 "nó go mbeadh réiteach sásúil ar cheist na míolta farraige". Tá sé ina dhíospóireacht le scór blianta faoi cheist na míolta farraige a chruinníonn thart ar chliabháin bradán agus é ráite – agus séanta freisin – go bhfuileadar ag déanamh dochair do bhradáin fhiáine. Ach níor stopadh deontais ariamh go dtí anois ar an gcúis sin.

"Is ait an scéal é," arsa an Teachta Dála Éamon Ó Cuív. "Dá réir seo tá an Roinn atá freagrach as cúrsaí mara ag seasamh le cáipéis atá ag stopadh deontas do thionscal na feilméireachta bradán agus san am céanna tá sé ina pholasaí acu forbairt a dhéanamh ar an tionscal céanna sin. Ní fheicim go bhfuil réasún leis sin," arsa an Teachta Ó Cuív.

Tá ceist Dála curtha ag an Teachta Ó Cuív anois ar an Aire Talmhaíochta agus Iascaigh faoi seo, ag fiafraí den Aire an bhfuil an Roinn sin aigesean ag seasamh leis an gcosc seo ar dheontais do thionscal na feilméireachta bradán. Coinneofar súil ghéar ar an bhfreagra sa nGaeltacht.

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Cairr gan tiománaithe le bheith ar an bhóthar faoi 2010

Ach cé bheas freagrach má bheas timpistí acu?

Diarmuid Ó Muirgheasa

TÁ scéal mór eile tagtha chugainn ó phríomhoifigí Google le déanaí agus ó thaobh na físe den todhchaí atá againn uile, is ceann iontach mór é seo.

Rinneadh tagairt do 'ghluaisteán Google' anseo in Gaelscéal i mí Dheireadh Fómhair seo caite, nuair a d'eisíodar a gcéad phreasráiteas mar gheall air.

An bun-choincheap atá ann ná gluaisteán a bhaineann úsáid as meascán cliste de chóras radair, léasair agus ceamaraí le súil a choimeád ar cad go díreach atá ar siúl mórthimpeall air, agus ríomhaire ollmhór le ciall a dhéanamh as sin ar fad agus cinneadh a dhéanamh mar gheall air.

Tá a fhios ag an ríomhaire atá i gceannas an chórais cá bhfuil chuile rud atá cóngarach don charr, idir ghluaisteáin eile, choisithe, rothair agus pé rud eile. Is córas é, ar ndóigh, atá i bhfad níos sábháilte ná bheith ag brath ar thiománaithe daonna súil a choimeád ar chuile rud mórthimpeall orthu. Deir Google gur féidir leis an saghas seo córais suas le milliún duine a thabhairt slán ón mbás in aghaidh na bliana trí dheireadh a chur leis an mórchuid de thimpistí bóithre ar fud an domhain amach anseo.

Ó chualamar uathu i mí Dheireadh Fómhair seo caite tá rudaí ag gluaiseacht ar aghaidh go tapa, agus an nuacht is déanaí ná go bhfuil Google i mbun brústo-caireachta in Nevada, agus rialtas an stáit úd ag déanamh a mach-naimh ar dhlíthe a chur i bhfeidhm a ligfeadh do ghluaisteán uathoibríoch mar seo tiomáint gan srian ar na bóithre.

Ní soiléir go fóill cén cruth go díreach a bheidh ar an reachtaíocht seo, ach tá neart tuairimí foilsithe ag páirtithe éagsúla gur féidir linn buile faoi thuairim réasúnta maith a thabhairt.

An cheist is mó atá ann mar gheall ar na gluaisteáin seo ná maidir le freagracht i gcás timpiste. Is féidir bheith cinnte go rachaidh aon dlí a bhainfidh leis i ngleic leis seo.

Ó thaobh conas go díreach dul i ngleic leis, is deacair a rá. Tá tuairim ann, agus an chuma ar an scéal gur tuairim na coitiantachta a bheidh ann, gur bac dáiríre é an cheist seo.

"Conas is féidir an milleán a chur ar ríomhaire i gcás timpiste?" a deir na daoine úda. Go pointe tá ciall éigin leis sin, ach i mo thuairimse ní ceist é atá leath chomh dosháraithe agus a deir na daoine sin. Más fíor gur féidir leis na gluaisteáin seo timpistí a sheachaint (agus de réir na fianaise, is féidir), an ceist chomh tábhachtach sin í cé atá freagrach as na timpistí nach dtarlóidh ach go hannamh?

Go dtí seo tá tástáil déanta ar na gluaisteáin seo (Toyota Prius atá i bhformhór na ngluaisteán atá in úsáid acu, dála an scéil) in California, áit ar tugadh cead an tástáil sin a dhéanamh ach go mbeadh tiománaí iontu an t-am ar fad, agus an tiománaí sin freagrach i gcás timpiste ar bith. Thaistil siad breis agus 220,000km agus ní raibh ach timpiste amháin acu, agus ba thiománaí eile a bhí lochtach an uair sin.

Ní deacair a shamhlú, ní dóigh liom, go dtiocfaidh an lá gur cuma cé atá lochtach i gcás timpiste, ach go bhféadfadh na gluaisteáin taifead a dhéanamh d'aon timpiste, agus na comhlachtaí árachais é sin a úsáid chun a oibriú amach eatarthu féin cé a d'íocfadh.

I ndiaidh na ceiste úd tagann ceisteanna níos éasca chun cinn. Bheadh gá, mar shampla, le dlí a chur i bhfeidhm a ligfeadh do dhaoine nach bhfuil ceadúnas acu gluaisteán a cheannach, árachas a fháil agus mar sin de.

Conas go díreach a d'oibreodh córas dá leithéid?

Ní fios. Tá caint in Nevada mar gheall ar cheadúnas tiomána ar leith do dhaoine nach dtiománann, ach conas go díreach a d'oibreodh an córas, agus cén saghas scrúdaithe a bheadh ann chun ceadúnas dá leithéid a bhaint amach? Ní soiléir.

Deir General Motors, dála an scéil, go bhfuil Google mícheart, agus nach bhfeicfear na gluaisteáin seo ar na bóithre go dtí 2030 ar a luaithe. Más féidir le Nevada na mionsonraí a chur ina gceart, deir Google gur 2020 a bheidh ann, agus is misniúil an duine a dhéanfadh argóint le teicneolaithe Google.

Ní deacair na buntáistí uile a bheadh leis na gluaisteáin seo a shamhlú. Bheadh deireadh lena bheith ag tiomáint faoi thionchar an óil i dtús báire. Breis neamh-spleáchais ag seandaoine atá mí-chompordach ag tiomáint.

Breis ama le hobair a dhéanamh agus tú ar do shlí chuig d'áit oibre, más mian leat é sin a dhéanamh.

Má fhaightear réidh leis an roth stiúrtha tá deis ann do dhearthóirí rudaí iontach suimiúil a dhéanamh leis an taobh istigh den ghluaisteán. Agus beidh an todhchaí tagtha go cinnte an uair sin, is dócha.

Más féidir le Nevada dlí a chur i bhfeidhm a ligfeadh don ghluaisteán féin bheith ciontach i gcás timpiste, thabharfadh sé sin misneach sa bhreis do Google, agus d'aon chomhlacht eile atá ag obair ar a leithéid de rud é seo a bhrú i dtreo an mhargaidh.

Deir General Motors, dála an scéil, go bhfuil Google mícheart, agus nach bhfeicfear na gluaisteáin seo ar na bóithre go dtí 2030 ar a luaithe. Más féidir le Nevada na mionsonraí a chur ina gceart, deir Google gur 2020 a bheidh ann, agus is misniúil an duine a dhéanfadh argóint le teicneolaithe Google.

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne)

Fáiltíonn Ionad na dTeangacha roimh iarratais ar an gcúrsa thuasluaite. Cúrsa páirtaimseartha ar líne é a mhaireann dhá bhliain. Tá caighdeán maith Gaeilge riachtanach mar aon le bunchéim ach ní gá go mbeadh an Ghaeilge mar chuid den bhunchéim seo. Déanfar scrúdú iontrála le caighdeán Gaeilge na n-iarrthóirí a mheas. Tá sonraí uile an chúrsa le fáil ag ***www.nuim.ie/language***

♦ Spriocdháta d'iarratais: **10 Meitheamh** ♦ Scrúdú Iontrála: **18 Meitheamh**
♦ Costas: **€2,000 sa bhliain** ♦ Tuilleadh eolais: **01-7086417** nó *roisin.nidhushlaine@nuim.ie*

POST MAR FHEIDHMEANNACH FORBARTHA

COMHCHOISTE NÁISIÚNTA NA GCOLÁISTÍ SAMHRAIDH
CONCOS

Tá folúntas ag Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS) do Fheidhmeannach Forbartha le plé le forbairt thionscail na gColáistí Samhraidh Gaeilge. Tá iarratais á lorg ó chéimithe le scileanna maithe i riaradh agus i mbainistiú tograí agus le taithí i réimse an oideachais agus an óige. Tá scileanna maithe tuairisciú agus Gaeilge riachtanach. Cuirfear tuarastal cuí ar fáil don té a cheapfar.

Critéir Riachtanacha

- Cáilíocht 3ú leibhéal
- Sárchumas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge
- Taithí ar bhainistiú tograí
- Tuiscint ar chúrsaí gnó agus scileanna maithe ríomhaireachta
- Scileanna riaracháin
- Ceadúnas tiomána

Cuirtear iarratais, maraon le CV, roimh 5 i.n., an Aoine, 10 Meitheamh chuig:

An Cathaoirleach
CONCOS
f/ch Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teoranta
Baile an Fheirtéaraigh
Trá Lí
Co Chiarraí

Is fostóir comhdheiseanna é CONCOS.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

CUIREADH CHUN TAIRISCEANA

Tá leabharlann soghluaiste ag COGG i veain a thugann cuairt ar na bunscoileanna agus ar na hiarbhunscoileanna Gaeltachta & lán-Ghaeilge, chomh maith le cúrsaí Gaeilge do mhúinteoirí agus comhdhálacha. Tá taispeántas áiseanna teagaisc agus foghlama sa veain- téacsleabhair, DVDanna , cluichí agus, póstaeir ina measc, ach d'fhéadfaí an tseirbhís a fhorbairt ar shlite éagsúla- breis táirgí a thaispeáint, ábhar a dhíol nó orduithe a ghlacadh, mar shampla.

Is mian le COGG an tseirbhís seo a chur ar conradh le duine aonair, le heagras nó le comhlacht agus tugtar cuireadh tairiscint a dhéanamh ina ndéanfar cur síos ar phlean gnó don tionscadal reatha agus aon fhorbairtí a bheadh á moladh, mar aon leis an bplean maoinithe a chuirfeadh san áireamh aon fhóirdheontas ó COGG a bheadh riachtanach don tionscadal.

Tuilleadh eolais ar fáil ó ***eolas@cogg.ie***

Glacfar le tairiscintí go dtí 5pm Dé Luain 13 Meitheamh 2011.

COGG
22 Plás Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
eolas@cogg.ie

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

NORTHERN IRELAND SCREEN
Irish Language Broadcast Fund
An Ciste Craoltóireachta Gaeilge

Scéimeanna Oiliúna

Tá an Ciste Craoltóireachta Gaeilge ag lorg iarratais ó chainteoirí Ghaeilge do dhá scéim oiliúna.

Tá an scéim d'Iontrálaithe Nua i Scileanna Léiriúcháin don teilifís dírithe ar dhaoine atá nua don earnáil.

Tá an scéim do Léiritheoirí faoi Oiliúint dírithe orthu siúd a bhfuil ar a laghad bliain de thaithí acu san earnáil léiriúcháin agus gur mian leo dul le léiriú nó stiúiriú físe.

I rith na scéimeanna lánaimseartha (Meán Fómhair 2011– Lúnasa 2012), beidh na hoiliúnaithe ag foghlaim na ceirde agus iad ar shocrúcháin le comhlachtaí léiriúcháin teilifíse agus le NvTv (an stáisiún áitiúil teilifíse i mBéal Feirste).

Caithfidh na hoiliúnaithe a bheith líofa sa Ghaeilge. Bheadh cáilíocht tríú leibhéal inmhianaithe go háirithe sna hábhair seo a leanas: na meáin chumarsáide, an Ghaeilge, cuntasaíocht, staidéar gnó, dlí.

Chun pacáiste iarratais agus tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le do thoil le:

Brendan Hehir, Scáileáin Thuaisceart Éireann, 21 Sráid Alfred, Béal Feirste BT2 8ED

Teil: 028 90 232444

Láithreán Gréasáin: www.northernirelandscreen.co.uk

Ríomhphost: Brendan@northernirelandscreen.co.uk

Spriocdháta: 5.00 Dé hAoine an 3iú Meitheamh

Is fostóir comhdheiseanna é Northern Ireland Screen.

BEATHA

Le Meadhbh Ní Eadhra

Féile Scríbhneoireachta Lios

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ gach duine ag réiteach do Sheachtain Scríbhneoireachta Lios Tuathail i gContae Chiarraí anois, agus é le tosú Dé Céadaoin seo chugainn. Leanfaidh an tseachtain speisialta seo, a tharraingíonn aird ó scríbhneoirí, léitheoirí agus foilsitheoirí ar fud an domhain, ar aghaidh go dtí an Domhnach 5 Meitheamh. I mbliana, tá comóradh 40 bliain den fhéile ar siúl agus mar sin déanfar ceiliúradh ar leith.

"Thosaigh an fhéile amach mar theacht le chéile beag de dhaoine le spéis i leabhair agus i gcúrsaí scríbhneoireachta," a deir duine de riarthóirí na féile, Máire Logue. "Anois, tá féile scríbhneoireachta Lios Tuathail mar an fhéile litríochta is mó agus is suntasaí in Éirinn."

I mbliana, freastalóidh an fhéile ar gach saghas léitheora. Beidh Alice Sebold, údar a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aici dá húrscéal The Lovely Bones ach go háirithe, ag glacadh páirte san fhéile, chomh maith le Neil Jordan, John Lynch, Catherine Dunne, Gerry Stembridge, John Boyne agus John Connolly. Beidh Ollamh Filíochta na hÉireann, Harry Clifton, agus File Stáit Iowa, Mary Swander, ar chuid de na filí a bheidh ag freastal ar an bhféile freisin, chomh maith le Jackie Kay, Thomas Lynch agus John Hartley Williams.

Tá clár iontach ann do pháistí i mbliana agus beidh ceardlanna scríbhneoireachta ar siúl i rith na féile freisin. I measc na scríbhneoirí a bhfuil leabhair do pháistí foilsithe acu agus a bheidh ag glacadh páirte san fhéile, tá John Connolly, Ali Sparkes, John Boyne, Joe Craig, Róisín Meaney, Sarah Webb, Matthew Sweeney agus Inbali Iserles. Beidh os cionn dhá mhíle páiste páirteach san fhéile i mbliana. Is cinnte go bhfuil gach aoisghrúpa mar chuid den fhéile agus tá an fhéile ag fás agus ag forbairt i gcónaí. Beidh go leor de na himeachtaí do pháistí ar siúl i Big Top Sorcas Fossett, ag cruthú atmaisféar spraíúil do na daoine óga.

Mar cheiliúradh ar chomóradh 40 bliain den fhéile, beidh Julie Feeney, a chanann an t-amhrán 'Impossibly Beautiful', ag canadh sa Big Top oíche Dé hAoine agus ar an Satharn, beidh Joseph O'Connor agus Philip King ag tabhairt an taispeántas 'The Whole World Round' go Lios Tuathail. Tá ticéid ar díol anois don dá ócáid speisialta seo agus is féidir iad a fháil trí ghlaoch ar 086 402 7807.

Tá tuilleadh eolais faoin bhféile, agus an clár iomlán, ar fáil ar www.writersweek.ie.

Meadhbh Ní Eadhra i gcomhrá le **John Boyne**

An bhfuil tú ag súil le féile Lios Tuathail?

Bím ag súil go mór le cuairt a thabhairt ar Lios Tuathail i gcónaí. Tá clár iontach ann agus tagann léitheoirí le neart ceisteanna suimiúla chomh maith. Cuidíonn féilte cosúil leis seo go mór linn mar scríbhneoirí - is deis é chun bualadh leis na daoine a choinníonn ag scríobh muid!

Is fíor sin! Tá cúpla úrscéal foilsithe agat agus tá an-rath ar fad orthu. An mbíonn tú neirbhíseach nó ar bís go fóill nuair a sheoltar leabhar nua leat?

Bíonn meascán de sceitimíní agus imní i gceist. Mothaíonn tú gurb é do leabhar is déanaí an leabhar is fearr atá scríofa agat go dtí sin, ach is féidir le criticeoirí agus léirmheastóirí é sin a athrú go han-tapaidh ar fad! Ach bím ag súil le bheith ag caint leis an lucht féachana faoi úrscéal gur chaith mé dhá bhliain á scríobh; is mór an faoiseamh é uaigneas agus aonaracht an staidéir a fhágáil agus ligean do na carachtair agus don scéal tús a chur lena saol poiblí.

Scríobh tú an chéad dréacht iomlán de 'Boy in Striped Pyjamas' thar dhá lá go leith agus bhí an-dúil agat sa scéal. Cad faoin leabhar Noah Barleywater Runs Away agus an t-úrscéal is déanaí leat, 'The Absolutist'?

As mo naoi n-úrscéal, is é sin an t-aon úrscéal a scríobh mé i dtréimhse chomh gearr. Ghlac sé beagnach bliain orm Noah Barleywater Runs Away a scríobh, agus thóg sé dhá bhliain orm The Absolutist a scríobh.

Cad é an difríocht is mó idir a bheith ag scríobh do dhaoine fásta agus do pháistí?

Tá sé i bhfad níos deacra a bheith ag scríobh do pháistí, le bheith macánta faoi. Caithfidh an scríbhneoir a bheith níos airdeallaí ar an té a bhfuil siad ag scríobh lena (h)aghaidh, agus a leibhéal léitheoireachta. Is maith liom a bheith ag bogadh idir an dá genre agus tá súil agam go leanfaidh mé ar aghaidh leis sin.

Tá cur síos déanta ag Colm Tóibín ar The Absolutist mar leabhar 'iontach, brónach, bog a rachaidh i bhfeidhm go mór ar éinne a léifidh é'. Conas a éiríonn leat tionchar chomh mór sin a bheith agat ar na léitheoirí?



Léitheoir agus scríbhneoir corraitheach, mothúchánach a bhí ionam i gcónaí. Teastaíonn uaim scéalta a scríobh a chorróidh daoine agus a fhanfaidh ina gcuimhne ar feadh tamall fada tar éis dóibh an leathanach deireanach a léamh. Níl a fhios agam cad é an rún ach déanaim iarracht fanacht dílis do mhothúcháin an scéalaí, ligean do mo charachtair dul ar thuras a dtiocfaidh deireadh nádúrtha leis, fiú mura bhfuil an deireadh sin sona sásta.

Ag caint ar thurais, tá suim ag gach léitheoir i saol an scríbhneora. Cén cur chuige scríbhneoireachta atá agatsa?

Déanaim iarracht scríobh gach lá agus nuair a bhím ag obair ar an gcéad dréacht is fearr liom a bheith sa bhaile i mBaile Átha Cliath, ag scríobh ó 8.30rn go 2in gach lá, 7 lá sa tseachtain, go dtí go mbíonn dréacht agam. Maidir leis an dara dréacht agus aon rud ina dhiaidh sin, is féidir liom iad a aistriú go dtí an ríomhaire glúine agus a bheith ag obair orthu i seomraí ostáin nó ar thraenacha nó eitleáin agus mé ag taisteal.

Beidh John Boyne ag reáchtáil imeachta do pháistí sa 'Big Top' Plás an Mhargaidh, Lios Tuathail Market Place) ar an Satharn 4 Meitheamh ar 12.15in. Freisin, beidh sé ag léamh ón leabhar is déanaí uaidh (do dhaoine fásta), The Absolutist, ar an Domhnach 5 Meitheamh ar 3.30in san Arms Hotel.

Cúpla ceist ar... Blake Morrison!



Bíonn suim ag léitheoirí i gcónaí sa phróiseas taobh thiar den leabhar. Conas a thugann tusa aghaidh ar do chuid scríbhneoireachta?

Is mistéir é an próiseas ach tá na praiticiúlachtaí simplí. Mura bhfuil dualgais eile orm, suím síos ag mo dheasc ag 8 nó 9 ar maidin, déanaim iarracht neamhaird a dhéanamh ar ríomhphoist (deacair), agus leanaim orm ag scríobh chomh fada agus is féidir liom. Agus, le beagáinín áidh, beidh leabhar le maitheas éigin ann agam trí bliana níos déanaí - fiú mura sárshaothar é.

Nuair a thosaíonn tú ar leabhar nua - cá dtosaíonn sé? Carachtar, téama nó plota?

Thosaigh mé amach ag scríobh ar dtús mar fhile agus tá mo phróiseas scríbhneoireachta an-chosúil le próiseas an fhile. Sin le rá, ní dhéanaim pleananna nó ní dhéanaim mapa den leabhar roimh ré. Mothaím mo bhealach tríd an dorchadas, ag tógáil ar fhoirgneamh nó ar íomhá, nó guth, nó iomas (intuition). De réir a chéile, faighim amach céard é an scéal agus cé atá á insint.

Céard iad na dúshláin is mó roimh scríbhneoirí sa lá atá inniu ann?

Mar a léiríonn an leabhar is déanaí le Séamus Heaney, is gá do scríbhneoir leanúint ar aghaidh - agus sin mar a bhraithim féin. Tá rudaí ag athrú, agus ní féidir neamhaird a dhéanamh ar na hathruithe seo (mar shampla ríomhleabhair agus blaganna), ach ní fiú a bheith crosta fúthu ach an oiread (is rud iontach ar fad é an t-idirlíon). Ach, caithfidh tú a bheith dílis do d'fhís féin i gcónaí.

Beidh Blake Morrison ag léamh ar an Déardaoin 2 Meitheamh ag 3.30in i Halla Ceolchoirme na mBuachaillí, Lios Tuathail.

NUACHT Litríochta

Tuathail: 40 Bliain ar an bhfód

Kevin Barry

Tá an-cháil ar Kevin Barry as a chuid gearrscéalta ach go háirithe, agus is iontach an rud é go bhfuil sé ag glacadh páirte san fhéile. Tá sé i ndiaidh gearrscannáin, drámaí, taispeántais phuipéid, úrscéal agus gearrscéalta a scríobh, agus tá sé fíormhaith ag léamh go poiblí. Beidh sé sa Plaza Centre ar an Déardaoin 2 Meitheamh ag 5in.

Gerry Stembridge

Tá aitheantas bainte amach ag Gerry dá chuid úrscéalta agus scannán, mar shampla Nora, scannán faoi James Joyce agus a bhean chéile Nora Barnacle. Foilseofar an t-úrscéal is déanaí leis, Unspoken, i Meitheamh 2011. Beidh sé ag léamh óna chuid saothair sa Plaza Centre ar an Déardaoin ag 5in.

Jackie Kay

Is scríbhneoir gearrscéalta í Jackie Kay a bheidh ag léamh ar an Domhnach 5 Meitheamh ag meán lae, in Ionad Ealaíon agus Drámaíochta Naomh Seán. Tá Jackie go hiontach ar an stáitse agus tá a cuid filíochta agus gearrscéalta ar fheabhas ar fad. Seans gur léigh cuid agaibh an dán 'In my Country', agus tá neart eile scríofa aici atá i ndiaidh an-aird a tharraingt ar an scríbhneoir seo.

Alice Sebold

Rugadh Alice Sebold i Madison, Wisconsin sa bhliain 1963. D'fhreastail sí ar Ollscoil Syracuse agus is ann a rinneadh ionsaí gnéis uirthi agus í ag siúl abhaile ar an lá deireanach den téarma. Tá Lucky, a scríobh sí I 1999, bunaithe air sin. Tá an-cháil ar an gcéad úrscéal a scríobh Alice, The Lovely Bones, agus rinneadh scannán den leabhar le déanaí. Díoladh os cionn 2 mhilliún go leith cóip den leagan clúdach crua den leabhar. Foilsíodh Almost Moon sa bhliain 2007. Beidh Alice ag caint agus ag léamh óna cuid saothair san Arms Hotel i Lios Tuathail ar an Satharn 4 Meitheamh ar 7.30in.

Neil Jordan

Rugadh Neil Jordan i Sligeach sa bhliain 1950. Bhuaigh a chéad leabhar scéalta, Night In Tunisia (1976), duais Ficsean an Guardian. Ó shin, tá sé i ndiaidh cúig úrscéal a fhoilsiú, The Past (1979), The Dream Of A Beast (1983), Sunrise With Seamonster (1994), Shade (2005), agus Mistaken (2011).Tá Mistaken ar an ngearrliosta do dhuais Ficsin Chiarraí. Scríobh agus stiúraigh Neil Jordan a chéad scannán, Angel, sa bhliain 1982, agus ó shin tá sé i ndiaidh os cionn cúig scannán déag a scríobh, a stiúrú agus a léiriú, The Butcher Boy agus Breakfast on Pluto san áireamh. Ta cáil idirnáisiúnta ar Neil agus is féidir dul agus é a fheiceáil ar an Déardaoin 2 Meitheamh ag 1in sa Plaza Centre.

Cathy Kelly

Rugadh Cathy Kelly i mBéal Feirste agus tá sí ar dhuine de na scríbhneoirí is rathúla ar domhan anois. Theastaigh uaithi a bheith ag scríobh I gcónaí agus tar éis di freastal ar choláiste iriseoireachta, thosaigh sí ag obair le páipéar nuachta náisiúnta Éireannach. Thosaigh sí amach ag scríobh scéalta nuachta ach ansin thug sí aghaidh ar ghné-ailt, léirmheasanna scannáin agus mar sin de. Scríobh sí Woman to Woman nuair a bhí sí fós ina hiriseoir agus d'fhan an leabhar ar an liosta de na leabhair is mó díola in Éirinn le haghaidh 8 seachtaine. Foilsíodh an úrscéal is déanaí uaithi, Homecoming, i bhfómhar 2010. Tá cónaí uirthi i gCill Mhantáin anois. Beidh sí ag léamh san Arms Hotel i Lios Tuathail ar an Domhnach 5 Meitheamh ag 1in.

Ceardlanna spéisiúla

REÁCHTÁLFAR go leor ceardlanna scríbhneoireachta mar chuid d'fhéile Lios Tuathail, agus is féidir eolas a fháil fúthu go léir ar www.writersweek.ie. Maireann gach ceardlann trí lá, ó 9rn go 1in, ar an Déardaoin, Aoine agus Satharn (3 go 5 Meitheamh). Tá 15 áit i ngach ceardlann, agus tá costas €175 ar gach ceann. Seo cuid de na cinn a bheidh á reáchtáil:

Ag tosú ar úrscéal

Is í Aifric Campbell Stiúrthóir na ceardlainne seo. Tá dhá úrscéal scríofa aici, The Semantics of Murder agus The Loss Adjustor. Rugadh i mBaile Átha Cliath í, rinne sí staidéar sa tSualainn agus anois tá cónaí uirthi i Sasana. Foilseofar an tríú húrscéal léi níos déanaí i mbliana. Díreoidh an cheardlann ar do chuid scileanna eagarthóireachta agus criticiúla a fhorbairt agus pléifear conas nósanna maithe scríbhneoireachta a chothú.

Gearrfhicsean

Is é John MacKenna stiúrthóir na ceardlainne seo. Is úrscéalaí, gearrscéalaí agus drámadóir é. Beidh an cheardlann ag díriú isteach ar trí chuid de scríbhneoireacht ghearrfhicsin - ag aimsiú an scéil ar mhaith leat insint, ag feabhsú an phróisis inseoireachta, agus ag aimsiú an t-am agus an tiomantas chun an saothar a chríochnú.

Filíocht: Ag Tosú amach

Is é John Hartley stiúrthóir na ceardlainne seo. Tá cónaí air i Berlin agus tá 12 bhailiúchán filíochta foilsithe aige. Ainmníodh dhá cheann díobh siúd ar ghearrliosta Duais TS Eliot. Breathnóidh an cheardlann seo ar conas a choinníonn filí a gcuid dánta ag bogadh ar aghaidh agus tabharfar smaointe do dhaoine ar straitéisí lena gcuid scríbhneoireachta féin a choinneáil ag imeacht.

Is scríbhneoir agus aisteoir é Mark O'Halloran ó Inis i gCo. an Chláir. Scríobh sé Adam&Paul agus Garage, chomh maith leis an sraith teilifíse Prosperity. Beidh sé ag reáchtáil ceardlann speisialta dóibh siúd ar spéis leo a bheith ag scríobh don scáileán, ón 2 go 4 Meitheamh.

Scríbhneoireacht Ghreannmhar

Is é Jeremy Sheldon stiúrthóir na ceardlainne seo. Tá údar leis, The Smiling Affair, foilsithe ag Jonathan Cape, chomh maith le bailiúchán de ghearrscéalta, The Comfort Zone. Sa cheardlann seo, pléifear an greann, agus cad iad na rudaí a chuireann daoine ag gáire.

COMÓRTAS!

Tá cóipeanna d'úrscéal nua Éilís Ní Dhuibhne, Dordán, le buachan ag léitheoirí Gaelscéal.



Ceist:
Cé a d'fhoilsigh Dordán?

Seol freagraí chuig meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie nó Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Contae na Gaillimhe.

Spriocdháta: Dé Céadaoin 1 Meitheamh

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

'*Game of Thrones*' - sraith a bhainfidh stangadh asat

Treasa Bhreathnach

TÁ sraith úrnua teilifíse á craoladh ag HBO agus mar aon le gach sraith a chraolann HBO bí cinnte go mbeidh sé le feiceáil ar theilifís na hÉireann go luath. Game of Thrones atá i gceist.

Is sraith fantaisíochta teilifíse í seo atá bunaithe ar an tsraith leabhar A Song of Ice and Fire le George R.R. Martin, sraith leabhar a bhfuil rath iontach uirthi, Tá os cionn 7 milliún cóip díolta ó bhí 1996 ann agus an t-údar curtha i gcomparáid go minic le J.R.R. Tolkien.

Sa tsraith theilifíse 10 gclár, uair an chloig an ceann, dírítear ar an gcogadh foréigneach cumhachta idir dhá theaghlach ríoga agus iad beirt ag iarraidh smacht a bheith acu ar cheantar ollmhór darb ainm Westeros. Craoladh an chéad chlár i Meiriceá ar 17 Aibreán agus in Éirinn agus i Sasana ar Sky Atlantic ar 18 Aibreán. Cé gur thosaigh sé amach le lucht féachana sách beag i Meiriceá de 2.2 milliún tá 8.1 milliún ar an meán anois ag breathnú ar an tsraith seo gach uile sheachtain agus bhreathnaigh 883,000 ar an gcéad chlár in Éirinn agus sa Bhreatain.

Tá domhan fantaisíochta Westeros ina bhfuil Game of Thrones lonnaithe cruthaithe go hiontach ag lucht déanta an chláir le stiúradh ealaíne dochreidte; tá na dearthóirí seite tar éis domhan iomlán inchreidte a chruthú. Is aisteoirí Sasanacha atá sa chliar, Sean Bean sa phríomhpháirt, Eddard 'Ned' Stark. Tá aisteoireacht den scoth i gceist leis an tsraith seo ach is iad na haisteoirí óga a sheasann amach, Maisie Williams mar Arya go háirithe. Cé go raibh ar na léiritheoirí an t-uafás carachtar a bhunú agus snáitheanna éagsúla scéalta a fhí, d'éirigh leo carachtair tharraingteacha a chruthú agus seasann na snáitheanna le chéile go maith gan a bheith iomarcach.

Mar a bheifeá ag súil ó HBO tá caighdeán iontach ard léiriúcháin i gceist leis an tsraith seo ach ar ndóigh ní raibh aon chonstaicí buiséid rompu agus iad ag iarraidh an caighdeán sin a bhaint amach. Ceaptar go raibh buiséad de idir $5 milliún agus $10 milliún acu chun an clár píolótach a dhéanamh agus meastar go raibh buiséad de idir €50 milliún agus €60 milliún acu chun an chéad sraith a dhéanamh. Shílfeá in amanna go bhfuil tú ag breathnú ar scannán in áit sraith theilifíse.

Mar aon le sraitheanna eile drámaíochta a dhéanann HBO, cosúil le True Blood, tá an tsraith seo lán le foréigean agus gnéas agus cuid de a bhfuil stangadh maith ag baint leis. Níl anseo ach ceann de na fáthanna a fhágann an tsraith seo thú réidh le titim den chathaoir agus sceitimíní ar fad ort ag fanacht leis an gcéad eagrán eile. Ní cheiltear aon cheo sna radhairc atá lán le gnéas agus foréigean (agus tá siad fite fuaite tríd na cláir uile) agus iad iontach grafach ach cuireann sé seo, ní hamháin leis an scéalaíocht, ach le cruthaíocht an domhain agus na gcarachtar.

Tosaíodh ar an tsraith seo a fhorbairt in 2007 agus is i mí Iúil 2010 a cuireadh tús leis an taifead. Tá suímh ar fud an domhain in úsáid acu ach an chuid is mó de á thaifead is stiúideo Paint Hall i mBéal Feirste agus in áiteanna eile sa cheantar. Táthar ag baint úsáide as suímh i Málta agus i Maracó chomh maith agus ag tús na míosa seo bhí éisteachtaí acu d'aisteoirí don dara sraith. Rinneadh coimisiúnú ar an dara sraith an tseachtain i ndiaidh gur craoladh an clár píolótach i Meiriceá, agus ní nach ionadh mar is sraith den scoth é agus cosúil le gach seachtain ó thosaigh sé tá sceitimíní orm ag fanacht leis an gcéad chlár eile. Táthar díreach leathbhealach tríd an tsraith ag an bpointe seo, le clár a 6 le craoladh ar an Luan, mar sin tá rogha agat tosú ag leanacht na sraithe ó leathbhealach tríthi, nó fanacht go dtiocfaidh sí amach ar DVD.

Tá fáil ag muintir na hÉireann ar Game of Thrones ar Sky Atlantic amháin go fóill. Bunaíodh an cainéal nua seo mar chuid de sholáthar Sky i mí Feabhra na bliana seo, agus mar chuid de sheirbhís Sky is gá íoc as. Chomh maith le Game of Thrones tá fáil ag custaiméirí Sky, ar shraitheanna móra Meiriceánacha ar an gcainéal seo mar Mad Men, agus sraitheanna nuascríofa drámaíochta le cruthaitheoir Shameless agus sraith nua le cruthaitheoirí Entourage. Ar ndóigh dóibh siúd nach bhfuil Sky Atlantic acu, is é seo an cineál sraithe a bheadh le feiceáil ar TV3 ach níl aon ráiteas déanta go fóill ar aon nós go bhfuil sé ceannaithe ag aon cheann de na cainéil Éireannacha.

Game of Thrones ar Sky Atlantic Dé Luain @ 9.00in.

Féach ar:

BBC 2: 'Wonderland – The Men Who Wouldn't Stop Marching' Clár faisnéise a dhéanann cur síos ar bhannaí máirseála ar Bhóthar an Seanchille. Chaith an scannánóir Allison Millar ceithre mhí ag déanamh taifid ar lucht na mbannaí máirseála sa tSeanchill, go háirithe buachaill óg 11 bhliain d'aois, Jordan atá ag iarraidh a bheith ina dhrumadóir.
Dé Céadaoin @ 9in

RTÉ 1: 'Whose Art is it Anyway' Sa chlár faisnéise seo breathnaíonn an craoltóir Joe Duffy ar ealaín phoiblí na tíre. Cé a roghnaíonn na píosaí ealaíne poiblí, cé dóibh iad agus cé hiad na healaíontóirí?
Dé Máirt @ 10.15in.

Channel 4: 'Run, Fatboy, Run' Scannán (2007) le Thandie Newton, Simon Pegg, Hank Azaria agus Dylan Moran. Blianta tar éis dó í a thréigint ag an altóir tá Simon Pegg anois ag iarraidh maratón a rith chun an bhean a bhí geallta leis a mhealladh ar ais chuige.
Dé Sathairn @ 9in.

Éist le:

Connemara Community Radio: 'As Gaeilge' Clár cainte agus ceoil á chur i láthair ag Caitríona Nic Giolla Phádraig gach dara Luan @ 6in. Craoladh beo ar 87.8 agus 106.1fm

RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Rónán Beo @ 3' Cuirfear tús le Comórtas Peile na Gaeltachta níos deireanaí inniu ar an Fhál Charrach i nDún na nGall agus beidh Rónán Beo @ 3 ag craoladh ón tSeanbheairic. Beidh deis agaibh éisteacht le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus iad ag craoladh beo ón gcomórtas i rith an deireadh seachtaine ar fad.
Dé hAoine @ 3in

Kfm 97.6fm & 97.3fm: 'Ceol agus Caint' Clár dátheangach á chur i láthair ag Clem Ryan le scoth an cheoil agus na hamhránaíochta traidisiúnta. Dírítear ar albam nua gach seachtain.
Dé hAoine @ 8-9in

Jamie Lawson ag leá croíthe in Éirinn

Labhraíonn an fear a chum agus a chanann '*Wasn't Expecting That*' le Gaelscéal

Meadhbh Ní Eadhra

IS iomaí ceoltóir atá amuigh ansin agus nach mbíonn mórán iomrá orthu riamh, go háirithe ceoltóirí aonair. Ach is cosúil go bhfuil Sasanach amháin, Jamie Lawson, i ndiaidh croíthe Éireannacha a leá agus cáil de chineál éigin a bhaint amach dó féin tríd an idirlíon, agus Youtube, chomh maith le ceolchoirmeacha beo, ar ndóigh. Le déanaí, bhí Jamie Lawson ar chamchuairt timpeall na hÉireann, é ag canadh an amhráin úd '*Wasn't Expecting That*' chomh maith lena chuid amhrán eile, atá le cloisteáil ar a albam nua. Agus mé i mbun comhrá leis roimh cheolchoirm sa Róisín Dubh i gcathair na Gaillimhe le déanaí, níorbh fhéidir liom a chreidiúint cé chomh humhal is a bhí sé, agus cé chomh sásta is a bhí sé am a chaitheamh ag caint liom, fiú agus é ar tí ceolchoirm a chasadh.

"Thosaigh mé ag seinm an ghiotáir agus mé thart ar ocht mbliana d'aois," ar sé. "Bhí grá agam don cheol roimhe sin, ach ní raibh mé cinnte riamh cén fáth."

Níor tógadh Jamie i dteach ceolmhar ná níor chas a thuismitheoirí ceol iad féin, ach deir sé gur thug a chuid dearthháireacha an ceol isteach sa teach nuair a tháinig siad ar cuairt.

"D'éist mé leis na ceirníní ar fad a bhí acu agus thosaigh mé ag sábháil mo chuid airgid póca gach seachtain chun dlúthdhioscaí a cheannach dom féin."

Cén saghas ceirníní a mbíodh sé ag éisteacht leo?

"Ceirníní uafásacha!" ar sé ag gáire. "Ba chuma cé na cinn a bhí ann. Fuair mé amach níos déanaí i mo shaol gur chuma cé a chanann nó a sheinneann sna ceirníní. Is é an t-amhrán an rud is tábhachtaí. Creidim sin go fóill. Má bhíonn amhrán iontach ag JLS, sin amhrán iontach. Níl mórán seans go dtarlóidh sé sin, ach má tharlaíonn, caithfear luach an amhráin a aithint. Mar pháiste, d'fhéadfainn a bheith ag éisteacht le hamhránaí nó banna uafásach agus ansin banna cáiliúil nóiméad eile, ach ba mar an gcéanna iad go léir domsa. Is cuma faoi sheánraí, nó faoi céard atá faiseanta, nó cúl, nuair a bhíonn tú i do pháiste. Bíonn grá agat don cheol agus don cheol amháin."

Is as Plymouth i Sasana do Jamie ach deir sé nach dtéann sé abhaile mórán.

"Ní bhím ag casadh ceoil ann mórán," ar sé. "Níl aithne ag daoine orm mar cheoltóir ansin. I ndáiríre, is in Éirinn amháin a bhfuil aithne orm."

Aisteach, b'fhéidir, go bhfuil an oiread sin suime á léiriú ag muintir na hÉireann i gceol Jamie Lawson. Ní thuigeann sé féin an chúis taobh thiar de.

"Tá sé aisteach domsa freisin," ar sé.

Bhí cónaí ar Jamie in Éirinn ar feadh tamaill agus chuir sé aithne ar chúpla banna, rud a chiallaigh go raibh nasc éigin aige leis an tír.

"Ach maidir leis an amhrán, *Wasn't Expecting That*, ar éirigh chomh maith sin leis in Éirinn, ba rud eile ar fad é sin. Nuair a chum mé an t-amhrán, níor cheap mé gur hit a bheadh ann, nó go gcasfaí ar an raidió é. Ach bhí mé anbhródúil as. Thaitin a scéal liom, an struchtúr a bhí air, an tús, lár agus deireadh, agus mar dhuine a scríobhann amhráin, cheap mé go raibh sé go maith."





Agus an raibh cúis ar leith gur scríobh Jamie an t-amhrán úd? Cad é an rud nach raibh sé ag súil leis?

"É sin!" ar sé, ag gáire. "Ní raibh mé ag súil leis sin. Dúirt duine éigin liom nach raibh siad 'ag súil leis sin' agus d'fhan an nath cainte i mo chloigeann. Thosaigh mé ag smaoineamh ar an rud nach raibh siad ag súil leis. Tháinig an chéad chúpla líne den amhrán chugam éasca go leor agus ansin lean rud amháin go rud eile agus rud eile arís. Cad a tharlódh dá mbeadh do shaol ar fad mar chúis iontais, nó '*surprise*'? Ach bíonn tú i gcónaí airdeallach faoi, agus buíoch as. D'fhéadfá a bheith i ngrá agus iontas a bheith ort faoi sin fós, tríocha bliain ar aghaidh. Ba iad sin na cineálacha smaointe a bhí taobh thiar den amhrán, i ndáiríre."

Mar sin, níl an t-amhrán bunaithe ar shaol Jamie féin, an bhfuil?

"Níl! Ní raibh páistí ar bith agam, fós, ar aon nós," ar sé.

As na hamhráin eile atá ar albam úr Jamie, taitníonn *Seven*, *Moving In* agus *North Shore* leis ach go háirithe. Agus é ag canadh Seven sa Róisín Dubh cúpla seachtain ó shin, bhí ciúnas iomlán sa seomra agus gach uile dhuine sa lucht féachana ag éisteacht le Jamie, ar nós go raibh sé ag insint scéil dúinn a bhí chomh tábhachtach sin nárbh fhéidir focal amháin a chailliúint. Chan sé an t-amhrán ar bhealach chomh ciúin agus caolchúiseach go raibh sé níos cumhachtaí ná amhrán ar bith a chuala mé le fada. Maidir le *Moving In*, cuirtear ceist san amhrán sin: 'an bhfuil cónaí ar dhuine éigin eile i do chroí?' Agus leanann Jamie ar aghaidh ag canadh, agus ag rá 'Mar níor mhiste liomsa bogadh isteach'. Tá mothúcháin láidre agus chumhachtacha taobh thiar d'amhráin Jamie agus is léir sin ón mbealach a gcanann sé iad agus ón mbealach a labhraíonn sé faoi na hamhráin liomsa, freisin. Cosúil le Adele, téann sé i bhfeidhm ar a lucht féachana tríd an phaisean atá taobh thiar dá amhráin, agus trína charachtar féin a léiriú sa cheol.

"Tá rud éigin draíochtúil faoi nóiméid a chruthú le ceol ar an stáitse, leat féin nó leis an mbanna, agus daoine a thabhairt leat ar an turas sin. Is rud anspeisialta é sin. Tá sé dochreidte. Bíonn gach amhrán difriúil gach uair. Ní maith liom gach amhrán a chanadh ar an tslí chéanna i gcónaí. Ligim do na hamhráin tarlú ar stáitse mar is mian leo tarlú ar an lá nó ar an oíche áirithe sin. Ba cheart gur éabhlóid a bheadh sa cheol."

Cá bhfaigheann Jamie inspioráid dá chuid amhrán?

"Ní théim sa tóir ar inspioráid," ar sé. "Tá sé ann, gach áit, ní gá ach a bheith oscailte agus aimseoidh tú é. Suíonn tú síos agus tá sé ann in áit éigin. Uaireanta, is nath cainte é, cosúil le *Wasn't Expecting That*, a chuala tú an lá roimhe sin, agus uaireanta eile, is taithí nó eispéireas é a bhí mar chuid de do shaol le fiche bliain anuas, ach a thagann amach anois, ar fháth éigin. Bíonn frustrachas orm agus mé ag scríobh, mar go mbím ag iarraidh teacht ar na focail chearta, ach nuair a bhím críochnaithe, bíonn an-sásamh ag baint leis sin."

Agus muid ag caint faoi cheolchoirmeacha agus faoi bheith ag casadh ceoil beo os comhair lucht féachana, tá loinnir an áthais le sonrú i súile Jamie.

"Tá rud éigin draíochtúil faoi nóiméid a chruthú le ceol ar an stáitse, leat féin nó leis an mbanna, agus daoine a thabhairt leat ar an turas sin. Is rud an-speisialta é sin. Tá sé dochreidte. Bíonn gach amhrán difriúil gach uair. Ní maith liom gach amhrán a chanadh ar an tslí chéanna i gcónaí. Is fuath liom cóipeanna carbóin (carbon copies). Ligim do na hamhráin tarlú ar stáitse mar is mian leo tarlú ar an lá nó ar an oíche áirithe sin. Ba cheart gur éabhlóid a bheadh sa cheol."

Tá suíomh idirlín ag Jamie, www.jamielawson.ie, agus tá a bhlag féin aige ar an suíomh sin freisin. Beidh sé ag casadh ar Shráid Vicar i mBaile Átha Cliath ar an Satharn, 28 Bealtaine, agus is féidir ticéid a chur in áirithe ar www.vicarstreet.com.

OIDEACHAS

Ar aghaidh linn go Washington!

Labhraíonn **Daithí Bán de Buitléir**, Cathaoirleach ar na Gaeil Óga agus mac léinn in DCU, le Meadhbh Ní Eadhra faoin gClár *Washington Ireland.*

IS as Cill Chainnigh do Dhaithí de Buitléir ach tá sé ag freastal ar an ollscoil i mBaile Átha Cliath, ag déanamh staidéir ar Ghnó trí Ghaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Tá áit faighte aige ar chlár *Washington Ireland,* agus beidh sé ag fágáil na hÉireann go luath chun aghaidh a thabhairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Nuair a bunaíodh ar dtús é, *The Young Leaders Program* an t-ainm a bhí ar an gclár seo. Is éard atá ann ná clár sé mhí d'fhorbairt phearsanta agus phroifisiúnta, a thugann mic léinn shármhaithe ó chúlraí éagsúla ar fud na hÉireann, tuaisceart agus deisceart, le chéile chun samhradh a chaitheamh i Washington, DC. Déanann gach mac léinn intéirneacht agus traenáil ceannaireachta, agus faigheann siad taithí agus deiseanna iontacha. Téann go leor de na mic léinn a fhaigheann áiteanna ar an gclár seo ar aghaidh chun gairmeacha a bheith acu sa pholaitíocht, sa dlí, sa ghnó, sa chumarsáid, san oideachas agus in eagraíochtaí pobail.

Cuireadh beagnach 400 duine faoi agallamh don chúrsa seo i mbliana agus níor éirigh ach le beagán os cionn scóir acu áit a bhaint amach.

"Nuair a tháinig mise amach as an agallamh, bhíos lánchinnte nár éirigh liom!" a deir an tUasal de Buitléir agus é ag smaoineamh siar ar an lá a rinne sé féin an t-agallamh. "Bhí mé tar éis bearradh gruaige a fháil, culaith nua a cheannach agus gach rud, agus tabhair buille faoi thuairim céard a thugas faoi deara agus mé ar mo bhealach suas go dtí an t-agallamh san ardaitheoir? Bhí clib shlándála fós ar mo chulaith nua!"

Ar ndóigh, rinne an fear óg iarracht an chlib a chlúdach lena chuid lámha.

"Bhí mé ag breathnú orm féin ag iarraidh an scéal a mheas: an dtabharfadh éinne faoi deara é?"

Agus ar thug?

"Bhí fáilteoir ann roimh an agallamh agus bhí mé ag caint leis ar feadh dhá nóiméad. Dúirt sé liom láithreach go raibh clib shlándála ag crochadh ó mo sheaicéad, agus ar ndóigh bhí orm ligean orm féin nár thug mé faoi deara é!"

"Nuair a labhraíonn tú Gaeilge, faigheann tú i bhfad níos mó deiseanna chun rudaí a dhéanamh nach bhfaighfeá i mBéarla. Mar shampla, an mbeadh deis agam a bheith bainteach le féilte náisiúnta agus bunú club CLG, agus cláir raidió, agus rudaí mar sin, gan an Ghaeilge? Ní dóigh liom go mbeadh. Agus mé ag cur isteach ar an gclár seo, sheas na scileanna a d'fhorbair mé tríd an Ghaeilge liom agus láidrigh siad mo chás," ar sé.

Ar deireadh, mhalartaigh Daithí a sheaicéad le leaid eile a bhí ag fanacht le dul faoi agallamh freisin, cé go raibh dath iomlán difriúil ar an seaicéad.

"Caithfidh gur cheap na daoine a bhí ag cur agallaimh orm go raibh mé dathdhall (colourblind)," ar sé.

Mar sin, nuair a fiafraíodh de Dhaithí san agallamh conas a d'éirigh leis dul i ngleic le dúshláin agus cásanna deacra cheana, bhí freagra aige láithreach.

"Bhuel, ag smaoineamh siar thart ar leathuair an chloig ó shin, bhí mé ag teacht aníos san ardaitheoir agus thug mé rud éigin faoi deara ...," a dúirt sé leo.

"Agus phléascadar go léir amach ag gáire, seachas duine amháin!" a deir Daithí. "Is léir go ndeachaigh mé i bhfeidhm orthu ar bhealach éigin, ar aon nós."

Nuair a tugadh na sonraí go léir do Dhaithí, faoi na heitiltí go Meiriceá agus mar sin de, baineadh geit as.

"Creid é nó ná creid, táimid ag eitilt go Washington ar an lá céanna a thosaíonn Comórtas Peile na Gaeltachta!" ar sé. Mar bhall den CLG nuabhunaithe, Na Gaeil Óga, tá díomá ar Dhaithí mar gheall air seo agus ar ndóigh beidh an-díomá ar a chuid comhimreoirí, ach nuair a fhaigheann tú tairiscint dul go Washington, cad is féidir a dhéanamh ach glacadh leis?

Bhí deireadh seachtaine ionduchtúcháin ar siúl i mí Aibreáin agus, de réir dealraimh, b'fhiú go mór dul ann.

"Bhí sé ar fheabhas. Chas mé le gach duine eile a bheidh ag dul go Washington agus caithfidh mé a rá go bhfuil cuid acu ag teacht ó chúlraí thar a bheith spéisiúil. Tá beirt a bhí ag rith sna toghcháin ó thuaidh, duine acu don UUP agus duine eile do Pháirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann. Tá daoine ó chúlraí Poblachtánacha freisin, agus daoine atá idir eatarthu. Tháinig an fear a sheas don UUP agus ball de Shinn Féin ar aontú go bhfoghlaimeodh fear an UUP amhrán seannóis ó Thír Chonaill mar chuid dá oidhreacht Ultach, agus go bhfoghlaimeodh mo dhuine ó Shinn Féin amhrán an Orange Sash!" ar sé ag gáire.

Is mic léinn iad siúd go léir a bheidh ag glacadh páirte sa chlár seo, agus tá Daithí ar dhuine de na daoine is óige, ag fiche bliain d'aois.

"Tá ceathrar is fiche ag teacht go Washington agus tá an breithlá céanna agamsa agus ag bean eile. Beimid bliain is fiche d'aois i mí an Mheithimh!"

Measann Daithí go bhfuil thart ar 75% díobh siúd ar an gclár ag déanamh cúrsaí dlí san ollscoil, rud atá suimiúil. Tá cúrsa Gnó trí Ghaeilge á dhéanamh ag Daithí in DCU, cúrsa a ritheann Fiontar.

I rith an deiridh seachtaine, dúradh linn gur cheart dúinn forbairt sa bhealach ina gceapann muid féin gur cheart dúinn forbairt. Cur chuige úr agus spéisiúil a bhí ansin.

Beidh Daithí ag déanamh a intéirneachta le dream darb ainm Susan Davis International, a bhíonn ag déanamh poiblíochta ar son grúpaí éagsúla, agus ag stocaireacht ar a son.

"Is cosúil nach ndéanann eagraíochtaí ná grúpaí i Meiriceá a gcuid poiblíochta féin, mar a dhéantar in Éirinn. Déanann dreamanna ar nós Susan Davis International an obair ar fad dóibh! Tá an-chuid de na cliaint nasctha le cúrsaí míleata. Is cosúil gur bean thar a bheith spéisiúil í Susan Davis féin."

Beidh Daithí ag obair leo ar feadh thart ar dhá mhí, agus deir sé go bhfuil sé ag súil go mór leis. Beidh siad ag fágáil ar an Satharn 4 Meitheamh agus beidh siad ar ais in Éirinn ag tús mhí Lúnasa.

"Beimid ag obair ceithre lá in aghaidh na seachtaine, agus ag caitheamh lá amháin ag déanamh tograí taighde. Beimid go léir inár gcónaí le teaghlaigh éagsúla, Gael-Mheiriceánaigh. Deirtear go bhfuil go leor acu ansaibhir!"

Beidh na mic léinn ar fad ag casadh lena chéile trí nó ceithre lá in aghaidh na seachtaine, agus beidh clár oibre le leanacht acu go léir.

Tá spéis ag Daithí sa bhrústocaireacht fhéinchothabhálach, ach níl an oiread sin suime aige i bpolaitíocht na bpáirtithe éagsúla.

"Creidim go mbeimid i gcónaí ag streachailt ó thaobh freagrachta agus cuntasachta de, má tá na brústocairí móra go léir ag brath ar dheontais stáit. Mar shampla, in earnáil na Gaeilge, roghnaigh cibé eagraíocht atá uait. Má tá an eagraíocht sin ag déanamh stocaireachta ar an rialtas agus má tá guth róláidir acu, bainfear an deontas díobh. Ní oibreoidh sé sin go brách. Tá spéis agam breathnú ar fhoinsí airgeadais na ngrúpaí brústocaireachta. Ba cheart go mbeadh níos mó acu sin sa tír," ar sé.

Tá Daithí den tuairim gur buntáiste mór í an Ghaeilge ina shaol.

"Nuair a labhraíonn tú Gaeilge, faigheann tú i bhfad níos mó deiseanna chun rudaí a dhéanamh nach bhfaighfeá i mBéarla. Mar shampla, an mbeadh deis agam a bheith bainteach le féilte náisiúnta agus bunú club CLG, agus cláir raidió, agus rudaí mar sin, gan an Ghaeilge? Ní dóigh liom go mbeadh. Agus mé ag cur isteach ar an gclár seo, sheas na scileanna a d'fhorbair mé tríd an Ghaeilge liom agus láidrigh siad mo chás," ar sé.

Tá cúpla Gaeilgeoir eile i ndiaidh áiteanna a fháil ar an gclár seo freisin.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.wiprogram.org.

Seoladh leabhair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Meadhbh Ní Eadhra

SEOLFAR foilseachán nua, *Reshaping Ireland, 1550 - 1700*; *Colonization and its Consequences*, ag ócáid in Institiúid de Móra in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Dé Céadaoin seo chugainn. Is é an tOllamh Mícheál Mac Craith a sheolfaidh an leabhar nua ag 5in, agus labhróidh Uachtarán na hOllscoile, an Dr James Browne, agus an tOllamh Steven Ellis ón Roinn Staire, ag an ócáid freisin. Is bailiúchán aistí atá sa leabhar, scríofa in onóir don Ollamh Nicholas Canny, Stiúrthóir ar Institiúid de Móra agus an t-iar-Uachtarán is déanaí ar Acadamh Ríoga na hÉireann.

Is é Brian Mac Cuarta SJ a rinne eagarthóireacht ar an leabhar agus is iad Four Courts Press a d'fhoilsigh an leabhar. Tá fáilte roimh chách freastal ar an ócáid Dé Céadaoin agus cuirfear sóláistí ar fáil.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Muirear um Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha

Ceist: Tá teachín saoire agam san Iarthar mar aon le príomhtheach. Tá an mhaoin á díol agam faoi láthair agus dúnfaidh an díolachán i mBealtaine 2011. An gá don úinéir nua an Táille d'Áit Chónaithe nach í an Phríomháit Chónaithe í a íoc ar an maoin seo agus cén chaoi a n-aistrím an fhreagracht as dóibh?

Freagra:

IS é €200 ar gach maoin faoi d'úinéireacht (seachas do phríomhtheach) ar an 31 Márta gach bliain an Muirear um Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (ÁCPN) "táille don dara teach". Is é is ciall leis seo, má théann an díolachán ar aghaidh, tá tusa faoi dhliteanas don táille agus ní an t-úinéir nua (mar nach mbeidh siad ina n-úinéir go dtí tar éis an 31 Márta).

Tig leat an Muirear ÁCPN do 2011 a íoc ón 31 Marta 2011. Caithfidh tú an muirear a íoc faoin 30 Meitheamh gach bliain. Gearrtar táille dhéanach €20 as gach mí, nó cuid de mhí, tar éis an 30 Meitheamh. Tig leat íoc ar líne ag nppr.ie.

Tar éis duit an muirear a íoc tig leat fáltas a phriontáil ón gcóras ar líne nó seolfar fáltas chuig do sheoladh ríomhphoist má thug tú ceann le linn cláraithe. Féadfaidh tú a iarradh ar an údarás áitiúil teastas a thabhairt duit chomh maith a deir gur íoc tú an Muirear ÁCPN don bhliain. Ba cheart duit é seo a thabhairt don úinéir nua mar fhianaise íocaíochta. Tig leat tú féin a bhaint mar úinéir na maoine ar an suíomh gréasáin nppr.ie. Is leis an úinéir nua a bheidh sé an sin - murar é a bpríomháit chónaithe é - clárú mar úinéir an tí agus an muirear a íoc don bhliain dar gcionn.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh a chuireann seirbhís in aisce agus faoi rún ar fail don phobal 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121 nó (021 4521600).

Seolann láithreoir TG4 céim nua sa Ghaeilge in OÉ Gaillimh

Meadhbh Ní Eadhra

SHEOL láithreoir cáiliúil TG4, Eimear Ní Chonaola, céim nua pháirtaimseartha sa Ghaeilge Fheidhmeach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu. Tá an chéim á tairiscint i gcomhpháirt ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus ag Roinn na Gaeilge. Is é seo an t-aon chlár dá leithéid in Éirinn ina bhfuil céim sa Ghaeilge á tairiscint trí mheán na foghlama cumaisc. Tá an chéim nua seo dírithe ar fhoghlaimeoirí lánfhásta atá ag obair go lánaimseartha agus atá ag iarraidh céim ollscoile a bhaint amach. Bainfear leas as teicneolaíochtaí nuálacha leis an gcéim a sheachadadh. Déanfar an chéim a sheachadadh ar an idirlíon den chuid is mó agus dá réir sin beidh deis ag na mic léinn a gclár ama staidéir féin a leagan amach agus a chur in oiriúint dá stíl maireachtála féin. Ní bheidh scileanna ríomhaireachta riachtanach le tabhairt faoin gcéim mar go dtabharfar an oiliúint ríomhaireachta chuí do na rannpháirtithe ag tús an chúrsa.

Déanfar an chéim a sheachadadh in ionaid ar fud na tíre ag brath ar an éileamh agus clúdóidh an siollabas réimse leathan ábhar sa Ghaeilge chomhaimseartha. Cuirfear béim ar leith ar an litríocht, ar chultúr agus ar chomhthéacs comhaimseartha agus clúdófar scileanna proifisiúnta chomh maith, aistriúchán agus scileanna cumarsáide san áireamh.

Bhí Uachtarán na hOllscoile, An Dr James Browne, i láthair ag an ócáid seolta. Dúirt an tUachtarán, "Táim an-sásta go mbeidh an chéim nuálach seo ag tosú sa bhliain acadúil seo chugainn. Tá an Ollscoil ag iarraidh freastal ar fhoghlaimeoirí lánfhásta atá ag iarraidh dul ar ais sa chóras oideachais. Tabharfaidh an chéim seo an tsolúbthacht do dhaoine céim ollscoile a bhaint amach agus leanúint ar aghaidh lena saol gairmiúil ag an am céanna. Fáiltím roimh an gcéim seo."

Le tuilleadh eolais a fháil faoin gcéim seo nó leis an bhfoirm iarratais a fháil téigh go dtí www.oegaillimh.ie/acadamh nó www.oegaillimh.ie/gaeilge nó déan teagmháil le hÉamon Ó Cofaigh, 091 493802 nó eamon.ocofaigh@oegaillimh.ie

Crosfhocal 27.05.2011



NODANNA

TRASNA

1 Miotal, a ndéantar cannaí bia agus dí as (4)
4 Staidéar agus taighde ar leith, na Dáin mar shampla, in ollscoil (4)
8 Barr: déantar fuisce as seo (5)
9 An lámh lena mbeannaíonn tú féin... (4)
11 Rud nach bhfuil crua, scaoilte mar shampla (3)
12 Aosta (4)
14 Costasach (4)
14 Scamall (4)
16 Tarna, an dóú háit (4)
17 Mothúchán láidir ar son do phobail agus náisiún féin (7)
18 Cóngarach (3)
19 Téigh ar chos - faoi luas agus go tapa (4)
22 Dúshlán go gcaithfear a shárú (5)
23 Ar fud an domhain (7)
24 Toradh lenar cathaíodh Adamh sa ghairdín (3)
28 Daoine gur maith leat a bheith sa chomhluadar céanna leo (6)
29 Lá agus mí áirithe san fhéilire (4)
30 Cinneadh dul le ceann amháin thar cheann eile (5)
31 Créatúr beag draíochta (má chreideann tú ann) (4)

SÍOS

2 Aird, bealach (4)
3 Deirtear nár chóir ceann a dhéanamh ná a bhriseadh (3)
5 Tuairim iontaobhach, muiníneach agat faoi dhuine (4)
6 Aireacht agus cúraimí de chuid an rialtais (5)
7 Fág rud in áit nach féidir leat a chuimhneamh cén áit (5)
9 Líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i dtír (6)
10 Spás i dteach: ..... codlata, ... suite, ... folctha srl (6)
11 Druma Éireannach a buailtear leis an lámh (7)
13 Álainn, tarraingteach (nó lán de dhathanna) (7)
15 Ag dul ... go dtí an taobh amuigh (5)
20 Iarr ar dhuine teacht chugat (3)
21 Uirlis a úsáidtear le féar a ghearradh, saghas 'scian' leath chiorclach (6)
23 Slaghdán, ach níos measa b'fhéidir (5)
25 Caitheann tú é seo ar do chos (4)
26 Téigh sa tóir air dhuine, téigh ina dhiaidh (4)
27 Cuid, píosa beag (3)
28 Tiontaigh, cuir as líne dhíreach (3)

Crosfhocal 20.05.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Aodán Fullam
Co Chill Chainnigh

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 01.06.2011 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Scéalta na Réaltaí, Cúltaca agus Ár Scéal Féin

Is é seo a leanas píosaí nuachta scríofa ag daltaí bliain 4, Gaelcholáiste Cheatharlach:

Joe Cleere

Le Jenny Ní Dhubhchonna, Gaelcholáiste Cheatharlach

TÁ clú agus cáil bainte amach ag fear óg tallannach ó shráidbhaile Tigh an Raoireann i gContae Cheatharlach le blianta beaga anuas. Joe Cleere an t-ainm atá ar an duine seo, a bhfuil dul chun cinn mór déanta aige ar an stáitse ceol lena bhanna rac, 'Cleere'.

Bhí tallainne agus spéis san cheol léirithe ag Joe ó aois óg. Bhuaigh sé an Comórtas Amhráin 2fm sa bhliain 2006 leis an amhrán 'Queue'. Bhí duais airgid i gceist le seo, agus d'úsáid sé é chun forbairt a dhéanamh ar a chuid ceol agus ar bhanna a bhunú.

Fuair an singil cuid mhór casachtaí ar stáisiún raidió náisiúnta agus áitiúla.

Tá triúr san bhanna aige, agus seinneann siad an giotár leictreach, an dord ghiotár, na drumaí agus an pianó.

Bhuaigh an banna duais airgid Artlinks i 2008, duais a bhfuil buaite ag daoine de chaighdeán Cathy Davey.

Chun méid a gcuid leanúnaí a mhéadú, san bhliain 2009 thug an banna amach 10,000 cóipeanna don singil 'Queue' saor in aisce mar chuid de dreasacht chun daoine a mhealladh suim a bheith acu i gceol nua Éireannach.

Tá siad tar éis tacaíocht a thabhairt d'achtanna móra ceoil cosúil le The Script, The Blizzards, Status Quo, Cathy Davey, agus don seachmalltóir Keith Barry cheana féin Tá scéal taobh thiar de gach amhrán acu, iad go léir mínithe acu ar chúl an albaim East/West, a d'eisíodar san bhliain 2010. Bhí máistreacht déanta ar an albam seo i Fretless Records i Nua Eabhrac, an áit céanna le daoine cáiliúla cosúil le The Strokes agus The Velvet Underground.

Is léir go bhfuil an-chuid déanta ag an fhear díograiseach seo, agus taispeánann sé dúinn nach bhfuil cúlra mór ceoil agus cairde saibhre tábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh san saol seo.

CLG Gaelcholáiste Cheatharlach

Pádraig Ó Cuirc Bolta.

SEO sliocht nuachta faoin gcúrsa peile atá ar siúl ag bliain 4 i nGaelcholáiste Cheatharlach. Tá seisear dalta déag ag glacadh páirt. Bhí ar na daltaí ceithre sheachtain a chaitheamh ag foghlaim conas seisiún traenalá a chur ar siúl ó Brendan Hayden. Don chéad tseachtain chaith na daltaí an trí rang deirneacha i seomra ag foghlaim conas labhairt le grúpa mór agus ag foghlaim conas na scileanna simplí a mhúineadh. An dara sheachtain rinne Brenden Hayden seisiún beag. Thaispeáin sé dúinn conas an cholainn a théamh, druileanna scil agus cluiche beag a eagrú. Don tríú agus don cheathrú seachtain lig Brenden do na daltaí seisiún traenalá a dhéanamh. Bhí sé i bhfad níos deacra tréanáil a eagrú ná mar a bhí sé chun páirt a ghlacadh mar imreoir. Cé go raibh beagnach gach duine sa ghrúpa ag imirt peile agus ag dul go dtí traenáil leis an gclub áitiúl ó aois deich mbliana!

Nuair a chuamar síos go dtí an Ghaelscoil chun ár gcéad seisiún traenalá a dhéanamh leis na páistí beaga bhí mé an neirbhíseach. Roinn Brenden Hayden na daltaí suas ionas go raibh rang idir gach beirt. Ar deireadh bhí an-chraic agus spraoi ag gach duine. Chabhraigh na múinteoirí foirne a phiocadh don chluiche ag deireadh an traenalá. D'fhoghlaim na paistí alán scileanna peile nua agus d'fheabhsaigh siad na scileanna a bhí ar eolas acu cheana féin.

Is cinnte gur rud maith é an cúrsa CLG agus táim cinnte go leanfaidh sé ar aghaidh go deo!

Caladh Nua

Eoin Lúc Ó Ceallaigh, Gaelcholáiste Cheatharlach

D'EISIGH an banna 'Caladh Nua' a dara albam 'Next Stop' san amharclann George Bernard Shaw i gCeatharlach le déanaí. Is banna ceol traidisiúnta iad le baill ó Oir-Dheisceart na hÉireann. Is as Ceatharlach iad Lisa De Buitléir agus Eoin Ó Meachair, is as Co. Phort Láirge de Paddy Tutty agus Derek Morrissey agus ó Chill Chainnigh a dtagann Colm Ó Caoimh.

Tháinig an banna le chéile go luath sa bhliain 2009 agus ó shin tá siad tar éis ainm a dhéanamh dóibh féin i measc na gceoltóirí traidisiúnta in Éirinn agus thar lear. Bhí a gcéad albam 'Happy Days' cuíosach rathúil ó d'eisigh siad é i 2009 ach tá ard-dóchasaí acu le haghaidh an albam nua seo.

Tá fuaim iontach ag an mbanna seo agus tá siad tar éis aird muintir na hÉireann i Meiriceá a fháil. Deir 'American Public Radio' gur "Banna óg iontach iad. Táimid chun a lán dá gceoil a sheinnt. Dár linn beidh siad thart ar feadh tamall fada."

Is í Lisa De Buitléir príomhamhránaí an ghrúpa agus tá guth speisialta aici a dhéanann sárshaothar de gach amhráin a chanann sí. Ní hí an t-aon amhránaí sa ghrúpa áfach agus tá an giotaradóir féin-mhúinte ó Chill Chainnigh, Colm Ó Caoimh, go maith in ann a ghuth a úsáid chomh maith! Déanann siad amhrán ionstraimeach den scoth freisin ag úsáid an raon mór uirlisí ina bhfuil siad oilte. Na huirlisí atá ar fáil acu ná bainseó, maindilín, feadóg stáin, bodhrán, fidil, vióla, bosca ceol, basúcaí agus giotár.

Ceapaim go bhfuil an grúpa seo chun rudaí móra a bhaint amach ó thaobh an ceol traidisiúnta de agus nuair a théann siad thar lear is ambasadóir iontacha iad ar son na hÉireann. Gúim gach rath orthu san todhchaí agus táim ag tnúth le níos mó a chloisint uathu.

Dul abhaile nó dul go Ceatharlach?

Le Conor Ó Murchú
Bliain 4 Gaelcholáiste Cheatharlach.

SA lá atá inniu ann níl aon rud le déanamh i Muine Bheag. Tá easpa acmhainní sa bhaile le haghaidh déagóirí agus daoine óga.

Inniu is é an t-aon rud atá ann le haghaidh daoine óga ná stáisiún traenach, chun dul go baile Cheatharlach nó Cill Channaigh. Níl aon rud suimiúil i Muine Bheag seachas an linn snámha i rith an tsamhraidh, ach fós féin níl sé sin ina aonair suimiúil go leor. Má tá bia nó siamsaíocht ag teastáil caithfidh tú dul abhaile nó dul go Ceatharlach! I mbaile le daonra cosúil le Muine Bheag níl sé seo sásúil ar chor ar bith! Caithfidh an chomhairle chontae rud éigin a dhéanamh faoi.

Ceapaim go bhfuil cúpla rudaí éascaí a d'fhéadfadh an chomhairle á dhéanamh cosúil le díon a chuir ar an linn snámha agus é a choimeád ar oscailt don bhliain ar fad nó an phictiúrlann a athoscailt agus cúpla físeanna á chur ar súil i rith an tsamhraidh. Dá ndéanfadh an chomhairle cúpla rud mar seo gheobhaidís airgead agus na daoine óga a spreagadh le bheith gníomhach ina mbaile féin.



Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta

Hi agus fáilte go PopNuacht na seachtaine ar Raidió Rí-Rá, liomsa Síne Nic an Ailí!

Tá ráfla cloiste againn anseo i bPopNuacht gur boigéisí mór millteanach é Tinie Tempah! B'fhéidir go gcuireann an rapcheoltóir gothaí air féin gur fear cruachroíoch atá ann, ach tugann Tinie aire dá mháthair thar aon rud eile ag deireadh an lae is léir. In ainneoin go raibh sé féin gafa ar camchuairt nuair a tháinig Dolly Parton chuig Londain le déanaí, rinne Tinie cinnte de go raibh deis ag a mháthair Rosemary agus ag deirfiúr leis, Kelly, dul chun bualadh le Dolly sa Savoy. Is leantóir ollmhór den amhránaí cheol tuaithe í máthair Tinie agus bhí an rapcheoltóir ar mhuin na muice go bhféadfadh sé an cruinniú príobháideach a shocrú leis an amhránaí di. De réir dealraimh, dúirt Dolly gur chuala sí an t-amhrán Pass Out de chuid Tinie agus gur thaitin sé léi, agus d'iarr máthair Tinie uirthi teacht chun é a fheiceáil sa Stad Wembley i mí na Samhna. Seans go mbeidh díséad i ndán do Tinie le Dolly amach anseo fiú!



Tá sé cloiste againn anseo i bPopNuacht go bhfuil an t-ainm 4 tugtha ag Beyoncé dá halbam nua! Is cosúil go raibh ainm agus coincheap iomlán éagsúil beartaithe ag an amhránaí don albam úr, ach shocraigh sí cloígh leis an uimhir 4 mar ainm toisc gur sin a bhí á thabhairt ag leantóirí dá cuid ar an albam, fad agus a bhí sí ag obair air. Seo an ceathrú albam aonair ón amhránaí de cháil an ghrúpa Destiny's Child agus tá tábhacht ar leith ag baint leis an uimhir 4 do Beyoncé. Rugadh í ar an 4 Meán Fómhair, breithlá a máthar agus cairde léi atá ann, agus phós sí an rapcheoltóir Jay Z ar an 4 den cheathrú mí, ar an 4 Aibreán 2008. Thug an t-amhránaí le fios go ndearna sí breis agus 60 amhrán a thaifead don albam nua, ach ní bheidh ach na cinn is fearr acu siúd le cloisteáil ar an saothar deireanach a bheidh ar díol an mhí seo chugainn. Ní fada uainn anois é!

Tá gliondar orainn a thuairisciú go bhfuil na Killers ag tabhairt aghaidh ar an stiúideo arís an tseachtain seo i ndiaidh briseadh bliana a ghlacadh anuraidh! Thug an drumadóir Ronnie Vanucci le fios le déanaí go bhfuil an banna ag súil go mór le hamhráin a scríobh agus nach raibh aon amhras ar an ngrúpa ach go mbeadh siad ar ais ag ceol le chéile arís. In ainneoin go bhfuil ag éirí thar cionn le gairm aonair Brandon Flowers, príomhamhránaí an bhanna, creideann Ronnie go bhfuil rud speisialta ar leith ag baint lena chuid ceol mar ghrúpa agus beidh siad ag obair go dian ar cheathrú albam na Killers sna míonna amach romhainn. Beidh Ronnie ag obair ar thogra aonair dá chuid féin fad agus atá sé i mbun oibre leis na Killers freisin, agus dúirt sé gur fhoghlaim a bhanna Big Talk go leor ó stíl chumadóireachta agus scríbhneoireachta Brandon. Beidh an chéad albam dá chuid ar fáil i mí Iúil i mbliana agus ní féidir linne i Raidió Rí-Rá fanacht len'é a chloisteáil!

Tá Lady Gaga á lorg ag Quentin Tarantino is cosúil! Más fíor do na ráflaí, rinne an stiúrthóir iomráiteach iarracht an t-amhránaí a mhealladh chun ról a ghlacadh sa chéad scannán eile dá chuid le déanaí. Conas? D'iarr sé ar Brad Pitt agus Angelina Jolie bualadh léi dar ndóigh! Is cairde móra de chuid Tarantino iad Brangelina agus is duine de lucht leanúna na beirte í Lady Gaga de réir dealraimh. Thug Quentin cuireadh do na haisteoirí bualadh leis an amhránaí ag an bhféile scannánaíochta i gCannes níos luaithe an mhí seo, agus thug Gaga cuireadh dóibh teacht chuig an gceolchoirm ollmhór a bhí á casadh aici ag an bhféile. Thug Quentin frapa ón scannán Kill Bill ar iasacht do Lady Gaga dá físeán don amhrán Telephone roimhe seo freisin, ach beidh le feiceáil ar éirigh leis an t-amhránaí a mhealladh chun aisteoireachta dó amach anseo!



Éist leis an bPopNuacht seo mar audio mp3 ag www.rrr.ie/popnuacht-23-bealtaine-2011 agus íoschóipeáil app nua Raidió Rí-Rá IN AISCE ó iTunes trí www.rrr.ie/iphone/ chun scoth an cheoil ó na cairteacha a chloisteáil ar do ghuthán 24/7!

Comórtas Nuacht na nÓg d'Iriseoirí óga an todhchaí

I gcomhair le Gael Linn agus SOCOS

An bhfuil suim agat san iriseoireacht? Tá Nuacht na nÓg agus SOCOS ag tabhairt seans duit MP4 a bhuachan gach mí. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach mí agus beidh na buaiteoirí míosúla san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann de Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Seol iarratas chuig: caroline.nichualain@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheann teideal air. Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig: 'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co, na Gaillimhe.

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSPS Dúlagar

Céard is dúlagar ann?

Mothaíonn gach duine brónach agus míshásta ó am go ham. Ach níor cheart go mbeifeá ag mothú brónach agus míshásta gach lá. Ní drochghiúmar amháin atá i gceist leis an dúlagar a bheith ar dhéagóirí. Is fadhb thromchúiseach é agus bíonn éifeacht aige ar gach gné de shaol déagóra. Mura bhfaightear cóir leighis in am don dúlagar is féidir fadhbanna a bheith ann ar scoil agus sa bhaile, mar shampla mí-úsáid drugaí, foréigean agus lámh ina mbás féin.

Tá cóir leighis le fáil ag déagóirí atá ag fulaingt de dheasca an dúlagair agus is féidir leatsa mar thuismitheoir, múinteoir nó cara a bhfuil imní ort cúnamh a thabhairt dóibh. Is féidir leat tosú amach trí na comharthaí a bhaineann le dúlagar a fhoghlaim.

Comharthaí den dúlagar

- Ag mothú brónach agus gan aon dóchas
- Fearg
- A bheith ag caoineadh go rialta
- Gan a bheith ag caint le cairde ná leis an teaghlach
- Easpa suime i ngníomhaíochtaí
- Athrú i nósanna ite agus codlata
- Easpa spreagtha agus suime sa saol
- Ag mothú nach bhfuil mórán luacha leat mar dhuine
- Deacrachtaí aird a dhíriú ar aon rud
- Smaointe faoin mbás agus faoi lámh a chur ina mbás féin

An dúlagar a sheachaint

Is féidir an dúlagar a sheachaint ar na dóigheanna seo a leanas:

- Meon aigne sláintiúil a fhorbairt
- Do chuid ama a bhainistiú i gceart
- Labhairt faoi do chuid mothúchán
- Labhairt le duine má tá fadhb agat
- Déileáil le strus

Ag deileáil leis an dúlagar

Riocht sláinte is ea an dúlagar. Ní thiocfaidh aon duine as an dúlagar gan chúnamh. Caithfear cóir leighis nó comhairleoireacht, nó meascán den dá rud, a chur ar fáil do dhéagóir atá ag fulaingt leis an dúlagar.

Aware

Gníomhaireacht tacaíochta dúlagair is ea Aware a thugann cúnamh faoi rún do dhaoine atá ag fulaingt leis an dúlagar. Is féidir glaoch ar líne chabhrach Aware ag 1890 303 302.

The Samartians

Soláthraíonn na Samartians líne chabhrach freisin do dhaoine atá faoi dhúlagar nó a dteastaíonn cúnamh uathu. Is é líne chabhrach na Samartians ná 1850 60 90 90.

Gluais

Dúlagar - depression
cóir leighis - treatment
foréigean - violence
nósanna - habits
gníomhaireacht - agency



OSSP Dlíthe Tomhaltais

Leagann dlíthe tomhaltais síos na cearta atá againn mar thomhaltóirí. In Éirinn tá dhá phríomhdhlí ann:

- An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978
- An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.

Cosnaíonn na dlíthe seo sinn in aghaidh eolais mhíchruinn a chuireann deontóirí agus miondíoltóirí ar fáil. Déanann na dlíthe seo imlíne freisin ar ár gcearta má cheannaíonn muid earraí lochtacha nó seirbhísí nach bhfuil sásúil.

De réir an dlí:

- caithfidh earraí a bheith de chaighdeán maith agus in ann an jab atá le déanamh acu a dhéanamh
- caithfidh earraí a bheith mar a chéile leis an gcur síos atá déanta i dtaca le hearraí samplacha
- caithfear an praghas a bheith léirithe go soiléir

Mura bhfuil na hearraí den chaighdeán luaite thuas tá cearta áirithe agat faoi dhlíthe tomhaltais. Tá tú i dteideal:

- Deisiúchán
- Earra in Ionad an earra lochtaigh
- Aisíoca

Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a fhaigheann tú is féidir leat dul chuig Cúirt na nÉileamh Beag.

Gluais

Tomhaltóir - consumer
An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí - The Consumer Information Act
An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí - The Sale of Goods and Supply of Services Act
earraí lochtacha - faulty goods
Deisiúchán - Repair
Aisíoc - Replacement
Cúirt na n-Éileamh Beag - Small Claims Court.

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

Sraith pictiúr – "Ná hith an taoschnó sin!"

Déan cur síos de bhéal ar an scéal atá ag tarlú sa tsraith pictiúr.
Déan cur síos ar na mothúcháin atá le feiceáil ar na carachtair.



GAELSCÉAL
Dé hAoine, 27 Bealtaine, 2011

Comórtas Peile na

Táthar ag súil le 10,000 ar an Fhál Carrach!

Gráinne McElwain

IS ar Chloich Cheann Fhaola, i dtuaisceart Dhún na nGall, a bheas lucht leanta agus imreoirí na Gaeltachta ag tabhairt aghaidh ar an 5ú Meitheamh chun páirt a ghlacadh i gComórtas Peile na Gaeltachta 2011. Seo an chéad uair ó 1998 go bhfuil an comórtas á reachtáil sa cheantar agus d'éirigh leis an Chlub Craobh Sinsir na Gaeltachta a bhuachan in 1992 nuair a bhuail siad an Cheathrú Rua agus arís in 1993 nuair a theip ar Naomh Anna, Leitir Móir as Conamara an lámh in uachtar a fháil orthu.

Den chéad uair le fada beidh na cluichí leathcheannais sinsir á gcraoladh beo ar TG4 ar an Domhnach agus an cluiche ceannais beo chomh maith ar an Luan. Mar is gnách beidh meitheal spóirt RTÉ Raidió na Gaeltachta ag clúdach na gcluichí ar fad beo thar an deireadh seachtaine.

Creidtear go bhfeicfear suas le deich míle duine timpeall na háite ag féachaint ar na cluichí agus ag baint suilt as na himeachtaí éagsúla a bheidh ar siúl. Bhuaigh Béal an Mhuirthead ó Mhaigh Eo craobh na sinsear anuraidh agus is iad an Spidéal as Gaillimh a bhuaigh comórtas na sóisear.

Dé hAoine 3ú Meitheamh

7.00in: Réamhbhabhta: Cloch Cheann Fhaola v Naomh Mhuire (Sóisir)
Dé Sathairn 4ú Meitheamh
11.00rn: Ceathrú Ceannais: Na Gaeil Óga v Móin Dearg (Sóisir)
11.00rn: Ceathrú Ceannais: Laochra Loch Laoi v An Seanphobal (Sóisir)
12.30in: Ceathrú Ceannais: An Fhairche v Baile an Chaisil (Sóisir)
12.30in: Réamhbhabhta: An Ghaeltacht v An Rinn (Sinsir)
2.00in: Ceathrú Ceannais: Cloch Cheann Fhaola/ Naomh Mhuire v Clann na nGael (Sóisir)
2.00in: Ceathrú Ceannais: Béal an Mhuirthead v Naomh Abán (Sinsir)
3.30in: Ceathrú Ceannais: Gleann tSuilí v Maigh Cuilinn (Sinsir)
7.00in: Ceathrú Ceannais: Acaill v An Ghaeltacht / An Rinn (Sinsir)

Dé Domhnaigh 5ú Meitheamh

12.00in: Peil na mBan: An Tearmann v Laochra Loch Laoi
2.00in: Cluiche Leathcheannais: Na Gaeil Óga/ Móin Dearg v Laochra Loch Laoi/ An Seanphobal (Sóisir)
3.30in: Cluiche Leathcheannais: An Fhairche/ Baile an Chaisil v Cloch Cheann Fhaola / Naomh Mhuire / Clann na nGael (Sóisir)
6.00in: Cluiche Leathcheannais: Béal an Mhuirthead / Naomh Abán v Cloch Cheann Fhaola (Sinsir)
7.30in: Cluiche Leathcheannais: Gleann tSuilí / Maigh Cuilinn v Acaill/ An Ghaeltacht / An Rinn (Sinsir)

Dé Luain 6ú Meitheamh

12.00in: Cluiche faoi 15 Sciath Niall Uí Ceallaigh: Gaoth Dobhair v Na Rossa
2.00in: Cluiche Ceannais Sóisir
4.00in: Cluiche Ceannais Sinsir
6.00in: Cluiche Ceannais Pheil na mBan

Atmaisféar 'Dochreidte' i gCloch Cheann Fhaola

Gráinne McElwain

"TÁ stair mhaith ag an chlub seo i gComórtas Peile na Gaeltachta," a deir Donnchadha Ó Baoill, leas-chaptaen Chloch Cheann Fhaola. "Bhuaigh muid an comórtas in 1992 agus 1993 nuair a bhí Seosamh Mac Gairbheith, bainisteoir na foirne atá againn inniu, ag imirt."

"Is rud iontach bródúil é Comórtas Peile na Gaeltachta a bheith i do cheantar féin agus tá mé féin ag dúil go mór leis anois. Thosaigh muid ag traenáil sa gheimhreadh agus bhí muid ag traenáil faoi dhó i rith na seachtaine seo agus beidh deis againn a dhul ag traenáil arís ar an deireadh seachtaine mar nach bhfuil aon chluiche againn i gCómortas na Sraithe A sa chontae."

"Is muid na seanleaids anois agus mé féin tríocha bliain d'aois ach is cuimhin liom go maith 1998 nuair a tháinig mé isteach mar ionadaí. Bhí an-díomá orainn gur chaill muid an cluiche sin," a deir Donnchadha.

Mar go bhfuil Cloch Cheann Fhaola ag reachtáil an chomórtais, ciallaíonn sé go bhfuil siad cáilithe do na babhtaí leathcheannais agus is iad Béal an Mhuirthead ó Mhaigh Eo, seaimpíní an chomórtais sinsir ó anuraidh, nó Naomh Abán ó Bhaile Bhuirne i gCorcaigh, a bhuaigh an comórtas ocht n-uaire, a bheidh mar fhreasúra ar an Domhnach acu.

"Beidh cluiche fíor-chrua againn in aghaidh aon cheann den dá fhoireann sin. Tá siad an-láidir agus beidh sé deacair."

1998 an bhliain dheireanach gur éirigh le Cloch Cheann Fhaola dul chomh fada le Cluiche Ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta. Bhuail Ard a' Ratha iad le cúilín amháin agus ba iad Cloch Cheann Fhaola a bhí ag eagrú an chomórtais an bhliain sin chomh maith. Níl ach ceathrar a d'imir ar an lá sin fós ag imirt leis an fhoireann, sin iad Seosamh Ó Gallchóir, Pádraig Ó Dubhainn, Seosamh Ó Fríghill agus Donnchadha Ó Baoill.

"Is muid na seanleaids anois agus mé féin tríocha bliain d'aois ach is cuimhin liom go maith 1998 nuair a tháinig mé isteach mar ionadaí. Bhí an-díomá orainn gur chaill muid an cluiche sin," a deir Donnchadha.

"Is rud maith é Comórtas Peile na Gaeltachta do pharóistí agus tá gach duine tar éis tarraingt le chéile ag obair ar an pháirc, ar na seomraí feistis agus timpeall ar an bhaile chun gach rud a réiteach go maith. Seo rud mór do phobal na háite agus d'oibrigh gach duine saor in aisce. Is péintéir mé féin agus bhí mé féin faoi bhrú leis an méid oibre a bhí le déanamh ach bhain mé sult as. Bheadh sé deas airgead a fháil as," a deir Donnchadha agus é ag gáire.

"Tá cúrsaí eacnamaíochta tar éis cur isteach ar chlub s'againne cosúil le gach club eile ar fud na tíre ach buíochas le Dia níl muid chomh dona sin as. Tá imreoirí imithe ag coláiste agus roinnt ag dul go Meiriceá ach sin mar a bhíonn. Ach tá an obair chrua déanta anois agus gach duine ag súil go mór leis na sluaite agus na foirne a bheidh ag teacht. Tá atmaisféar dochreidte timpeall na háite."

Meitheal agus Spiorad na nDaoine

Gráinne McElwain

"BUNAÍODH club Chloch Cheann Fhaola i 1920 ach tá fianaise ann go raibh cluichí sa chlub ó 1918 ar aghaidh ach gur cuireadh tús leis mar is ceart sa bhliain 1920" a deir Danny "Rua" Ó Gallchóir, ar as Cloch Cheann Fhaola dó.

"Cuireadh ceist orm a bheith i gceannas ar an leabhar (do Chomórtas Peile na Gaeltachta) agus táim sásta é a dhéanamh. Thosaigh mé ag obair air ag an cháisc agus ná bí ag caint ar obair. Tá go leor oibre i gceist agus cheana féin táim seachtain mall ag dul go dtí na foilsitheoirí ach bhí na clubanna go maith ag seoladh eolais ar aghaidh chugam, bhain mé sult as agus is é an rud is tábhachtaí ná go mbeidh an leabhar againn in am."

"Tá ceangal maith idir imreoirí contae agus an club le blianta beaga anuas agus faoi láthair tá Caoimhín Ó Maolchiaráin ar phainéal Dhún na nGall agus bhí Donnchadha Ó Baoill agus Seosamh Ó Fríghill ar an phainéal nuair a bhuaigh Dún na nGall cluiche ceannais na sraithe i Roinn a hAon don chéad uair in 2007. Is é Pól Ó Ceallaigh duine de na laochra is mó a bhí ag club s'againne agus d'imir sé le Dún na nGall idir 1957-1971. Ina theannta sin, d'imir Finn Ó Gallchóir, laoch eile den chlub, leis an chontae ó 1956-1967."

"Táim féin i mo chónaí anois i gCaisleán an Bharraigh ach táim ag súil go mór le Comórtas Peile na Gaeltachta. Tháinig an pobal uilig le chéile agus bhí thart fán 80 duine ag obair go deonach agus gan na daoine seo, ní bheadh mórán oibre déanta. Ní bhfuair muid na deontais chéanna agus a fuair Béal an Mhuirthead anuraidh mar nach bhfuil an t-airgead céanna sa tír anois nó ag Údarás na Gaeltachta nó Roinn na Gaeltachta. Ach fan go bhfeicfidh tú an obair atá déanta timpeall na páirce idir seomraí feistis a thógáil, leictreachas, péintéireacht, píopaí agus cosáin curtha síos. Tá sé iontach uilig agus gach rud déanta saor in aisce. Tá dífhostaíocht i gCloch Cheann Fhaola cosúil le go leor áiteanna eile timpeall na tíre agus thug an obair sin misneach do dhaoine agus cúis dóibh éirí gach maidin. Táim an-bhródúil as an méid oibre a rinne muid. Cuireann sé spiorad na meithle sna daoine ."

"Tá an-bhaint againn le Comórtas Peile na Gaeltachta agus bhuaigh muid an comórtas i 1992 agus 1993. Tá gach rud réidh don deireadh seachtaine agus mholfainn do dhaoine teacht. Níl ann anois ach guí ar aimsir mhaith."

Gaeltachta 2011

Maigh Chuilinn : Seans Iontach Ár dTraidisiún a Láidriú

Gráinne McElwain

"SEO an chéad bhliain ag Maigh Cuilinn le timpeall 12 bliain anuas gur éirigh linn teacht amach as Gaillimh agus dul chomh fada leis an deireadh seachtaine mór i gComórtas Peile na Gaeltachta," a deir Pádraic Ó Coirc, bainisteoir Mhaigh Cuilinn.

Is as Ros Comáin do Phádraic ó dhúchas ach tá sé ina chónaí i Maigh Cuilinn anois agus d'fhoghlaim Gaeilge idir an dá linn.

"Tá Comórtas Peile na Gaeltachta tábhachtach dúinn ar dhá bhealach, uimhir a haon go bhfuil deis againn an Ghaeilge agus an traidisiún a cheangal le chéile. Ní hé Maigh Cuilinn an ceantar Gaeilge is mó timpeall Chonamara agus seo deis iontach dúinn an nasc idir an Ghaeilge agus an traidisiún a chur chun cinn. Tá sé sin fíor-tháb-hachtach dúinn. Chomh maith, is píosa fada ó bhí muid ann. Ghlac Maigh Cuilinn páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta den chéad uair in 1971 agus bhuaigh muid an comórtas an bhliain sin, an bhliain dheireanach gur tharla sé sin ach tá muid an-sásta a bheith ar ais arís."

Bunaíodh club Mhaigh Cuilinn in 1912 agus ar ndóigh is iad an bua i gComórtas Peile na Gaeltachta in 1971 agus Craobh Idirmheánach na hÉireann in 2008 na buaicphointí peile a sheasann amach dóibh. Ach ceann de na cúiseanna nár éirigh le Maigh Cuilinn dul ar ais go Comórtas Peile na Gaeltachta le fada ná an iomaíocht a bhíonn ar siúl idir na foirne Gaeltachta i nGaillimh. "Nuair a smaoiníonn tú ar na foirne atá ann, foirne ar nós na Ceathrún Rua, Bhearna agus Leitir Mór, ní haon ionadh go bhfuil sé deacair teacht amach as an chontae. Chomh maith, ní raibh gach imreoir againn ar fáil le himirt sna cluichí cáilithe sin. An deireadh seachtaine seo chugainn, beidh beagnach gach imreoir againn ach níl mé cinnte fós an mbeidh Gareth Bradshaw linn, tá sé gortaithe faoi láthair agus beidh cluiche mór aige le foireann na Gaillimhe i gceann cúpla seachtain in aghaidh Mhaigh Eo. Fiú má bhíonn sé in ann imirt, níl a fhios agam an bhfaighidh sé cead," a deir Pádraic.

Rinne Óstán Loch Altan urraíocht ar Fhoireann Peile na mBan CLG Chloich Cheann Fhaola an tseachtain seo trí gheansaithe nua peile a bhronnadh ar an bhfoireann. Sa phictiúr ó chlé tá: Máire Mhic Mánais, imreoir; Máire B Mhic Aoidh, imreoir & cisteoir ar Choiste Peile na mBan; Seán McElwee, Bainisteoir Ginearálta ar Óstán Loch Altan; Bairbre Uí Fhearraigh, imreoir & Cathaoirleach ar Choiste Peile na mBan; Caitríona Montgomery, imreoir; Tomás Ó Feinneadha, Bainisteoir ar Fhoireann Peile na mBan; agus Pauline Mhic Gairbhe, Rúnaí ar Choiste Peile na mBan CLG Chloich Cheann Fhaola. PIC: JUDY NÍ ÓGÁIN

Tús Maith ag Mná Laochra Loch Laoi

Gráinne McElwain

BUNAÍODH Cumann Laochra Loch Laoi, foireann peile na Ceathrún Gaeltachta i mBéal Feirste, ag deireadh na bliana 2006 agus ghlac foireann na bhfear páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta den chéad uair anuraidh. Thóg mná an chumainn inspioraid as an éacht a rinne na fir agus shocraigh siad foireann peile na mban a bhunú agus iad a chur chun páirce in am do chomórtas na bliana seo i nDún na nGall.

"Anuraidh, bhí mé an-tógtha leis an méid Gaeilgeoirí ó fud fad na tíre a bhí i mBéal an Mhuirthead agus cé chomh maith is a bhí an deireadh seachtaine. Bhí sé iontach ár spórt agus ár dteanga a cheiliúradh agus bhuail muid le go leor leor daoine ó áiteanna difriúla sa tír," a deir Maighréad Nic Oitir, duine de na himreoirí a chuir tús leis an fhoireann agus atá ag imirt sna tosaithe le Laochra Loch Laoi.

Tá timpeall fiche imreoir faoi láthair ar an phainéal agus tagann na mná ó chúpla cumann áitiúil, Naomh Pól, Gort na Móna agus Naomh Gall ina measc. "Is comhfhoireann muid agus tá na cailíní in ann imirt lena gclub féin agus le Laochra Loch Laoi. Seo deis iontach d'imreoirí le Gaeilge teacht le chéile chun peil ghaelach a imirt agus Gaeilge a labhairt ag an am céanna. Amach anseo, bheadh dúil againn ár bhfoireann féin a bhunú ag tosnú faoi aois ach sin amach anseo" a deir Maighréad.

"Níl ach ceithre chlub do mhná i mBéal Feirste agus ag an tús bhí sé deacair cailíní a fháil ach is ag fás atá Peil na mBan na laethanta seo agus tá foireann mhaith againn anois le beirt imreoir contae ar an fhoireann, sin iad Kathleen McGee agus Mairéad Cooper. Ceann de na deacrachtaí is mó a bhí againn ná airgead a bhailiú ach d'eagraigh muid comórtas peile do mhná sa chlub i mí an Mhárta, 'Corn Cuimhneacháin Grieve' in ómós do Susan Grieve, máthair Mary atá ina múinteoir i gColáiste Feirste agus is ball í de Choiste Laochra Loch Laoi fosta. D'éirigh thar barr leis an chomórtas agus bhailigh muid £1800. Thug muid leath den airgead do Chumann Cliabhraigh, Croí agus Stróc Thuaisceart Éireann agus choimeád muid an leath eile agus é ag dul i dtreo Chomórtas Peile na Gaeltachta an deireadh seachtaine seo chugainn."

Is in aghaidh an Tearmainn as Dún na nGall a bheidh mná Laochra Loch Laoi agus tá a fhios ag Maighréad cé chomh deacair is a bheidh sé sin. "Rinne siad go hiontach i gcraobh s'acu féin anuraidh sa chontae agus is foireann iad atá thar barr. Tá muid ag dúil go mór leis an chluiche seo agus táim anmhuiníneach as ár bhfoireann ach tuigim go mbeidh cluiche crua ann."

Turas Fada ach Turas Fiúntach ag An Rinn

Gráinne McElwain

"OIDHREACHT, bród as do theanga féin agus stádas na Gaeltachta a cheiliúradh, na rudaí is mó a sheasann amach domsa faoi Chomórtas Peile na Gaeltachta" a deir Liam Ó Lionnáin, imreoir na Rinne agus a imríonn le foireann sinsir peile Phort Láirge.

Bunaíodh CLG na Rinne i 1890 agus ghlac siad páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta ó bunaíodh é i 1969. Bhuaigh siad comórtas chraobh na sóisear in 2008 i nGleann Colm Cille agus tá an Rinn ag imirt i ngrád na Sinsear ó shin. "Ba é sin ceann de na deirí seachtaine ab fhearr a bhí agam riamh. Bhí an chraic ar dóigh agus ní raibh aon duine ag ól agus cé go raibh ceithre chluiche chrua againn thar an deireadh seachtaine, bhí áthas an domhain orainn an comórtas a bhuachan" a deir Liam.

Ghortaigh Liam a chos go dona anuraidh ag imirt peile agus thóg sé ocht mí air teacht ar ais chuige féin. "Chuaigh mé ar ais ag traenáil leis an chontae i mí an Mhárta ach bhí sé róluath dom agus d'éirigh mé as. Dhírigh mé isteach ar an chlub agus thosaigh mé ag traenáil leis an chlub ag iarraidh cluichí a imirt agus dul i dtaithí ar na cluichí arís. Ní dheachaigh mé ar ais go dtí traenáil an chontae mar is ceart go dtí an tseachtain seo"

"Cé go bhfuil bainistíocht Phort Láirge ag iarraidh go mbeidh mé ar an phainéal ag an chluiche in aghaidh Chorcaí, mothaím nach bhfuil mé réidh fós don chaighdeán sin. Beidh mé i gCloch Cheann Fhaola agus tugann sé deis dom imirt ach táim ag smaoineamh dul síos go Páirc Uí Chaoimh maidin Dé Domhnaigh muna n-éireoidh linn sna cluichí Dé Sathairn" a deir Liam.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 27 Bealtaine, 2011

Ar an gclaí

Cúpla cluiche fíorspéisiúil i ndán dúinn an deireadh seachtaine seo

John Allen

TOSNAÍONN an séasúr iománaíochta i gceart an deireadh seachtaine seo le cúpla cluiche fíorspéisiúil. Ag féachaint siar ar stair an spóirt álainn seo níl mórán coimhlintí níos géire ná an ceann idir Corcaigh agus Tiobraid Árann. Ar an Domhnach beag seo i Staid Semple feicfimid an chaibidil is déanaí.

Arís téann seaimpíní na hÉireann isteach sa chluiche seo mar rogha na n-údar agus an ceart san acu . Nuair a chas na foirne céanna ar a chéile anuraidh ní raibh mórán ag súil go mbeadh an bua ag an fhoireann cois Laoi. I mbliana níl na saoithe ag súil go gcaillfidh Tiobraid Árann an uair seo.

Nach iontach mar a d'fhoghlaim na Tiobradaigh ón gcailliúint sin anuraidh. Bualadh amach an geata iad i bPáirc Uí Chaoimh ach bhí fhios ag an saol mór nach rabhadar imithe don séasúr. Bhí fhios acu féin go rabhadar i bhfad níos fearr ná an taispéantas sin.

Anois tá siad suite ar bharr an domhain iománaíochta, ach taobh amuigh de thaispeántas dochreidte i gcoinnne na Gaillimhe, ní rabhadar go hiontach sna cluichí sraithe. Chríochnaigh a gcluiche i gcoinne Chorcaí cothrom agus chailleadar dhá chluiche eile. Mar sin tá siad ag dul isteach sa chluiche seo agus, cé go bhfuil painéal thar a bheith láidir acu, ní dóigh liom go bhfuil an bainisteoir nua Declan Ryan sásta le dul chun cinn na foirne ó thosach na bliana.

Chomh maith leis sin níor éirigh leo an bua a fháil ar Chorcaigh sna trí chluiche dheireanacha a d'imríodar i gcoinne a chéile.

É sin ráite níl aon dabht ach go bhfuil raidhse iománaithe den scoth ag Tiobraid Árann agus fuílleach eile ag feitheamh go mí-fhoighneach ar an taobhlíne.

Bainisteoir Iomána Thiobráid Árainn, Declan Ryan. (Pic : Brian Lawless / SPORTSFILE)

Eoin Cadogan, Corcaigh - an mbeidh sé ábalta ról Sheáin Óig Uí Ailpín a ghlacadh? (PICTURE CREDIT: DAVID MAHER / SPORTSFILE)

Cad é mar sárthaispéantas a thug an fhoireann faoi 21 sa chraobhchluiche i gcoinne na Gaillimhe anuraidh. Ach níos luaithe sa bhliain bhí an t-ádh dearg orthu i aghaidh Chorcaí. Ba cheart go mbeadh an cluiche sin buaite ag an fhoireann cois Laoi ach ní mar sin a bhí agus chuaigh na Tiobradaigh ó neart go neart ina dhiaidh.

Ar an Domhnach seo ní bheidh aon eagla ar Chorcaigh roimh Thiobraid Árann. Tá na "stats" is déanaí leo agus tá traidisiún leo. Sin an chuid den traidisiún a deireann go mbuann an t-íochtarán minic go leor nuair a chasann an dá fhoireann seo ar a chéile. Tá fhios agam freisin go gcreideann na himreoirí gur féidir leo an cluiche seo a bhuachaint.

Ach an mbeidh foireann láidir go leor acu ar an bpáirc? Le deich mbliana anuas, tríd is tríd, bhí leantóirí an chontae sásta go leor le huimhreacha haon go naoi. Ní dóigh liom gur féidir an rud céanna a rá ag dul isteach sa chluiche seo.

Is mór an chailliúint é Seán Óg agus bheadh ceisteanna agam faoi Eoin Cadogan mar lánchúlaí. Beidh siad go mór faoi mhíbhuntáiste freisin gan Ronan Curran i lár na líne leathchúil. N'fheadar faoi dheantús lár na páirce ach bheinn dóchasach faoin líne lántosach.

Is mór an chailliúint é Seán Óg agus bheadh ceisteanna agam faoi Eoin Cadogan mar lánchúlaí . Beidh siad go mór faoi mhíbhuntáiste freisin gan Ronan Curran i lár na líne leathchúil. N'fheadar faoi dheantús lár na páirce ach bheinn dóchasach faoin líne lántosach .

Mar sin, muna dtarlaíonn rud éigin go mór as an gnáth (dar ndóigh, tarlaíonn go minic) ceapaim go mbeidh na Tiobradaigh ag seoladh ar aghaidh chuig an leathchraobh.

Roimh Nollaig nuair a deineadh na tarraingtí dos na craobhacha cúige, bhí leantóirí ag ceapadh nach mbeadh mórán idir Uíbh Fhailí agus BÁC. Ach tá an tírdhreach iomána athraithe go mór ó shin. Uíbh Fhailí díbeartha go dtí roinn a dó agus foireann na príomhchathrach mar sheaimpíní roinn a haon.

Ach fós tá tuairimí ann go bhfuil seans ag foireann Joe Dooley agus is dócha go bhfuil. Tá an téarma "craiceann banana" á úsáid faoin chluiche seo . Dar ndóigh le blianta beaga anuas ní bhíonn mórán idir na foirne seo.

Ach mar a fheicimse é má imríonn an dá fhoireann chomh maith agus is féidir leo buafaidh BÁC. Cheana féin tá an fhoireann lár tíre ag fógairt liosta fada gortuithe agus ceathrar, Joe Brady, Paul Cleary, David Franks agus James Rigney, cinnte as an gcluiche mór . Ní féidir le Uíbh Fhailí bheith ag imirt gan imreoirí mar seo mar níl a ndóthain imreoirí acu atá ar aon chaighdeán le himreoirí BÁC (agus an mhúinín nua atá acu ón mbua stairiúil sin le déanaí).

Níl foireann Anthony Daly gan a gcuid fadhbanna féin ó thaobh gortuithe de. Tá an captaen Stephen Hiney amuigh don séasúr, Joey Boland agus dhá mhí as fógartha dó agus anois Tomás Brady agus é ar an taobhlíne do chluiche an deireadh seachtaine.

Bhí cluiche dian acu i gcoinne Thiobraid Árann le déanaí agus cé gur chailleadar le cúl amháin, d'éirigh leo sé chúilín is fiche a scóráil i gcoinne fhoireann láidir na dTiobradach.

Tá siad lán de mhuinín faoi láthair agus beidh an lá leo ar an Domhnach.

Beir Bua.

SACAR

Rudaí le Socrú ó 2009

Manchain Aontaithe v. Barcelona, Sraith na Seaimpíní in Wembley, Londain, Dé Sathairn, 20:45

Gráinne McElwain

TÁ sé deacair gan rud mór a dhéanamh do chluiche na hoíche amárach nuair a chasfaidh Manchain Aontaithe agus Barcelona ar a chéile sa Chluiche Ceannais do Shraith na Seaimpíní in Wembley, Londain. Is iad Manchain Aontaithe, seaimpíní na príomhroinne i Sasana agus bhuaigh Barcelona an Primera Liga sa Spáinn. Beidh beirt de na bainisteoirí is fearr ar domhan le feiceáil ar an taobhlíne amárach agus níl easpa réaltaí móra ar an dá fhoireann agus beidh súile an domhain dírithe ar na himreoirí Wayne Rooney agus Lionel Messi.

Ryan Giggs, Manchain Aontaithe

Bhuaigh Manchain Aontaithe an comórtas seo in 2008 nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Chelsea ach chaill siad an bhliain dár gcionn in aghaidh Barcelona (0-2) ach níor imir Manchain Aontaithe go maith an lá sin, rud a chuir as go mór dóibh. Ó dhíol Alex Ferguson Christiano Ronaldo, tá an chuma ar an fhoireann nach bhfuil siad ag brath ar imreoir amháin níos mó agus tá feabhas iontach tagtha ar imirt Rooney ó thosaigh sé ag imirt san áit is fearr leis idir lár na páirce agus na tosaithe. Caithfear a rá gurb é síniú Javier Hernandez "Chicharito" an síniú is fearr atá déanta ag Manchain Aontaithe le fada an lá agus mothaíonn Rooney níos compordaí ag imirt leis. Tá fiche cúl aimsithe ag Hernandez an séasúr seo agus is bagairt mhór é féin agus Rooney do chosaint Barcelona. Níor las scileanna Wayne Rooney aon chluiche mór fós i mbliana ach tá sé anmhuiníneach na laethanta seo agus seo seans dó lonrú amárach.

Beidh ar Vidic, Ferdinand, Evra agus Fabio nó John O'Shea a bheith airdeallach ar thosaithe Barcelona atá maorga ag ionsaí. Feicfear Villa, Messi agus Pedro ar an fhoireann le Messi ainmnithe mar thosaí láir ach bí cinnte go mbeidh sé i ngach áit ar an pháirc. Is é Messi duine de na himreoirí is fearr ar domhan le 52 cúl aimsithe aige an séasúr seo agus bhuaigh sé an Ballon d'Or (Imreoir Eorpach na bliana) i mbliana don dara huair as a chéile. Comhartha dóchais do Mhanchain Aontaithe nach bhfuil cúl aimsithe aige i Sraith na Seaimpíní i Sasana go fóill, ach ní bheidh tú ag cur airgid air nach scórálfaidh sé amárach. Imreoidh Barcelona 4-3-3 agus ról lárnach ag Messi an imirt agus cluiche a stiúradh.

Seo an cluiche deireanach do chúl báire Mhanchain Aontaithe Edwin Van der Sar atá ag éirí as i ndiaidh an chluiche seo. Deirtear go mbeidh an cúl báire óg ó Atletico Madrid David De Gea ag teacht ina áit ach sin scéal do lá eile. Is iad Barcelona rogha na n-údar don chluiche seo ach bhí Manchain Aontaithe mar rogha na coitiantachta in 2009 nuair a bhuail na foirne seo in aghaidh a chéile agus chaill siad. Ní bheidh mórán eatarthu agus beidh Manchain Aontaithe ar an ionsaí ón tús. Tá súil agam go mbeidh cluiche oscailte agus féaráilte againn ón dá fhoireann agus nach bhfeicfidh muid imreoirí á gcaitheamh féin ar an talamh mar atá ag tarlú rómhinic na laethanta seo. Is in Wembley a bheas an cluiche, beidh Manchain níos giorra do bhaile ná Barcelona ach tá sé deacair dul in aghaidh neart na gCatalónach.

Lionel Messi, Barcelona

RUGBAÍ

Ag Dúil go Mór le Corn Heineken

Gráinne McElwain

BHÍ lucht tacaíochta Chúige Laighean ríméadach tar éis Corn Heineken a bhuachan an tseachtain seo caite agus cad chuige nach mbeadh agus an dóigh ar imir siad sa dara leath in aghaidh na Northampton Saints. Ach bhí Cúige Chonnacht an-sásta leis an bhua chomh maith, mar ciallaíonn sé go mbeidh siad féin ag imirt i gcomórtas mór le rá na hEorpa an bhliain seo chugainn.

"Tá sé deacair na mothúcháin a bhí agam ag deireadh an chluiche a chur in iúl" a deir Tim Allnutt, bainisteoir Chúige Chonnacht. " Ar lámh amháin bhí díomá orm nár éirigh le Connachta féin cáiliú don chomórtas agus go raibh muid ag brath ar fhoirne eile ach tá muid ag súil go mór le bheith ag imirt sa chomórtas seo an bhliain seo chugainn agus déanfaidh sé difear mór millteach do chúrsaí rugbaí sa cheantar seo."

"Is mó an t-athrú é dúinn agus beidh séasúr i bhfad níos déine againn ach beidh sé iontach. Is comórtas sár-mhaith é Corn Amlin Challenge ach tugann an Corn Heineken deis dúinn céim mhór a thógáil agus dul in iomaíocht leis na foirne móra san Eoraip ach ní leor é a bheith ag glacadh páirte ann, tá muid ag iarraidh fanacht ann."

"Imeoidh 16 imreoir ón chlub an samhradh seo ach tá muid an-sásta leis na himreoirí nua atá faighte againn. Tá muid fós ag cuartú duine a imreoidh sa lár ar an líne trí cheathrú agus bhí Benson Stanley ó na hAll Blacks in ainm a bheith ag teacht ach thit an socrú sin as a chéile ar chúis amháin nó ar chúis eile. Faoi láthair, tá muid ag fanacht ar fhreagra ar thairiscint atá déanta againn le himreoir mór le rá eile ón Leathsféar Theas agus ba chóir go mbeadh cinneadh déanta roimh dheireadh na seachtaine aigesean."

"Tugann Corn Heineken ardú céime dúinn ó thaobh urraitheoirí agus lucht tacaíochta de agus tagann níos mó maoinithe dá bharr. Beidh an tarraingt do Chorn Heineken don bhliain seo chugainn ag tarlú ar an 7 Meitheamh agus ba bhreá linn na foirne móra a fháil. De réir mar atá an tarraingt faoi láthair, bheadh muid in ann foireann mhór as an Fhrainc a fháil ar nós Biarritz, Toulouse nó Clermont-Auvergne, rogha idir dhá fhoireann ó Shraith Shasana agus foireann amháin ó Shraith Magners. Tá muid ag iarraidh, mar sin, taispeántas iontach an bhliain seo chugainn ionas nach ndéanfar dearmad go deo ar ár gcéad bhliain i gCorn Heineken."

Tim Allnutt, Bainisteoir Chúige Chonnacht
(PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE)

Bród na Muimhneach chun Cúige Laighean a Stopadh

Mumhain v Laighin, Páirc Thomond, Dé Sathairn, 17:05

Gráinne McElwain

IS dócha go bhfuil Cúige Laighean lánsásta leo féin an tseachtain seo tar éis comórtas Chorn Heineken a bhuachan an deireadh seachtaine seo caite don dara huair.

Ach nár bhreá le Cúige Mumhan iad a tharraingt anuas go talamh nuair a imreoidh siad in aghaidh a chéile i gCluiche Ceannais Shraith Magners amárach ag a cúig a chlog. Tá an-mheas ag an dá fhoireann seo ar a chéile ach níor mhaith le Cúige Mumhan géilleadh gur féidir le Cúige Laighean Corn Heineken agus Sraith Magners a bhaint in aon séasúr amháin, rud nach bhfuil déanta ag aon fhoireann Cheilteach agus rud a chuirfeadh Cúige Laighean chun cinn ar na Muimhnigh. Mar sin, bí ag súil le cluiche fíorfhisiciúil agus crua le Cúige Mumhan ag iarraidh a chur in iúl nach bhfuil siad chomh dona sin.

Mar is gnáth le Cúige Mumhan, bhí gach duine ag súil le séasúr iomráiteach uathu sa dá chomórtas ach tháinig críoch thobann le Corn Heineken i mbliana nuair a theip orthu cáiliú ó na babhtaí cáilithe, an chéad uair nár éirigh leo le 12 bhliain. Dhírigh siad isteach ar Chorn an Amlin Challenge agus cheap roinnt mhaith go raibh siad chun cinn ar na foirne eile sa chomórtas. Ach níor lean na Harlequins an script nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar na Muimhnigh i bPáirc Thumainn agus díbríodh amach as an dara comórtas Eorpach iad. Cé nár éirigh go maith le Cúige Mumhan san Eoraip, d'imir siad thar barr i Sraith Magners. Níor chaill siad ach trí chluiche as 22 agus chríochnaigh siad 13 phointe chun cinn ar Chúige Laighean a bhí sa dara háit ar chlár na bpointí. Chas siad leis na hOspreys sa bhabhta leathcheannais de Shraith Magners agus bhuaigh siad an cluiche sin 18-11. Seo an seans deireanach i mbliana ag Cúige Mumhan corn a bhuachan agus beidh siad go hiomlán díríthe ar an chluiche. Caithfidh siad feabhsú ón chluiche in aghaidh na hOspreys ach ní dóigh liom go mbeidh sé andeacair an fhoireann a ghríosú agus na geansaithe gorma amach rompu.

Cuimhnigh gur bhuaigh Cúige Laighean cúig chluiche as a chéile in aghaidh Chúige Mumhan, ach i mbabhta a 19 de Shraith Magners i bPáirc Thumainn cuireadh stop le sodar na Laighneach.

Beidh sé suimiúil a fheiceáil cén sórt meoin a bheas ag Cúige Laighean don chluiche seo. Thaispeáin siad fíorcharachtar in aghaidh na Northampton Saints i gCluiche Ceannais Chorn Heineken sa dara leath chun an lá a chrochadh leo agus seans maith go bhfuil siad spíonta tar éis an chluiche sin go fisiciúil agus san intinn. Níor thraenáil Nathan Hines, Seán O'Brien, Isaac Boss ná Gordon D'Arcy i rith na seachtaine mar gheall ar ghortuithe beaga atá ag cur as dóibh. Is é Gordon D'Arcy an imní is mó don chluiche amárach lena rúitín agus gualainn brúite.

Cuimhnigh gur bhuaigh Cúige Laighean cúig chluiche as a chéile in aghaidh Chúige Mumhan, ach i mbabhta a 19 de Shraith Magners i bPáirc Thumainn cuireadh stop le sodar na Laighneach. Ronan O'Gara a shábháil Cúige Mumhan le cic éirice ag deireadh na himeartha agus chríochnaigh sé 24-23. Sa chluiche sin, chonaic muid bród, paisean, scil, fisiciúlacht agus coimhlint ghéar agus beidh an cluiche amárach lán leis na tréithe céanna.

Mar sin, ba chóir go mbeadh cluiche den scoth againn os comhair fiche is a sé míle duine i bPáirc Thumainn agus an áit lán go doras. Seo an cluiche ceannais a raibh gach duine ag súil leis, lucht Shraith Magners ina measc. Is foireann fhíorbhródúil iad Cúige Mumhan nach bhfuil ag iarraidh cailleadh in aghaidh na sean-naimhde go háirithe sa bhaile.

Mothaím go ndéanfaidh sé sin difear amárach.

Troid fhíochmhar a bheas ann idir an dá threabh seo. (PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE)